

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *

19 Feabhra 2021



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Clár

I Gníomhartha reachtacha

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán (AE) 2021/250 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2021 lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 95/93 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le díolúine shealadach ó na rialacha maidir le húsáid slótán in aerfoirt an Aontais i ngeall ar ghéarchéim COVID-19 ⁽¹⁾ 1

II Gníomhartha neamhreachtacha

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán (CBES) 2021/251 ón gComhairle an 18 Feabhra 2021 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiombáib 9
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/252 ón gCoimisiún an 29 Eanáir 2021 lena ndéantar asbhaint ó na cuótaí iascaireachta Portaingéalacha le haghaidh ainseabhaí, de dheasca na ró-iascaireachta sa bhliain roimhe sin 12
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/253 ón gCoimisiún an 17 Feabhra 2021 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiombáib 15
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/254 ón gCoimisiún an 18 Feabhra 2021 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 agus (AE) 2020/1988 agus Rialachán (CE) Uimh. 218/2007 agus (CE) Uimh. 1518/2007 a mhéid a bhaineann le hallmhairiú táirgí de thionscnamh na Ríochta Aontaithe agus na táirgí sin a eisiamh ó na taraifchuótaí ag a bhfuil tréimhsí cuóta atá ar bun faoi láthair 17
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/255 ón gCoimisiún an 18 Feabhra 2021 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 lena leagtar síos bearta mionsonraithe le haghaidh chur chun feidhme na mbunchaighdeán comhchoiteann maidir le slándáil eitlíochta ⁽¹⁾ 23

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/256 ón gCoimisiún an 18 Feabhra 2021 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 798/2008 maidir le hiontráil na Ríochta Aontaithe ar an liosta de thríú tíortha, críocha, criosanna nó deighleoga óna bhféadfar tráchtarraí áirithe éanlaithe clóis a allmhairiú isteach san Aontas agus a bheith faoi bhealach tríd i ndáil le fliú éanúil ardphataigineach ⁽¹⁾ 36

CINNTÍ

- ★ Cinneadh (CBES) 2021/257 ón gComhairle an 18 Feabhra 2021 chun tacú le Plean Gníomhaíochta Osló le haghaidh chur chun feidhme Choinbhinsiún 1997 maidir le Toirmeasc ar Úsáid, Stoccharnadh, Táirgeadh agus Aistriú Mianach Frithphearsanra agus maidir lena nDíothú 41
- ★ Cinneadh (CBES) 2021/258 ón gComhairle an 18 Feabhra 2021 lena leasaítear Cinneadh 2011/101/CBES maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiombáib 51
- ★ Cinneadh (AE, Euratom) 2021/259 ón gCoimisiún an 10 Feabhra 2021 lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme maidir le slándáil thionsclaíoch i ndáil le deontais rúnaicmithe 55

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

I

(Gníomhartha reachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2021/250 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 16 Feabhra 2021

lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 95/93 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le díolúine shealadach ó na rialacha maidir le húsáid sliotán in aerfoirt an Aontais i ngeall ar ghéarchéim COVID-19

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽²⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Mar thoradh ar ghéarchéim COVID-19, tá laghdú gear ar an aerthrácht i ngeall ar an titim shuntasach ar éileamh agus ar bhearta díreacha atá déanta ag na Ballstáit agus ag tríú tíortha chun leathadh COVID-19 a choinneáil faoi smacht. Tá drochthionchar á imirt ar aeriompróirí ón 1 Márta 2020, agus is dócha go leanfaidh sé seo ar aghaidh sna blianta amach romhainn.
- (2) Níl neart ag aeriompróirí ar na cúinsí sin agus, dá dheasca sin, cuireadh a gcuid aersheirbhísí ar ceal go deonach nó go héigeantach. Go háirithe, le cealuithe deonacha, cosnaítear sláinte airgeadais aeriompróirí agus seachnaítear tionchar diúltach comhshaoil de bharr eitiltí atá folamh nó beagnach folamh, nach n-oibrítear ach chun sliotán na n-aeriompróirí a choinneáil.
- (3) Léirítear leis na figiúirí arna bhfoilsíú ag Eurocontrol, arb é an bainisteoir líonra d'fheidhmeanna líonra aerthráchta an aerspáis Eorpaigh aonair é, go bhfuil titim leanúnach bliain ar bhliain de thart ar 74 % san aerthrácht ó lár mhí an Mheithimh 2020.
- (4) Ní féidir a thuar, ar bhonn réamháirithintí a bhfuiltear ar an eolas fúthu, ar bhonn réamhaisnéisí ó Eurocontrol ná ar bhonn réamhaisnéisí eipidéimeolaíocha, cén uair is dócha a bheidh deireadh le tréimhse an éilimh mhórmheathlaithe arb í géarchéim COVID-19 is siocair léi. De réir na réamhaisnéisí is déanaí ó Eurocontrol, beidh an aerthrácht i mí Feabhra 2021 cothrom le thart ar leath den leibhéal a bhí ann i mí Feabhra 2020. Braitheann na réamhaisnéisí a théann thar an dáta sin ar líon tosca nach bhfuiltear ar an eolas fúthu, amhail infhaighteacht

⁽¹⁾ Tuairim an 27 Eanáir 2021 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

⁽²⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 11 Feabhra 2021 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 15 Feabhra 2021.

vacsainí COVID-19. Faoi na cúinsí sin, maidir le haeriompróirí a mainníonn orthu a gcuid sliotán a úsáid i gcomhréir leis an ráta úsáide sliotán a leagtar amach i Rialachán (CEE) Uimh. 95/93 ⁽³⁾, níor cheart go gcaillfeadh siad an tosaíocht go huathoibríoch, i leith shraith na sliotán, a leagtar síos in Airteagail 8(2) agus 10(2) den Rialachán sin, ar tosaíocht í a mbainfidís leas as murach sin. Ba cheart rialacha sonracha chuige sin a bhunú leis an Rialachán seo.

- (5) Ba cheart do na rialacha sin aghaidh a thabhairt ag an am céanna ar na tionchair dhiúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann ar iomaíocht aeriompróirí. Go háirithe, tá gá lena áirithiú go gceadófar d'aeriompróirí atá toilteanach seirbhísí a chur ar fáil gabháil d'acmhainneacht neamhúsáidte agus go mbeidh an t-ionchas acu sliotáin den sórt sin a choinneáil san fhadtéarma. Ba cheart go gcoinneodh sé sin dreasachtaí na n-aeriompróirí chun úsáid a bhaint as acmhainneacht aerfoirt, rud a rachadh chun tairbhe do thomhaltóirí.
- (6) Is gá, dá bhrí sin, i gcomhréir leis na prionsabail sin agus ar feadh tréimhse theoranta, na coinníollacha a leagan síos faoina leanfaidh aeriompróirí ar aghaidh de bheith i dteideal sraith sliotán faoi Airteagail 8(2) agus 10(2) de Rialachán (CEE) Uimh. 95/93, agus ceanglais a bhunú d'aeriompróirí lena mbaineann ar mhaithe le hacmhainneacht neamhúsáidte a scaoileadh.
- (7) Ar feadh na tréimhse ar lena linn a dhéanfar tionchar diúltach a imirt ar an aeriompar de dheasca ghearchéim COVID-19, ba cheart an sainmhíniú ar an téarma "iontrálaí nua" a leathnú chun líon na n-aeriompróirí atá cumhdaithe a mhéadú, agus ar an gcaoi sin an deis a thabhairt do níos mó aeriompróirí a gcuid oibríochtaí a bhunú agus a leathnú más mian leo. Mar sin féin, is gá na pribhléidí a chomhfhreagraíonn d'aeriompróirí atá cumhdaithe ag an sainmhíniú sin a shrianadh d'fhíor-iontrálaithe nua trí eisiaimh a dhéanamh ar aon aeriompróir a bhfuil ina seilbh aige, i gcomhpháirt le haon mháthairghnóthas, nó lena fhoghnóthais féin nó le foghnóthais mháthairghnóthais, níos mó na 10 % d'iomlán na sliotán arna leithroinnt an lá i dtrácht in aon aerfort ar leith.
- (8) Le linn na tréimhse ina gcuirfear díolúine ó na rialacha maidir le húsáid sliotán i bhfeidhm, ba cheart don chóras leithroinnite sliotán aitheantas a thabhairt d'iarreachtaí na n-aeriompróirí a rinne eitiltí a oibriú trí úsáid a bhaint as sliotáin atá mar chuid de shraith a bhfuil aeriompróir eile ina teideal faoi Airteagail 8(2) agus 10(2) de Rialachán (CEE) Uimh. 95/93, ach a cuireadh ar fáil don chomhordaitheoir sliotán le haghaidh ath-leithroinnt shealadach. Ba cheart, dá bhrí sin, tosaíocht a thabhairt d'aeriompróirí a rinne ar a laghad cúig shliotán de shraith a oibriú i gcás leithroinnt na sraitheanna sin sa chéad tréimhse sceidealaithe choibhéseach eile, ar choinníoll nach ndéanfaidh an t-aeriompróir atá ina dteideal faoi na hAirteagail sin iarraidh ina leith.
- (9) Trí bhearta sláintíochta atá sonracha do COVID-19 a fhorchur ag aerfoirt, d'fhéadfadh sé an acmhainneacht atá ar fáil a laghdú, rud a d'fhágfadh go bhféadfadh gá a bheith le foráil a dhéanamh do pharaiméadair chomhordaithe atá sonracha do COVID-19. I gcásanna den sórt sin, agus chun cur i bhfeidhm cuí na bparaiméadar sin a chumasú, ba cheart go lamhálfai do chomhordaitheoirí oiriúnú a dhéanamh ar amchlár na sliotán a leithroinntear ar aeriompróirí faoi Airteagal 8 de Rialachán (CEE) Uimh. 95/93 nó sliotáin den sórt sin a chur ar ceal don tréimhse sceidealaithe ar lena linn atá na bearta sláintíochta atá sonracha do COVID-19 i bhfeidhm.
- (10) Chun úsáid na hacmhainneachta aerfoirt le linn thréimhse sceidealaithe shamhradh 2021 a éascú, ba cheart go mbeadh cead ag aeriompróirí sliotáin stairiúla a thabhairt ar ais don chomhordaitheoir roimh thús na tréimhse sceidealaithe ionas go bhféadfar iad a ath-leithroinnt ar bhonn *ad hoc*. Ba cheart d'aeriompróirí a thugann sraith sliotán iomlán ar ais roimh an spriocdháta a leagtar síos leis an Rialachán seo a dteidlíocht i leith na sraithe céanna sliotán ag an aerfort sin a choinneáil do thréimhse sceidealaithe shamhradh 2022. I bhfianaise na mbearta díolúine eile maidir le sliotáin atá sa Rialachán seo, ba cheart go lamhálfai d'aeriompróirí a bhfuil líon suntasach sliotán ag aerfort ina seilbh acu uasmhéid de leath dá gcuid sliotán a thabhairt ar ais ar an gcaoi sin.
- (11) Gan dochar d'obleagáid na mBallstát dlí an Aontais a chomhlíonadh, go háirithe na rialacha a leagtar síos sna Conarthaí agus i Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾, ní féidir iarmhairtí diúltacha na mbearta féideartha, arna nglacadh ag údarais phoiblí na mBallstát nó tríú tíortha atá ag tabhairt aghaidh ar leathadh COVID-19 agus lena gcuirtear srian ar an gcumas chun taistil ar fíor-ghearrfhógra, a chur i leith agus ba cheart iad a mhaolú i gcás ina mbíonn tionchar suntasach ag na bearta sin ar an inmharthanacht nó ar an bhféidearthacht taistil nó ar an éileamh ar na haerbhealaí lena mbaineann. Ba cheart a áireamh leis sin bearta as a n-eascraíonn dúnadh na teorann nó an aerspáis go páirteach nó go hiomlán nó dúnadh go páirteach nó go hiomlán nó laghdú ar acmhainneacht na n-aerfort lena mbaineann, srianta ar ghluaiseachtaí criú aerlíne lena gcuirtear bac suntasach ar oibríocht aersheirbhísí nó dianbhac ar chumas paisinéirí taisteal le haon iompróir ar an aerbhealach lena mbaineann, lena n-áirítear srianta taistil, srianta ar ghluaiseacht nó bearta coraintín sa tír nó i

⁽³⁾ Rialachán (CEE) Uimh. 95/93 ón gComhairle an 18 Eanáir 1993 maidir le comhrialacha do leithroinnt sliotán in aerfoirt an Chomhphobail (IO L 14, 22.1.1993, lch. 1).

⁽⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh oibriú aersheirbhísí sa Chomhphobal (IO L 293, 31.10.2008, lch. 3).

réigiún an chinn scríbe nó srianta ar infhaighteacht na seirbhísí bunriachtanacha chun tacú go díreach le hoibríocht aersheirbhíse. Ba cheart a áireamh le maoluithe nach ngearrfar pionós ar aeriompróirí a mainníonn orthu úsáid a bhaint as sliotáin i gcás ina bhfuil an mhainneachtain sin mar thoradh ar bhearta sriantacha nach raibh foilsithe nuair a leithroinneadh na sliotáin. Ba cheart go mbeadh tréimhse theoranta ag gabháil leis an díolúine shonrach ó éifeachtaí fhorchur na mbeart sin agus, in aon chás, níor cheart go rachadh sé thar dhá thréimhse sceidealaithe i ndiaidh a chéile.

- (12) Le linn treimhsí ina bhfuil tionchar suntasach ar éileamh mar thoradh ar ghéarchéim COVID-19, ba cheart aeriompróirí a scaoileadh, a mhéid is gá, ó na ceanglais atá ann i dtaobh úsáid a bhaint as sliotáin chun an teidlíocht i leith na sliotán sin a choinneáil sa tréimhse sceidealaithe choibhéseach iardain. Leis sin, ba cheart a chur ar chumas aeriompróirí seirbhísí a mhéadú nuair is féidir sin a dhéanamh de réir na gcúinsí. Ba cheart a chur san áireamh leis an íosráta úsáide níos ísle atá socraithe chun na críche sin ionchas na haerthrachta do 2021, amhail ó thús 2021, arbh ionann é agus 50 % de leibhéal tráchta 2019, an éiginnteacht a bhaineann le géarchéim COVID-19 agus athbhunú mhuinín na dtomhaltóirí agus na leibhéal tráchta.
- (13) Chun aghaidh a thabhairt ar thionchar athraitheach ghéarchéim COVID-19, agus an easpa soiléireachta atá mar thoradh uirthi a bhaineann le forbairt na leibhéal tráchta sa mheántéarma, agus chun freagairt go solúbtha, i gcás inar gá agus ina bhfuil údar cuí leis, do na dúshlán atá os comhair na hearnála aeriompair dá thoradh sin, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith thréimhse chur i bhfeidhm na díolúine ón rialail maidir le húsáid sliotán agus na luachanna céatadáin den íosráta úsáide laistigh de raon áirithe a leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ^(⁹). Go háirithe, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna le saineolaithe na mBallstát, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.
- (14) Chun bheith in ann na hullmhúcháin is gá a dhéanamh in am, caithfidh aeriompróirí agus comhordaitheoirí a bheith eolach faoi na coinníollacha a bheidh le cur i bhfeidhm maidir le hoibriú na sliotán i dtréimhse sceidealaithe ar leith. Ba cheart don Choimisiún, dá bhrí sin, féachaint leis na gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a luaithe is féidir agus ba cheart dó gníomhartha den sórt sin a ghlacadh in aon chás roimh an sprioc-am do thabhairt ar ais na sliotán a leagtar síos in Airteagal 10(3) de Rialachán (CEE) Uimh. 95/93.
- (15) Ní mór d'aerfoirt, do sholáthraithe aersheirbhísí agus d'aeriompróirí faisnéis a bheith acu maidir leis an acmhainneacht atá ar fáil chun críche pleanála leormhaithe. Ba cheart d'aeriompróirí aon sliotán nach bhfuil sé beartaithe acu a úsáid a chur ar fáil don chomhordaitheoir le haghaidh leithroinnt fhéideartha ar aeriompróirí eile a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná 3 seachtaine roimh an dáta atá pleanáilte dá n-oibriú. I gcás ina mainníonn ar aeriompróirí arís agus arís eile agus d'aon ghnó an ceanglas sin, nó aon cheanglas eile de Rialachán (CEE) Uimh. 95/93, a chomhlíonadh, ba cheart go mbeadh siad faoi réir pionóis iomchuí nó bearta coibhéseacha.
- (16) I gcás ina bhfuil comhordaitheoir sásta go bhfuil deireadh curtha ag aeriompróir le hoibríochtaí ag aerfort, ba cheart don chomhordaitheoir na sliotáin a bhaint láithreach ón aeriompróir i dtrácht agus iad a chur i gcomhthiomsú lena n-ath-leithroinnt ar iompróirí eile.
- (17) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon rialacha sonracha agus an díolúine ó na rialacha ginearálta maidir le húsáid sliotán ar feadh tréimhse theoranta ama a shuíomh chun éifeachtaí ghéarchéim COVID-19 ar aerthracht a mhaolú, a ghnóthú go leordhóthanach, agus, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta atá beartaithe, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

⁽⁹⁾ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

- (18) I bhfianaise na práinne atá i gceist leis na cúinsí eisceachtúla a bhaineann le géarchéim COVID-19, meastar gurb iomchuí foráil a dhéanamh maidir le heisceacht ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótocal Uimh. 1 maidir le ról na bParlaimintí náisiúnta san Aontas, a ghabhann leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.
- (19) Chun go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 95/93 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

“(ba) le linn na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 10a(3) ciallóidh ‘iontrálaí nua’:

- (i) aeriompróir a iarrfaidh, mar chuid de shraith sliotán, sliotán ag aerfort aon lá ar bith, dá mba rud é, i gcás go nglacfaí le hiarraidh an aeriompróra, go mbeadh níos lú ná seacht sliotán ar an iomlán aige ag an aerfort sin an lá sin; nó
- (ii) aeriompróir a iarrfaidh sraith sliotán chun seirbhís sceidealta gan stad a oibriú do phaisinéirí idir dhá aerfort an Aontais, i gcás ina bhfuil dhá aeriompróir eile ar a mhéid ag oibriú na seirbhíse sceidealta céanna gan stad idir na haerfoirt sin an lá sin, agus dá mba rud é, i gcás go nglacfaí le hiarraidh an aeriompróra, go mbeadh, ina ainneoin sin, níos lú ná naoi sliotán i seilbh an aeriompróra ag an aerfort sin an lá sin don tseirbhís gan stad sin.

Ní mheasfar gur iontrálaí nua ag an aerfort sin é aeriompróir a bhfuil, i gcomhpháirt lena mháthairghnóthas, lena fhoghnóthais féin nó le foghnóthais a mháthairghnóthais, níos mó ná 10 % d’iomlán na sliotán arna leithroinnt an lá i dtrácht ag aerfort áirithe ina seilbh aige;”;

(b) cuirtear an pointe seo a leanas leis:

“(n) Ciallóidh ‘paraiméadair chomhordaithe COVID-19’ paraiméadair chomhordaithe athbhreithnithe as a n-eascaíonn laghdú ar acmhainneacht aerfoirt atá ar fáil ag aerfort comhordaithe mar thoradh ar bhearta sláintíocha sonracha arna bhforchur ag na Ballstáit mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19.”;

(2) in Airteagal 7(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

“1. Beidh ar aeriompróirí a bhíonn ag oibriú nó a bhfuil sé beartaithe acu oibriú ag aerfort éascaithe sceideal nó ag aerfort comhordaithe gach faisnéis ábhartha a iarrfar orthu a chur chuig an éascaitheoir sceideal nó chuig an gcomhordaitheoir faoi seach. Cuirfear an fhaisnéis ábhartha go léir ar fáil san fhormáid agus faoin teorainn ama atá sonraithe ag an éascaitheoir sceideal nó ag an gcomhordaitheoir. Go háirithe, cuirfidh an t-aeriompróir in iúl don chomhordaitheoir, tráth a n-iarrfar an leithroinnt, i dtaobh an mbainfeadh sé sochar as stádas iontrálaí nua, i gcomhréir le hAirteagal 2(b) nó (ba), i ndáil le sliotáin iarrtha.”;

(3) Leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhocláíocht réamhráiteach na chéad fhomhíre de mhír 2:

“2. Gan dochar d’Airteagail 7, 8a agus 9, ní bheidh feidhm ag Airteagal 10(1) agus (2a) agus ag Airteagal 14, mír 1 den Airteagal seo i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:”;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

“2a. Le linn na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 10a(3), déanfar, ar iarratas, sraith sliotán a tugadh ar ais don chomhthiomsú sliotán i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo ag deireadh na tréimhse sceidealaithe (an ‘tréimhse sceidealaithe tagartha’) a leithroinnt don chéad tréimhse sceidealaithe choibhéiseach eile ar aeriompróir a d’oibrigh ar a laghad cúig sliotán den tsraith i dtrácht tar éis chur i bhfeidhm Airteagal 10a(7) le linn na tréimhse sceidealaithe tagartha, ar choinníoll nár leithroinneadh an tsraith sliotán cheana féin ar an aeriompróir a bhí i seilbh na sraithe sin ar dtús don chéad tréimhse sceidealaithe choibhéiseach eile i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo.

I gcás ina gcomhlíonann níos mó ná iarratasóir amháin ceanglais na chéad fhomhíre, tabharfar tosaíocht don aeriompróir a d’oibrigh an líon is mó sliotán den tsraith sin.”;

(c) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

“6a. Laistigh den tréimhse ar lena linn a bheidh feidhm ag paraiméadair chomhordaithe COVID-19 agus chun cur i bhfeidhm cuí paraiméadair chomhordaithe den sórt sin a chumasú, féadfaidh an comhordaitheoir amchlár sliotán iarrtha nó leithroinnthe a thagann faoin tréimhse a shonraítear in Airteagal 10a(3) a leasú nó iad a chur ar ceal tar éis dó éisteacht leis an aeriompróir lena mbaineann. Sa chomhthéacs sin, cuirfidh an comhordaitheoir na rialacha agus treoirlínte breise dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo san áireamh, faoi na coinníollacha a leagtar síos ann.”;

(4) Cuirtear an méid a leanas in ionad Airteagal 8a, mír 3:

- “3. (a) Ní fhéadfar sliotáin arna leithroinnt ar iontrálaí nua mar atá sainmhínithe in Airteagal 2(b) nó (ba) a aistriú de réir mar a fhoráiltear dóibh i mír 1(b) den Airteagal seo ar feadh tréimhse arb ionann í agus dhá thréimhse sceidealaithe choibhéiseacha, ach amháin i gcás tátchceangal gníomhaíochtaí gnóthais fhéimhíthe, rud atá údaraithe de réir an dlí.
- (b) Ní fhéadfar sliotáin arna leithroinnt ar iontrálaí nua mar atá sainmhínithe in Airteagal 2(b)(ii) agus (iii) nó in Airteagal 2(ba)(ii) a aistriú go haerbhealach eile dá bhforáiltear i mír 1(a) den Airteagal seo do thréimhse arb ionann í agus dhá thréimhse sceidealaithe choibhéiseacha ach amháin dá mba rud é gur tugadh an tosaíocht chéanna don iontrálaí nua ar an aerbhealach nua agus a tugadh dó ar an aerbhealach tosaigh.
- (c) Ní fhéadfar sliotáin arna leithroinnt ar iontrálaí nua mar atá sainmhínithe in Airteagal 2(b) nó (ba) a mhalartú de réir mar a fhoráiltear dóibh i mír 1(c) den Airteagal seo ar feadh tréimhse arb ionann í agus dhá thréimhse sceidealaithe choibhéiseacha, ach amháin chun amchlár na sliotán a fheabhsú do na seirbhísí seo i ndáil leis na hamchláir a iarradh i dtosach.”;

(5) Leasaítear Airteagal 10 mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

“2a. In ainneoin mhír 2, le sraith sliotán arna leithroinnt don tréimhse sceidealaithe ón 28 Márta 2021 go dtí an 30 Deireadh Fómhair 2021, beidh an t-aeriompróir i dteideal na sraithe sliotán céanna don tréimhse sceidealaithe ón 27 Márta 2022 go dtí an 29 Deireadh Fómhair 2022 más rud é gur chuir an t-aeriompróir an tsraith sliotán iomlán ar fáil don chomhordaitheoir lena n-ath-leithroinnt roimh an 28 Feabhra 2021. Ní bheidh feidhm ag an mír seo ach amháin maidir le sraith sliotán a leithroinneadh ar an aeriompróir céanna don tréimhse sceidealaithe ón 29 Márta 2020 go dtí an 24 Deireadh Fómhair 2020. Déanfar líon na sliotán ar ina leith a fhéadfaidh an t-aeriompróir i dtrácht tairbhe a bhaint astu faoin mír seo a theorannú do líon atá coibhéiseach le 50 % de na sliotáin a leithroinneadh ar an aeriompróir céanna don tréimhse sceidealaithe ón 29 Márta 2020 go dtí an 24 Deireadh Fómhair 2020 seachas i gcás aeriompróir a leithroinneadh níos lú ná 29 sliotán in aghaidh na seachtaine air ar an meán le linn na tréimhse sceidealaithe coibhéisí roimhe sin ag an aerfort i dtrácht.”;

(b) leasaítear mír 4 mar seo a leanas:

(i) cuirtear an pointe seo a leanas leis:

“(e) le linn na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 10a(3), le tabhairt isteach bearta ag údarais phoiblí atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar leathadh COVID-19 ag ceann scríbe amháin d’aerbhealach ar lena aghaidh a bhí na sliotáin i dtrácht á n-úsáid nó beartaithe le húsáid, ar choinníoll nach raibh na bearta foilsithe nuair a leithroinneadh na sliotáin, go bhfuil tionchar suntasach ag na bearta sin ar an inmharthanacht nó ar an bhféidearthacht taistil nó ar an éileamh ar na haerbhealaí lena mbaineann agus gur cúis iad le haon cheann díobh seo a leanas:

- (i) dúnadh na teorann nó an aerspáis go páirteach nó go hiomlán, nó dúnadh go páirteach nó go hiomlán nó laghdú ar acmhainneacht an aerfoirt, le linn cuid shubstaintiúil den tréimhse sceidealaithe ábhartha,

- (ii) dianbhac ar chumas paisinéirí taisteal le haon iompróir ar an aerbhealach díreach sin le linn cuid shubstantiúil den tréimhse sceidealaithe ábhartha lena n-áirítear,
 - srianta taistil atá bunaithe ar náisiúntacht nó áit chónaithe, toirmeasc ar thaisteal uile seachas taisteal bunriachtanach, nó toirmeasc ar eitiltí ó nó chuig tíortha nó limistéir gheografacha áirithe,
 - srianta gluaiseachta nó bearta coraintín nó leithlisithe laistigh den tír nó réigiún ina bhfuil aerfort an chinn scríbe lonnaithe (lena n-áirítear pointí idirmheánacha),
 - srianta ar infhaighteacht na seirbhísí atá bunriachtanach chun tacú go díreach le hoibriú aersheirbhíse,
- (iii) srianta ar ghluaiseachtaí criú aerlíne a chuireann bac suntasach ar oibriú aersheirbhísí ó nó chuig na haerfoirt a bhfónann siad dóibh, lena n-áirítear toirmisc thobann ar iontráil nó sáinníú criú i suíomhanna neamhthuartha de bharr bearta coraintín.”

(ii) cuirtear na fomhíreanna seo a leanas leis:

“Beidh feidhm ag pointe (e) laistigh den tréimhse ar lena linn a bheidh feidhm ag na bearta dá dtagraítear sa phointe sin agus, laistigh de na teorainneacha dá dtagraítear sa tríú, sa cheathrú agus sa chúigiú fómhír, do thréimhse bhreise suas go 6 seachtaine. Mar sin féin, i gcás ina scoirfidh na bearta dá dtagraítear i bpointe (e) d’fheidhm a bheidh acu tráth nach lú ná 6 seachtaine roimh dheireadh na tréimhse sceidealaithe, ní bheidh feidhm ag pointe (e) maidir leis an gcuid eile den tréimhse 6 seachtaine ach amháin i gcás ina n-úsáidfead na slótáin sa tréimhse sceidealaithe iardain don aerbhealach céanna.

Ní bheidh feidhm ag pointe (e) ach amháin i gcás slótáin a úsáideadh le haghaidh aerbhealaí ar lena n-aghaidh a d’úsáid an t-aeriompróir iad cheana roimh fhoilsiú na mbearta dá dtagraítear sa phointe sin.

Scoirfidh pointe (e) d’fheidhm a bheidh aige i gcás ina n-úsáidfidh an t-aeriompróir na slótáin i dtrácht chun athrú chuig aerbhealach nach ndearna bearta na n-údarás poiblí difear dó.

Féadfaidh aeriompróirí údar cuí a thabhairt do neamhúsáid slótáin i gcomhréir le pointe (e) maidir le dhá thréimhse sceidealaithe i ndiaidh a chéile ar a mhéid.”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fómhír de mhír 6:

“I measc na n-iarrafaí ó iontrálaithe nua, tabharfar tús áite d’aeriompróirí atá i dteideal stádas a fháil mar iontrálaí nua faoi Airteagal 2(b)(i) agus (ii), faoi Airteagal 2(b)(i) agus (iii) nó faoi Airteagal 2(ba)(i) agus (ii).”;

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10a:

“Airteagal 10^a

Leithroinnt slótáin mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19

1. Chun críocha Airteagail 8(2) agus 10(2), measfaidh comhordaitheoirí go bhfuil slótáin a leithroinneadh don tréimhse ón 1 Márta 2020 go dtí an 27 Márta 2021 oibríthe ag an aeriompróir ar leithroinneadh air ar dtús iad.

2. Chun críocha Airteagail 8(2) agus 10(2), measfaidh comhordaitheoirí go bhfuil slótáin a leithroinneadh don tréimhse ón 23 Eanáir 2020 go dtí an 29 Feabhra 2020 oibríthe ag an aeriompróir ar leithroinneadh air ar dtús iad, a mhéid a bhaineann le haersheirbhísí idir aerfoirt san Aontas agus aerfoirt atá i nDaon-Phoblacht na Síne nó i Sainréigiún Riaracháin Hong Cong de chuid Dhaon-Phoblacht na Síne.

3. I ndáil le slótáin nár cuireadh ar fáil don chomhordaitheoir lena n-ath-leithroinnt i gcomhréir le hAirteagal 10(2a), le linn na tréimhse ón 28 Márta 2021 go dtí an 30 Deireadh Fómhair 2021 agus chun críocha Airteagail 8(2) agus 10(2), má léiríonn aeriompróir chun sástacht an chomhordaitheora gur oibrigh sé an tsraith slótáin i dtrácht, de réir mar a rinne an comhordaitheoir é sin a imréiteach, ar feadh ar a laghad 50 % den am le linn na tréimhse sceidealaithe dá leithroinneadh í, beidh an t-aeriompróir i dteideal na sraithe slótáin céanna don chéad tréimhse sceidealaithe choibhéiseach eile.

I ndáil leis an tréimhse dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, beidh na luachanna céatadán dá dtagraítear in Airteagal 10(4) agus i bpointe (a) d’Airteagal 14(6) ionann le 50 %.

4. I ndáil le sliotáin a bhfuil dáta acu ón 9 Aibreán 2020 go dtí an 27 Márta 2021, ní bheidh feidhm ag mír 1 ach amháin i gcás inar thug an t-aeriompróir na sliotáin ábhartha nár úsáideadh ar ais don chomhordaitheoir lena n-ath-leithroinnt ar aeriompróirí eile.

5. I gcás ina gcinneadh an Coimisiún, ar bhonn sonraí arna bhfoilsíú ag Eurocontrol, arb é an bainisteoir líonra d'fheidhmeanna líonra aerthrátha an aerspáis Eorpaigh aonair é, go bhfuil an laghdú ar leibhéal na haerthrátha i gcomparáid leis an leibhéal sa tréimhse chomhfhreagrach in 2019 ag leanúint ar aghaidh agus, ar bhonn réamhaisnéisí trátha ó Eurocontrol, gur dócha go leanfaidh sé ar aghaidh, agus go gcinneadh sé freisin, ar bhonn na sonraí eolaíochta is fearr atá ar fáil, gurb é tionchar ghéarchéim COVID-19 is siocair leis an staid seo, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 12a chun an tréimhse a shonraítear i mír 3 den Airteagal seo a leasú dá réir.

Tugtar de chumhacht don Choimisiún, i gcás ina bhfuil fíorghá leis chun aghaidh a thabhairt ar thionchar athraitheach ghéarchéim COVID-19 ar leibhéal aerthrátha, gníomhartha tarmligthe a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 12a chun na luachanna céatadáin dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo a leasú laistigh de raon idir 30 % agus 70 %. Chun na críche sin, cuirfidh an Coimisiún na hathruithe a tharla ón 20 Feabhra 2021 san áireamh, ar bhonn na n-eilimintí seo a leanas:

- (a) dáta arna fhoilsíú ag Eurocontrol maidir le leibhéal trátha agus réamhaisnéisí trátha;
- (b) forbairt na dtreochtaí aerthrátha le linn na dtréimhsí sceidealaithe, agus an forbairt bhreathnaithe ó thús ghéarchéim COVID-19 á cur san áireamh; agus
- (c) táscairí a bhaineann le héileamh ar aeriompar paisinéirí agus lastais, lena n-áirítear treochtaí maidir le méid an chabhlaigh, úsáid an chabhlaigh, agus tosca ualaigh.

Glacfar gníomhartha tarmligthe de bhun na míre seo tráth nach déanaí ná 31 Nollaig don tréimhse sceidealaithe samhraidh ina dhiaidh sin agus tráth nach déanaí ná 31 Iúil don tréimhse sceidealaithe geimhridh ina dhiaidh sin.

6. Más rud é, i gcás ina mbeidh tionchar fada ag géarchéim COVID-19 ar an earnáil aeriompair san Aontas, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais phráinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 12b maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlacfar de bhun an Airteagail seo.

7. Le linn na tréimhse dá dtagraítear i mír 3, cuirfidh aeriompróirí aon sliotán nach bhfuil sé beartaithe acu a úsáid, tráth nach lú ná 3 seachtaine roimh dháta na hoibríochta, ar fáil don chomhordaitheoir chun é a ath-leithroinnt ar aeriompróirí eile.”;

(7) in Airteagal 12a, cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 2:

“2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 10a a thabhairt don Choimisiún go dtí an 21 Feabhra 2022.”;

(8) Leasaítear Airteagal 14 mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

“5. Déanfaidh na Ballstáit pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha nó bearta coibhéseacha a shuíomh agus a chur i bhfeidhm i leith aeriompróirí a mainníonn orthu arís agus arís eile agus d'aon ghnó an Rialachán seo a chomhlíonadh.”;

(b) i mír 6, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

“(c) Le linn na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 10a(3), i gcás ina gcinneann comhordaitheoir, ar bhonn faisnéise atá ar fáil dó, go bhfuil deireadh curtha ag aeriompróir lena oibríochtaí ag aerfort agus nach bhfuil sé in ann na sliotáin a leithroinneadh air a oibriú, bainfidh an comhordaitheoir an tsraith sliotán i dtrácht ón aeriompróir sin don chuid eile den tréimhse sceidealaithe agus cuirfidh sé leis an gcomhthiomsú iad, tar éis dó éisteacht leis an aeriompróir lena mbaineann.”.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Feabhra 2021.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

D. M. SASSOLI

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

A. P. ZACARIAS

II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (CBES) 2021/251 ÓN gCOMHAIRLE

an 18 Feabhra 2021

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiombáib

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2021/258 ón gComhairle an 18 Feabhra 2021 lena leasaítear Cinneadh 2011/101/CBES maidir le bearta sriantacha áirithe i gcoinne na Siombáibe ⁽¹⁾,

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 ón gComhairle ⁽²⁾, tugtar éifeacht do roinnt beart dá bhforáiltear le Cinneadh 2011/101/CBES ón gComhairle ⁽³⁾, lena n-áirítear reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine agus eintiteas ainmnithe i bhfianaise na staide sa tSiombáib.
- (2) An 18 Feabhra 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/258, lena mbaintear duine amháin de liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha agus lena leasaítear na hiontrálacha a bhaineann le beirt ar an liosta sin, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus II, faoi seach, a ghabhann le Cinneadh 2011/101/CBES.
- (3) An 17 Feabhra 2021, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/253 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾ leasaíodh Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 dá réir sin. Chun duine a bhaint de liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha, is gá é a bhaint d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 freisin, ina liostaítear na daoine agus na heintiteas a cuireadh ar fionraí ó bhearta sriantacha de bhun Airteagal 6(4) den Rialachán sin.
- (4) Ba cheart Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

⁽¹⁾ Féach leathanach 51 den Iris Oifigiúil seo.

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 ón gComhairle an 19 Feabhra 2004 maidir le bearta sriantacha áirithe i gcoinne na Siombáibe (IO L 55, 24.2.2004, lch. 1).

⁽³⁾ Cinneadh 2011/101/CBES ón gComhairle an 15 Feabhra 2011 maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Siombáibe (IO L 42, 16.2.2011, lch. 6).

⁽⁴⁾ Féach leathanach 15 den Iris Oifigiúil seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Feabhra 2021.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

A. P. ZACARIAS

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 314/2004, scriostar an iontráil seo a leanas:

“4. Shiri, Perence (dá ngairtear Bigboy freisin) Samson Chikerema”.

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/252 ÓN gCOIMISIÚN
an 29 Eanáir 2021

lena ndéantar asbhaint ó na cuótaí iascaireachta Portaingéalacha le haghaidh ainseabhaí, de dheasca na ró-iascaireachta sa bhliain roimhe sin

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 105(1), (2) agus (3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2019/124 ón gComhairle ⁽²⁾, bunaíodh cuótaí iascaireachta le haghaidh ainseabhaí (*Engraulis encrasicolus*) i ranna 9 agus 10 den Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéaláíocht na Mara ("ICES") agus in uiscí an Aontais de limistéar 34.1.1 (ANE/9/3411) an Choiste Iascaigh um an Atlantach Thoir Láir ("CECAF"), don tréimhse idir an 1 Iúil 2019 go dtí an 30 Meitheamh 2020.
- (2) Le Rialachán (AE) 2020/123 ón gComhairle ⁽³⁾, bunaíodh cuótaí iascaireachta le haghaidh ainseabhaí (*Engraulis encrasicolus*) i ranna 9 agus 10 ICES agus in uiscí an Aontais de limistéar 34.1.1 (ANE/9/3411) CECAF, don tréimhse idir an 1 Iúil 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2021.
- (3) De bhun Airteagal 105(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, i gcás inar shuigh an Coimisiún gur sháraigh Ballstát na cuótaí iascaireachta a leithdháileadh chuige, déanfaidh an Coimisiún asbhaintí ó chuótaí a leithdháilfeair sa todhchaí chuig an mBallstát sin.
- (4) Foráiltear le hAirteagail 105(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 nach mór na hasbhaintí sin a dhéanamh sa bhliain nó sna blianta dár gcionn trí na fachtóirí iolraithe faoi seach a chur i bhfeidhm de réir mar a leagtar amach ann.
- (5) Sháraigh an Phortaingéil a cuótaí iascaireachta le haghaidh ainseabhaí (*Engraulis encrasicolus*) i ranna ICES 9 agus 10 agus in uiscí an Aontais de limistéar 34.1.1 (ANE/9/3411) CECAF don tréimhse ón 1 Iúil 2019 go dtí an 30 Meitheamh 2020.
- (6) Is iomchuí, dá bhrí sin, go ndéantar asbhaint ó chuótaí iascaireachta a leithdháileadh chuig an bPortaingéil don tréimhse ón 1 Iúil 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2021 agus, i gcás inarb ábhartha, sna blianta ina dhiaidh sin, le haghaidh an stoic a ndearnadh ró-iascaireacht air.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Na cuótaí iascaireachta a leithdháileadh chuig an bPortaingéil le haghaidh ainseabhaí (*Engraulis encrasicolus*) i ranna 9 agus 10 den Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéaláíocht na Mara (ICES) agus in uiscí an Aontais de limistéar 34.1.1 (ANE/9/3411) an Choiste Iascaigh um an Atlantach Thoir Láir (CECAF), don tréimhse ón 1 Iúil 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2021, a socraíodh i Rialachán (AE) 2020/123, déanfar iad a laghdú de réir mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

⁽¹⁾ IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán (AE) 2019/124 ón gComhairle an 30 Eanáir 2019 lena socraítear na deiseanna iascaireachta le haghaidh na bliana 2019 i leith stoic áirithe éisc agus i leith grúpaí de stoic éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus, maidir le soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (IO L 29, 31.1.2019, lch. 1).

⁽³⁾ Rialachán (AE) 2020/123 ón gComhairle an 27 Eanáir 2020 lena socraítear na deiseanna iascaireachta le haghaidh na bliana 2020 i leith stoic áirithe éisc agus i leith grúpaí de stoic éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus, maidir le soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (IO L 25, 30.1.2020, lch. 1).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 29 Eanáir 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Ballstát	Cód speicis	Cód an limistéir	Ainm an speicis	Ainm an Limistéir	Cuóta tosaigh don tréimhse 1 Iúil 2019 – 30 Meitheamh 2020 (i gcileagraim)	Na gabhálacha arna gceadú don tréimhse 1 Iúil 2019 – 30 Meitheamh 2020 (cainníocht iomlán arna hoiriúnú i gcileagraim) ⁽¹⁾	Gabhálacha iomlána don tréimhse 1 Iúil 2019 – 30 Meitheamh 2020 (cainníocht i gcileagraim)	Ídiú cuótaí i gcomparáid leis na gabhálacha arna gceadú (%)	Ró-iascaireacht i gcomparáid leis na gabhálacha arna gceadú (cainníocht i gcileagraim)	Fachtóir iolraithe ⁽²⁾	Fachtóir iolraithe breise ⁽³⁾ ⁽⁴⁾	Asbhaintí nach ndearnadh ó bhliain/bhlianta roimhe ⁽⁵⁾ (cainníocht i gcileagraim)	Asbhaintí is infheidhme maidir leis an tréimhse 1 Iúil 2020 – 30 Meitheamh 2021 (cainníocht i gcileagraim)
PT	ANE	9/3411	An t-ainseabhaí	Ranna ICES 9 agus 10; Uiscí an Aontais 34.1.1 CECAF	5 343 000	3 779 330	3 858 005	102,08	78 675	/	/	/	78 675

⁽¹⁾ Cuótaí ar fáil do Bhallstát de bhun Rialachán (AE) 2019/124 tar éis gur cuireadh san áireamh malartuithe deiseanna iascaireachta i gcomhréir le hAirteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 agus (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22), aistriú cuótaí ó 2018 go 2019 i gcomhréir le hAirteagal 4(2) ó Rialachán (CE) Uimh. 847/96 ón gComhairle lena dtugtar isteach coinníollacha breise maidir le TACanna agus cuótaí a bhainistiú ó bhliain go bliain (IO L 115, 9.5.1996, lch. 3) agus le hAirteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, nó deiseanna iascaireachta a ath-leithdháileadh nó a asbhaint i gcomhréir le hAirteagail 37 agus 105 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 an 20 Samhain 2009, lena mbunaítear córas rialaithe Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006, (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1).

⁽²⁾ De mar a leagtar amach in Airteagal 105(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009. Beidh feidhm ag asbhaint atá comhionann le ró-iascaireacht * 1,00 i ngach cás inar cothrom le 100 tona nó níos lú ná sin an ró iascaireacht.

⁽³⁾ De réir mar a leagtar amach in Airteagal 105(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 agus ar choinníoll gur mó ná 10 % an ró-iascaireacht.

⁽⁴⁾ Léirítear leis an litir "A" gur cuireadh fachtóir iolraithe breise 1,5 i bhfeidhm de bharr go ndeachaigh an Ballstát thar a chuóta arís agus arís eile i rith an 2 bhliain roimhe sin. Léirítear leis an litir "C" gur cuireadh fachtóir iolraithe breise 1,5 i bhfeidhm de bharr go bhfuil an stoc faoi réir plean ilbhliantúil.

⁽⁵⁾ Cainníochtaí atá fágtha ó bhliain/bhlianta roimhe.

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/253 ÓN gCOIMISIÚN
an 17 Feabhra 2021

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiombáib

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 ón gComhairle an 19 Feabhra 2004 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiombáib ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 11(b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gCinneadh 2011/101/CBES ón gComhairle ⁽²⁾ sainaitnítear na daoine agus na heintitis a bhfuil feidhm ina leith ag na bearta sriantacha dá bhforáiltear in Airteagail 4 agus 5 den Chinneadh sin.
- (2) Le Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 tugtar éifeacht don Chinneadh sin a mhéid atá gá le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais. Go háirithe, liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 na daoine agus na heintitis arna gcumhdach ag reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha faoin Rialachán sin.
- (3) An 18 Feabhra 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/258 ⁽³⁾ lena leasaítear na hiontrálacha maidir le beirt atá ar liosta na ndaoine agus na n-eintitis atá faoi réir bearta sriantacha agus lena mbaintear duine amháin den liosta sin.
- (4) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 17 Feabhra 2021.

Thar ceann an Choimisiúin

Thar ceann an Uachtaráin

Ard-Stiúrthóir

*An Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht Airgeadais,
Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil*

⁽¹⁾ IO L 55, 24.2.2004, lch. 1.

⁽²⁾ Cinneadh 2011/101/CBES ón gComhairle an 15 Feabhra 2011 maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Siombáibe (IO L 42, 16.2.2011, lch. 6).

⁽³⁾ Cinneadh (CBES) 2021/258 ón gComhairle an 18 Feabhra 2021 lena leasaítear Cinneadh 2011/101/CBES maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Siombáibe (féach leathanach 51 den Iris Oifigiúil seo).

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn III, roinn I, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 ón gComhairle mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha na ndaoine a liostaítear thíos:

“(5) CHIWENGA, Constantine	Leas-Uachtarán IarCheannasaí Fhórsa Cosanta na Siombáibe, Ginearál ar scor, a rugadh 25.8.1956 Uimhir an phas AD000263 ID 63-327568M80	Leas-Uachtarán agus IarCheannasaí Fhórsa Cosanta na Siombáibe. Comhalta de Cheannas Comhpháirteach Oibríochtaí agus comhpháirteach i mbeartas tíoránta an Stáit a cheapadh nó a chur chun feidhme. D’imscar sé an t-arm le feirmeacha a choigistiú. Le linn thoghcháin 2008 ar siúl, bhí sé ar dhuine de phríomhghríosóirí an fhoréigin a bhain le toghchán réitigh na huachtaránachta.”
“(7) SIBANDA, Phillip Valerio (dá ngairtear Valentine freisin)	Ceannasaí Fhórsa Cosanta na Siombáibe IarCheannasaí Arm Náisiúnta na Siombáibe, Ginearál, a rugadh 25.8.1956 nó 24.12.1954 ID 63-357671H26	Ceannasaí Fhórsa Cosanta na Siombáibe agus IarCheannasaí Arm Náisiúnta na Siombáibe. Oifigeach airm sinsearach a bhfuil ceangal aige leis an Rialtas agus a bhí comhpháirteach i mbeartas tíoránta an Stáit a cheapadh nó a chur chun feidhme.”

(2) Scriostar an iontráil seo a leanas:

“(6) Shiri, Perence (dá ngairtear Bigboy freisin) Samson Chikerema	Aer-Mharascal (Aerfhórsa) A rugadh 1.11.1955 ID 29-098876M18	Oifigeach sinsearach míleata agus comhalta de Cheannas Comhpháirteach Oibríochtaí ZANU-PF agus comhpháirteach i mbeartas tíoránta an Stáit a cheapadh nó a chur chun feidhme. Bhí baint aige le foréigean polaitiúil, lena n-áirítear le linn thoghcháin 2008 in Mashonaland West in Chiadzwa.”
--	--	---

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/254 ÓN gCOIMISIÚN
an 18 Feabhra 2021

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 agus (AE) 2020/1988 agus Rialachán (CE) Uimh. 218/2007 agus (CE) Uimh. 1518/2007 a mhéid a bhaineann le hallmhairiú táirgí de thionscnamh na Ríochta Aontaithe agus na táirgí sin a eisiáimh ó na taraifchuótaí ag a bhfuil tréimhsí cuóta atá ar bun faoi láthair

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margáí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 187 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ⁽²⁾ ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 66(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena leagtar síos na socruithe trádála is infheidhme maidir le hearraí áirithe ar toradh ar phróiseáil táirgí talmhaíochta iad agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1216/2009 agus (CE) Uimh. 614/2009 ón gComhairle ⁽³⁾, agus go háirithe pointí (a) go (d) den chéad mhír d'Airteagal 9 agus pointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 16(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾, leagtar síos na rialacha maidir le bainistiú na dtaraifchuótaí ar allmhairí agus onnmhairí maidir le táirgí talmhaíochta a bhainistítear le córas ceadúnas allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin agus déantar líon áirithe gníomhartha a bhfuil na cuótaí sin oscailte acu a aisghairm agus a ionadú agus foráiltear do rialacha sonracha.
- (2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 ón gCoimisiún ⁽⁵⁾, leagtar síos na rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a mhéid a bhaineann leis na rialacha maidir le riar taraifchuótaí ar allmhairí atá ceaptha lena n-úsáid ar bhonn ord croineolaíoch na ndátaí a ghlactar leis na dearbhuithe custaim (an prionsabal "tagadh do sheal mar a tháinig tú féin").
- (3) Le Rialachán (CE) Uimh. 218/2007 ón gCoimisiún ⁽⁶⁾, osclaítear roinnt taraifchuótaí le haghaidh fíona agus déantar foráil maidir lena riar.
- (4) Le Rialachán (CE) Uimh. 1518/2007 ón gCoimisiún ⁽⁷⁾, osclaítear taraifchuóta le haghaidh fíon mormóna agus déantar foráil maidir lena riar.

⁽¹⁾ IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

⁽²⁾ IO L 347, 20.12.2013, lch. 549.

⁽³⁾ IO L 150, 20.5.2014, lch. 1.

⁽⁴⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le córas bainistithe na dtaraifchuótaí le ceadúnais (IO L 185, 12.6.2020, lch. 24).

⁽⁵⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 ón gCoimisiún an 11 Samhain 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le riar taraifchuótaí ar allmhairí i gcomhréir leis an bprionsabal 'tagadh do sheal mar a tháinig tú féin' (IO L 422, 14.12.2020, lch. 4).

⁽⁶⁾ Rialachán (CE) Uimh. 218/2007 ón gCoimisiún an 28 Feabhra 2007 lena n-osclaítear taraifchuótaí Comhphobail le haghaidh fíona agus lena ndéantar foráil maidir lena riar (IO L 62, 1.3.2007, lch. 22).

⁽⁷⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1518/2007 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2007 lena n-osclaítear taraifchuóta le haghaidh fíon mormóna agus lena ndéantar foráil maidir lena riar (IO L 335, 20.12.2007, lch. 14).

- (5) Leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile (dá ngairtear “an Comhaontú” anseo feasta) ⁽⁸⁾, foráiltear nach bhfuil táirgí de thionscnamh na Ríochta Aontaithe incháilithe lena n-allmhairiú isteach san Aontas faoi tharaifchuótaí EDT atá ann cheana mar a shainítear in Airteagal GOODS.18 den Chomhaontú. Leis an Airteagal sin, tagraítear do tharaifchuótaí arna gcionroinnt idir na Páirtithe de bhun caibidlíocht faoi Airteagal XXVIII GATT a thionscain an tAontas le doiciméad EDT G/SECRET/42/Add.2 ⁽⁹⁾ agus a thionscain an Ríocht Aontaithe le doiciméad EDT G/SECRET/44 ⁽¹⁰⁾ agus mar a leagtar amach i reachtaíocht inmheánach ar leith gach Páirtí. Leis an Airteagal sin, foráiltear go bhfuil stádas tionscnaimh na dtáirgí le cinneadh ar bhonn na rialacha tionscnaimh neamhfhabhair is infheidhme maidir leis an bPáirtí allmhairiúcháin.
- (6) Tagraíonn taraifchuótaí EDT atá ann cheana, mar a shainítear in Airteagal GOODS.18 den Chomhaontú, do lamháltais EDT an Aontais a áirítear i ndrúachtscideal AE28 de lamháltais agus gealltanais faoi GATT 1994 arna gcur faoi bhráid EDT le doiciméad G/MA/TAR/RS/506 ⁽¹¹⁾ mar a leasaítear le doiciméid G/MA/TAR/RS/506/Add.1 agus G/MA/TAR/RS/506/Add.2 ⁽¹²⁾.
- (7) Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 agus (AE) 2020/1988 agus Rialacháin (CE) Uimh. 218/2007 agus (CE) Uimh. 1518/2007 a leasú chun Airteagal GOOD.18 den Chomhaontú a chomhlíonadh d’fhonn táirgí de thionscnamh na Ríochta Aontaithe a eisiamh ó tharaifchuótaí EDT atá ann cheana.
- (8) Ós rud é go bhfuil feidhm ag Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 agus (AE) 2020/1988 maidir le taraifchuótaí a bhfuil tréimhsí cuóta dar tús an 1 Eanáir 2021 acu, agus leis na taraifchuótaí amháin, ba cheart an Ríocht Aontaithe a eisiamh freisin chun críocha na dtaraifchuótaí céanna a bhfuil tréimhsí cuóta acu a thosaigh roimh an 1 Eanáir 2021 (tréimhsí cuóta atá ar bun an 1 Eanáir 2021) agus dá ndéantar an t-allmhairiú amhail ón 1 Eanáir 2021. Níl ceadúnais a eisíodh cheana féin ag teastáil chun táirgí de thionscnamh na Ríochta Aontaithe a allmhairiú mar go mbeifí in ann allmhairiú saor ó dhleacht agus saor ó chuóta faoin gComhaontú. I gcás gur eisíodh ceadúnais den chineál sin roimh an 1 Eanáir 2021, ba cheart na hurrúis ábhartha a taisceadh a scaoileadh arna iarraidh sin ag na hoibreoírí lena mbaineann. Amhail ón 1 Eanáir 2021, níor cheart ceadúnais le haghaidh na dtaraifchuótaí sin a eisíúint i gcás táirgí de thionscnamh na Ríochta Aontaithe.
- (9) Chun comhréireacht an Rialacháin le hAirteagal GOODS.18 den Chomhaontú a áirithiú, ba cheart dó teacht i bhfeidhm mar ábhar práinne lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ba cheart feidhm a bheith aige amhail ón 1 Eanáir 2021.
- (10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um Chomheagrú na Margái Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 mar a leanas:

- (1) Leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:
- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca “Áit tionscnaimh” sna táblaí a thagraíonn do na taraifchuótaí a bhfuil na sraithuimhreacha 09.4131, 09.4133, 09.4120, 09.4121 agus 09.4122 acu:

“Áit tionscnaimh	Gach tríú tír ach amháin an Ríocht Aontaithe”
-------------------------	---

- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca “Áit tionscnaimh” sa tábla a thagraíonn don taraifchuóta a bhfuil an tsraithuimhir 09.4125 aige:

“Áit tionscnaimh	Gach tríú tír ach amháin Stáit Aontaithe Mheiriceá, Ceanada agus an Ríocht Aontaithe”
-------------------------	---

⁽⁸⁾ IO L 444, 31.12.2020, lch. 14.

⁽⁹⁾ <https://docs.wto.org>

⁽¹⁰⁾ <https://docs.wto.org>

⁽¹¹⁾ <https://docs.wto.org>

⁽¹²⁾ <https://docs.wto.org>

(2) Leasaítear Iarscríbhinn III mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca “Áit tionscnaimh” sna táblaí a thagraíonn do na taraifchuótaí a bhfuil na tsraithuimhreacha 09.4138, 09.4148, 09.4166 agus 09.4168 acu:

“Áit tionscnaimh	Gach tríú tír ach amháin an Ríocht Aontaithe”
-------------------------	---

- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca “Áit tionscnaimh” sa tábla a thagraíonn don taraifchuóta a bhfuil an tsraithuimhir 09.4119 aige:

Áit tionscnaimh	Gach tríú tír ach amháin an India, an Phacastáin, an Téalainn, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Ríocht Aontaithe
------------------------	---

- (c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca ‘Áit tionscnaimh’ sa tábla a thagraíonn don taraifchuóta a bhfuil an tsraithuimhir 09.4130 aige:

“Áit tionscnaimh	Gach tríú tír ach amháin an Astráil, an Téalainn, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Ríocht Aontaithe”
-------------------------	---

- (d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca “Áit tionscnaimh” sa tábla a thagraíonn don taraifchuóta a bhfuil an tsraithuimhir 09.4154 aige:

“Áit tionscnaimh	Gach tríú tír ach amháin an Astráil, an Ghuáin, an Téalainn, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Ríocht Aontaithe”
-------------------------	--

- (3) in Iarscríbhinn IV, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca “Áit tionscnaimh” sa tábla a thagraíonn don taraifchuóta a bhfuil an tsraithuimhir 09.4320 aige:

“Áit tionscnaimh	Gach tríú tír ach amháin an Ríocht Aontaithe”
-------------------------	---

- (4) in Iarscríbhinn VI, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca “Áit tionscnaimh” sa tábla a thagraíonn don taraifchuóta a bhfuil an tsraithuimhir 09.4287 aige:

“Áit tionscnaimh	Gach tríú tír ach amháin an tSín, an Airgintín agus an Ríocht Aontaithe”
-------------------------	--

- (5) in Iarscríbhinn VII, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca “Áit tionscnaimh” sa tábla a thagraíonn don taraifchuóta a bhfuil an tsraithuimhir 09.4286 aige:

“Áit tionscnaimh	Gach tríú tír ach amháin an tSín agus an Ríocht Aontaithe”
-------------------------	--

- (6) in Iarscríbhinn VIII, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca “Áit tionscnaimh” sa tábla a thagraíonn don taraifchuóta a bhfuil an tsraithuimhir 09.4003 aige:

“Áit tionscnaimh	Gach tríú tír ach amháin an Ríocht Aontaithe”
-------------------------	---

- (7) in Iarscríbhinn IX, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca “Áit tionscnaimh” sa tábla a thagraíonn don taraifchuóta a bhfuil an tsraithuimhir 09.4595 aige:

“Áit tionscnaimh	Gach tríú tír ach amháin an Ríocht Aontaithe”
-------------------------	---

- (8) in Iarscríbhinn X, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca “Áit tionscnaimh” sa tábla a thagraíonn don taraifchuóta a bhfuil an tsraithuimhir 09.4038 aige:

“Áit tionscnaimh	Gach tríú tír ach amháin an Ríocht Aontaithe”
-------------------------	---

- (9) in Iarscríbhinn XI, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca “Áit tionscnaimh” sna táblaí a thagraíonn do na taraifchuótaí a bhfuil na sraithuimhreacha 09.4401 agus 09.4402 acu:

“Áit tionscnaimh	Gach tríú tír ach amháin an Ríocht Aontaithe”
-------------------------	---

- (10) Leasaítear Iarscríbhinn XII mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca “Áit tionscnaimh” sna táblaí a thagraíonn do na taraifchuótaí a bhfuil na sraithuimhreacha 09.4067, 09.4068, 09.4069, 09.4070 agus 09.4422 acu:

“Áit tionscnaimh	Gach tríú tír ach amháin an Ríocht Aontaithe”
-------------------------	---

- (b) leasaítear mar a leanas na táblaí a thagraíonn do na taraifchuótaí a bhfuil na sraithuimhreacha 09.4213, 09.4216, 09.4260 agus 09.4412 acu:

- (i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca “Áit tionscnaimh”:

“Áit tionscnaimh	Gach tríú tír ach amháin an Bhrasáil, an Téalainn agus an Ríocht Aontaithe”
-------------------------	---

- (ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca “Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas”:

Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas	I Roinn 24 den cheadúnas beidh an ráiteas “Ná húsáidtear le haghaidh táirgí de thionscnamh na Brasaíle, na Téalainne ná na Ríochta Aontaithe”
---	---

- (c) leasaítear an tábla a thagraíonn don taraifchuóta a bhfuil an tsraithuimhir 09.4218 aige mar a leanas:

- (i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca “Áit tionscnaimh”:

“Áit tionscnaimh	Gach tríú tír ach amháin an Bhrasáil agus an Ríocht Aontaithe”
-------------------------	--

- (ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca “Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas”:

“Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas	I Roinn 24 den cheadúnas beidh an ráiteas “Ná húsáidtear le haghaidh táirgí de thionscnamh na Brasaíle ná na Ríochta Aontaithe”
--	---

- (d) leasaítear na táblaí a thagraíonn do na taraifchuótaí a bhfuil na sraithuimhreacha 09.4263, 09.4264 agus 09.4265 acu mar a leanas:

- (i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca “Áit tionscnaimh”:

“Áit tionscnaimh	Gach tríú tír ach amháin an Téalainn agus an Ríocht Aontaithe”
-------------------------	--

- (ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca “Tontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas”:

“Tontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas”	I Roinn 24 den cheadúnas beidh an ráiteas ‘Ná húsáidtear le haghaidh táirgí de thionscnamh na Téalainne ná na Ríochta Aontaithe’
---	--

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988

Leasaítear larscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 mar a leanas:

- (1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca ‘Áit tionscnaimh’ sna táblaí a thagraíonn do na taraifchuótaí a bhfuil na sraithuimhreacha 09.0138, 09.0132, 09.0135, 09.2903, 09.2905, 09.0071, 09.0072, 09.0073, 09.0074, 09.0075, 09.0076, 09.0089, 09.0070, 09.0043, 09.0083, 09.0139, , 09.0056, 09.0057, 09.0041, 09.0039, 09.0058, 09.0094, 09.0059, 09.0060, 09.0061, 09.0062, 09.0063, 09.0040, 09.0025, 09.0027, 09.0033, 09.0092, 09.0093, 09.0035, 09.0144, 09.0161(cuóta fo-tharaife de 09.0144), 09.0162 (cuóta fo-tharaife de 09.0144), 09.0145, 09.0163 (cuóta fo-tharaife de 09.0145), 09.0164 (cuóta fo-tharaife de 09.0145), 09.0113, 09.0114, 09.0115, 09.0147, 09.0148, 09.0149, 09.0150, 09.0151, 09.0152, 09.0153, 09.0159 (cuóta fo-tharaife de 09.0153), 09.0160 (cuóta fo-tharaife de 09.0153), 09.0118, 09.0119, 09.0120, 09.0121, 09.0122, 09.0123, 09.2178, 09.2179, 09.2016, 09.2181, 09.2019, 09.0154 agus 09.0055 acu:

“Áit tionscnaimh”	Gach tríú tír ach amháin an Ríocht Aontaithe”
--------------------------	---

- (2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca “Áit tionscnaimh” sa tábla a thagraíonn don taraifchuóta a bhfuil an tsraithuimhir 09.0128 aige:

“Áit tionscnaimh”	Tríú tíortha ar comhaltaí iad de EDT ach amháin an tSín, an Téalainn, an Indinéis agus an Ríocht Aontaithe”
--------------------------	---

- (3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca “Áit tionscnaimh” sa tábla a thagraíonn do na taraifchuótaí a bhfuil an tsraithuimhir 09.0131 acu:

“Áit tionscnaimh”	Gach tríú tír ach amháin an tSín agus an Ríocht Aontaithe”
--------------------------	--

- (4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca “Áit tionscnaimh” sa tábla a thagraíonn do na taraifchuótaí a bhfuil an tsraithuimhir 09.0142 acu:

“Áit tionscnaimh”	Gach tríú tír ach amháin an Airgintín agus an Ríocht Aontaithe”
--------------------------	---

- (5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca “Áit tionscnaimh” sna táblaí a thagraíonn do na taraifchuótaí a bhfuil na sraithuimhreacha 09.2171, 09.2175 agus 09.2015 acu:

“Áit tionscnaimh”	Gach comhalta de EDT ach amháin an Airgintín, an Astráil, an Nua-Shéalainn, Uragua, an tSile, an Ghraonlainn, an Íoslainn agus an Ríocht Aontaithe”
--------------------------	---

- (6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca “Áit tionscnaimh” sna táblaí a thagraíonn do na taraifchuótaí a bhfuil na sraithuimhreacha 09.0156 agus 09.0158 acu:

“Áit tionscnaimh”	Gach tríú tír ach amháin an Bhrasáil agus an Ríocht Aontaithe”
--------------------------	--

- (7) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca “Áit tionscnaimh” sa tábla a thagraíonn do na taraifchuótaí a bhfuil an tsraithuimhir 09.0157 acu:

“Áit tionscnaimh	Gach tríú tír ach amháin an Bhrasáil, an Téalainn agus an Ríocht Aontaithe”
-------------------------	---

Airteagal 3

Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 218/2007

Leasaítear Airteagal 1 de Rialachán (CE) Uimh. 218/2007 mar a leanas:

- (1) i bpointe (a), cuirtear na focail “(gach tríú tír ach amháin an Ríocht Aontaithe)” in ionad na bhfocal “(erga omnes)”;
- (2) i bpointe (b), cuirtear na focail “(gach tríú tír ach amháin an Ríocht Aontaithe)” in ionad na bhfocal “(erga omnes)”.

Airteagal 4

Leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 1518/2007

In Airteagal 1 de Rialachán (CE) Uimh. 1518/2007, cuirtear na focail “(gach tríú tír ach amháin an Ríocht Aontaithe)” in ionad na bhfocal “(erga omnes)”.

Airteagal 5

Taraifchuótaí ag a bhfuil tréimhsí cuóta atá ar bun faoi láthair

1. Amhail ón 1 Eanáir 2021, ní eiseofar ceadúnais le haghaidh táirgí de thionscnamh na Ríochta Aontaithe faoi na taraifchuótaí dá dtagraítear in Airteagal 1, a bhfuil a dtréimhse chuóta ar bun an 1 Eanáir 2021. Amhail ón dáta céanna, ní chumhdaítear táirgí de thionscnamh na Ríochta Aontaithe faoi na taraifchuótaí dá dtagraítear in Airteagal 2.
2. A mhéid a bhaineann le hallmhairí isteach san Aontas ón Ríocht Aontaithe ar bhonn ceadúnas faoi na taraifchuótaí dá dtagraítear in Airteagal 1 a eisíodh roimh an 1 Eanáir 2021 lena n-áirítear an Ríocht Aontaithe mar thír thionscnaimh agus a bhfuil a dtréimhse chuóta ar bun an 1 Eanáir 2021 agus nach scaoileann na Ballstáit le haghaidh saorchúrsaíochta i gcomhréir leis an gComhaontú, scaoilfear na hurrúis sin a taisceadh arna iarraidh sin ag na hoibreoírí lena mbaineann.

Airteagal 6

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Feabhra 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
 Ursula VON DER LEYEN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/255 ÓN gCOIMISIÚN
an 18 Feabhra 2021

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 lena leagtar síos bearta mionsonraithe le haghaidh chur chun feidhme na mbunchaighdeán comhchoiteann maidir le slándáil eitlíochta

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse slándála na heitlíochta sibhialta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2320/2002 ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 4(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá tionchar i gcónaí ag géarchéim COVID-19 ar an eitlíocht sibhialta idirnáisiúnta agus Eorpach a mhéid go bhfuil bac mór fós, ar chúiseanna oibiachtúla, ar fheidhmiú na gcúairteanna ar an láthair chun oibreoirí lasta a ainmniú agus a athainmniú i dtrú tíortha de bhun phointe 6.8 den larscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 ón gCoimisiún ⁽²⁾, agus is cúiseanna iad nach bhfuil neart ag na hiompróirí ná na hoibreoirí lasta sin orthu.
- (2) Dá bhrí sin, is gá síneadh ama a chur le hinfhaidhmeacht an phróisis mhalartaigh agus bhrostaithe maidir le bailíochtú ar shlándáil eitlíochta an Aontais le haghaidh oibreoirí an tslabhra soláthair atá ceaptha dul chuig an Aontas agus a ndéanann paindéim COVID-19 difear dóibh, go dtí tar éis an dáta a leagadh síos i bpointe 6.8.1.7 den larscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998.
- (3) I gcomhthéacs na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) agus na hEagraíochta Domhanda Custaim (EDC), chuir an tAontas forbairt coincheapa beartais idirnáisiúnta maidir le Réamhfhaisnéis Lasta Réamhluchtaithe (PLACI) chun cinn, ar choincheap é a úsáidtear chun tuairisc a dhéanamh ar thacar sonrach sonraí 7 + 1 ⁽³⁾ mar a shainmhínítear i gCreat Caighdeán SAFE na hEagraíochta Domhanda Custaim (SAFE FoS). Na sonraí coinsíneachtaí, a chuirtear ar fáil do rialtóirí ag seoltóirí lasta, aeriompróirí, oibreoirí poist, suimeálaithe, gníomhairí rialaithe, nó eintitis eile a luaithe is féidir sula ndéantar lasta a luchtú ar aerárthach ag an bpointe imeachta deiridh, fágann na sonraí sin gur féidir sraith slándála breise a chur chun feidhme, sraith ina ndéanann na custaim iontrála anailís riosca agus bagartha roimh imeacht na coinsíneachta.
- (4) Dá bhrí sin, sula luchtófar earraí ar aerárthach atá ag imeacht as tríú tír, maidir leis an gcéad anailís riosca ar earraí atá le tabhairt isteach d'aer i gcríoch chustaim an Aontais, ba cheart í a dhéanamh a luaithe is féidir nuair a fhaightear tacar sonraí íosta an dearbhaithe iontrála achomair dá dtagraítear in Airteagal 106(2) agus (2a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾. Maidir leis an gceanglas an chéad anailís riosca a dhéanamh, ba cheart feidhm a bheith aige ón 15 Márta 2021.
- (5) Le hAirteagal 186 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún ⁽⁵⁾ leagtar síos an próiseas anailíse riosca agus rialaithe a chuireann oifig chustaim na chéad iontrála chun feidhme, agus leagtar síos in Airteagal 182 den Rialachán sin gurb é an Córas Rialaithe Allmhairí (ICS2), arna cheapadh ag an gCoimisiún agus

⁽¹⁾ IO L 97, 9.4.2008, lch. 72.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 ón gCoimisiún an 5 Samhain 2015 lena leagtar síos bearta mionsonraithe le haghaidh chur chun feidhme na mbunchaighdeán comhchoiteann maidir le slándáil eitlíochta (IO L 299, 14.11.2015, lch. 1).

⁽³⁾ Ainm an choinsíneora, seoladh an choinsíneora, ainm an choinsíní, seoladh an choinsíní, líon na bpacáistí, ollmheáchan iomlán, tuairisc ar an lasta, agus Bille Iompair Aeir Tí nó Príomhbhille Iompair Aeir.

⁽⁴⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha mionsonraithe a bhaineann le forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 1).

⁽⁵⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe chun forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais a chur chun feidhme. (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558).

ag na Ballstáit i gcomhaontú frithpháirteach, comhéadan comhchuibhithe na dtrádálaithe san Aontas le haghaidh aighneachtaí, iarrataí ar leasuithe, iarrataí ar neamhbhailithe, próiseáil agus stóráil sonraí dearbhuithe iontrála agus chun faisnéis ghaolmhar a mhalartú leis na húdaráis chustaim.

- (6) Ós rud é go bhféadfar a cheangal le torthaí na hanailíse riosca ar Réamhfaisnéis Lasta Réamhluchtaithe, ón 15 Márta 2021, ar oibreoirí atá ag gabháil do shlabhra soláthair atá ceaptha dul chuig an Aontas le linn a n-oibríochtaí i dtríú tír, bearta maolaitheacha sonracha maidir le slándáil eitlíochta a chur i bhfeidhm, is gá na rialacha cur chun feidhme maidir le slándáil eitlíochta a chomhtháthú go práinneach dá réir sin.
- (7) Tá tionchar mór ag paidéim COVID-19 atá ann faoi láthair ar chumas na n-aerfort san Aontas an próiseas suiteála um threalamh le haghaidh córais braite pléascán (EDS), a chomhlíonann caighdeán 3, a chur i gcrích. Tá an Coimisiún agus na Ballstáit an-tiomanta i gcónaí cur chun feidhme na teicneolaíochta is nuaí a thabhairt chun críche maidir le braitheoireacht a dhéanamh ar bhagáiste boilg. Cuireadh treochlár nua le chéile lena gcuirtear solúbthacht bhreise ar fáil chun oiriúnú don staid reatha, i gcomhréir le sásra tosaíochta atá bunaithe ar chatagóirí aerfort, agus lena gcuirtear infheictheacht ar fáil maidir le caighdeán níos airde a thabhairt isteach i dtaca le feidhmíocht braite.
- (8) Is léir ón taithí a fuarthas le cur chun feidhme Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 ón gCoimisiún go bhfuil gá le roinnt leasuithe ar rialacha mionsonraithe cur chun feidhme bunchaighdeán comhchoiteann áirithe. Is gá rialacha mionsonraithe cur chun feidhme áirithe na gcaighdeán sin a choigeartú d'fhonn bearta sonracha slándála eitlíochta áirithe a shoiléiriú, a chomhchuibhiú, a shimplíú agus a neartú, d'fhonn soiléireacht dhlíthiúil a fheabhsú, léirmhíniú coiteann ar an reachtaíocht a chaighdeánú agus cur chun feidhme na mbunchaighdeán comhchoiteann a áirithiú maidir le slándáil eitlíochta freisin.
- (9) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 a leasú dá réir.
- (10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste dá dtagraítear in Airteagal 19 de Rialachán (CE) Uimh. 300/2008,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur chun Feidhme (AE) 2015/1998 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag pointí (1) agus (22) den Iarscríbhinn ón 15 Márta 2021, ag pointe (2) den Iarscríbhinn ón 1 Márta 2022, agus ag pointe (14) ón 1 Iúil 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Feabhra 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
 Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear an Iarscríbhinn mar a leanas:

(1) cuirtear an pointe 6.0.4 seo a leanas isteach:

“6. 0.4 Chun críocha na hIarscríbhinne seo, ciallaíonn “Reamhfhaisnéis Lasta Réamhluchtaithe” nó “PLACI” an próiseas ina ndéantar, chun críoch slándála eitlíochta, an chéad anailís riosca ar earraí atá le tabhairt isteach d’aer i gcríoch chustaim an Aontais*.

* Toisc nach cuid í an Íoslainn de chríoch chustaim an Aontais, chun críocha phointe 6.8.7 den Iarscríbhinn, meastar gur tríú tír í an Íoslainn.”;

(2) cuirtear na pointí 6.1.4, 6.1.5 agus 6.1.6 seo a leanas isteach:

“6. 1.4 Ní fhéadfar rochtain isteach ar limistéir shrianta slándála lasta agus poist a thabhairt ach amháin tar éis a shuí cé na catagóirí seo a leanas a mbaineann an choinsíneacht ó thaobh na talún léi:

(a) gníomhaire rialaithe;

(b) coinsíneoir aitheanta;

(c) tarlóir a cheaptar i gcomhréir le pointe 6.6.1.1(c), a bhfuil coinsíneachtaí á n-iompar aige ar cuireadh rialaithe slándála i bhfeidhm maidir leo roimhe seo;

(d) aon eintiteas seachas na heintitis dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c).

6.1.5 I gcás ina bhfuil feidhm ag pointe 6.1.4 (c), cuirfear cóip den dearbhú sínithe mar atá i gCeangaltán 6-E ar fáil don ghníomhaire rialaithe, don aeriompróir nó don oibreoir aerfoirt lena ndeonófar rochtain isteach ar limistéir shrianta slándála, ach amháin sna cásanna seo a leanas:

(a) gur gníomhaire rialaithe é an tarlóir féin;

(b) go ndéantar an t-iompar thar ceann an ghníomhaire rialaithe is faighteoir nó ar son an aeriompróra is faighteoir sa limistéir shrianta slándála.

Féadfar sásra coibhéseach maidir le réamhfhógra a thabhairt don phointe rochtana a chur in ionad cóip den dearbhú sínithe i gCeangaltán 6-E a chur i láthair ag an tarlóir, sásra arna áirithiú ag an gcoinsíneoir aitheanta lasmuigh den aerfort nó ag an ngníomhaire rialaithe a ndéantar an t-iompar thar a cheann, nó ag an ngníomhaire rialaithe is faighteoir nó ag an aeriompróir is faighteoir sna limistéir shrianta slándála.

6.1.6 Coinsíneachtaí lasta nó poist nár cuireadh rialuithe slándála i bhfeidhm orthu roimhe, féadfar iad a cheadú isteach sna limistéir shrianta slándála, ar choinníoll go mbeidh siad faoi réir cur chun feidhme ceann amháin de na roghanna seo a leanas:

(a) go ndéanfar braitheoireacht orthu roimh theacht isteach dóibh, i gcomhréir le pointe 6.2, agus faoi fhreagracht an ghníomhaire rialaithe is faighteoir nó an aeriompróra is faighteoir;

(b) go ndéanfar iad a thionlacan chuig áitreabh an ghníomhaire rialaithe nó an aeriompróra atá lonnaithe sna limistéir shrianta slándála, faoi fhreagracht an ghníomhaire nó an aeriompróra.

Tráth a seachtar iad, déanfar na coinsíneachtaí sin a chosaint ar chur isteach neamhúdaraith, go dtí go gcuirfear faoi réir braitheoireachta iad.

An pearsanra a dhéanfaidh na coinsíneachtaí sin a thionlacan nó a chosaint ar chur isteach neamhúdaraith, earcófar iad i gcomhréir le pointe 11.1.1, agus cuirfear oiliúint orthu i gcomhréir le pointe 11.2.3.9 ar a laghad.”;

(3) i bpointe 6.3.1.2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

“(b) déanfaidh an t-údarás iomchuí nó bailíochtóir slándála eitlíochta de chuid an Aontais a ghníomhaíonn thar a cheann scrúdú ar an gclár slándála sula ndéanfaidh sé fíorú ar an láthair ar na láithreáin a shonraítear chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht an iarratasóra le ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 agus leis na gníomhartha cur chun feidhme a glacadh ar a bhonn.

Seachas na ceanglais maidir le braitheoireacht a leagtar síos i bpointe 6.2, measfar gur fíorú ar an láthair atá i scrúdú ar láithreán an iarratasóra a dhéanfaidh an t-údarás custaim ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 29 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 * ón gCoimisiún i gcás ina ndéantar é tráth nach luaithe ná 3 bliana roimh an dáta ar a lorgaíonn an t-iarratasóir formheas mar ghníomhaire rialaithe. Cuirfidh an t-iarratasóir údarú OEÚ agus an measúnú ábhartha ag na húdaráis chustaim ar fáil le tuilleadh iniúchta a dhéanamh orthu.

* Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe chun forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais a chur chun feidhme. (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558).”;

- (4) i bpointe 6.3.1.4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú mír:

“Seachas na ceanglais maidir le braitheoireacht a leagtar síos i bpointe 6.2, measfar gur fíorú ar an láthair atá i scrúdú ar láithreán an ghníomhaire rialaithe ag an údarás custaim ábhartha a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 29 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447.”;

- (5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 6.3.1.5:

“6. 3.1.5 I gcás nach deimhin leis an údarás iomchuí a thuilleadh go gcomhlíonann an gníomhaire rialaithe ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 300/2008, déanfaidh sé stádas gníomhaire rialaithe na láithreán sonraithe sin a tharraingt siar.

Díreach tar éis na tarraingthe siar, agus i ngach cás laistigh de 24 uair an chloig tar éis na tarraingthe siar, áiríteoidh an t-údarás iomchuí go léireofar athrú stádais an iarghníomhaire rialaithe i “mbunachar sonraí an Aontais maidir le slándáil an tslabhra soláthair”. I gcás nach sealbhóir údarú OEÚ a thuilleadh gníomhaire rialaithe dá dtagraítear in (b) d’Airteagal 38(2) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle * agus in Airteagal 33 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 nó i gcás ina bhfuil a údarú OEÚ ar fionraí toisc nár chomhlíon sé pointe (e) d’Airteagal 39 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 agus Airteagal 28 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447, déanfaidh an t-údarás iomchuí gníomh iomchuí chun comhlíontacht an ghníomhaire rialaithe le ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 a áirithiú.

Cuirfidh an gníomhaire rialaithe an t-údarás iomchuí ar an eolas maidir le haon athrú a bhaineann lena údarú OEÚ dá dtagraítear i bpointe (b) d’Airteagal 38(2) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 agus in Airteagal 33 de Rialachán (AE) 2015/2447.

* Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).”;

- (6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 6.3.1.8:

“6. 3.1.8 Cuirfidh an t-údarás iomchuí aon fhaisnéis ar fáil don údarás custaim a bhaineann le stádas gníomhaire rialaithe, faisnéis a d’fhéadfadh a bheith ábhartha maidir le húdarú OEÚ dá dtagraítear i bpointe (b) d’Airteagal 38(2) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 agus in Airteagal 33 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 a bheith i seilbh aige. Áireofar san fhaisnéis sin an fhaisnéis a bhaineann le formheas nua ar ghníomhairí rialaithe, aistarraingt stádas an ghníomhaire rialaithe, athbhailíochtú agus iniúchtaí, sceidil fíorúcháin agus torthaí na measúnuithe sin.

Leagfar síos na rialacha mionsonraithe maidir leis an malartú faisnéise sin idir an t-údarás iomchuí agus na húdaráis chustaim náisiúnta.”;

- (7) i bpointe 6.3.2.6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g):

“(g) an t-aitheantóir uathúil a fuarthas ón údarás iomchuí, de chuid aon ghníomhaire rialaithe a ghlac leis an stádas slándála a thug gníomhaire rialaithe eile do choinsíneacht, lena n-áirítear le linn oibríochtaí aistrithe.”;

- (8) i bpointe 6.3.2.6, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“Maidir le lasta nó post traschuir nach bhfuil an t-aeriompróir nó an gníomhaire rialaithe atá ag feidhmiú thar a cheann in ann an fhaisnéis a cheanglaítear leis an bpointe seo, nó le pointe 6.3.2.7 mar is infheidhme a dhearbhu, cuirfead an lasta nó an post sin faoi réir braitheoireachta sula luchtófar ar bord aerárthaigh é le haghaidh na chéad eitle eile.”;

- (9) i bpointe 6.4.1.2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

“(c) measfar gur fíorú ar an láthair scrúdú ar láthair an iarratasóra a dhéanfaidh údarás custaim ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 29 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447* ón gCoimisiún i gcás ina ndéantar é tráth nach luaithe ná 3 bliana roimh an dáta ar a lorgaíonn an t-iarratasóir formheas mar choinsíneoir aitheanta. Sna cásanna sin, déanfaidh an t-iarratasóir an fhaisnéis a cheanglaítear i gCuid a hAon den “Seicliosta um bailíochtú le haghaidh coinsíneoirí aitheanta” a chur i gcrích mar atá i gCeangaltán 6-C agus í a chur chuig an údarás iomchuí mar aon leis an dearbhú gealltanais a shíneoidh ionadaí dlíthiúil an iarratasóra nó an duine atá freagrach as slándáil ag an láithreán.

Cuirfidh an t-iarratasóir údarú OEÚ agus an measúnú ábhartha ag na húdaráis chustaim ar fáil le tuilleadh iniúchta a dhéanamh orthu.

Déanfaidh an t-údarás iomchuí nó bailíochtóir slándála eitlíochta de chuid an Aontais an dearbhú sínithe a choinneáil agus cuirfead ar fáil é arna iarraidh sin don údarás iomchuí lena mbaineann.”;

- (10) i bpointe 6.4.1.4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú mír:

“Measfar gur fíorú ar an láthair scrúdú a dhéanfaidh an t-údarás custaim ábhartha ar láithreán an choinsíneora aitheanta i gcomhréir le hAirteagal 29 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447.”;

- (11) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 6.4.1.5:

“6. 4.1.5 I gcás nach deimhin leis an gcoinsíneoir aitheanta a thuilleadh go gcomhlíonann an gníomhaire rialaithe ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 300/2008, déanfaidh sé stádas coinsíneora aitheanta na láithreán sonraithe sin a tharraingt siar.

Díreach tar éis na tarraingthe siar, agus i ngach cás laistigh de 24 uair an chloig tar éis na tarraingthe siar, áiríteoidh an t-údarás iomchuí go léireofar athrú stádais an choinsíneora i “mbunachar sonraí an Aontais maidir le slándáil an tslabhra soláthair”.

I gcás nach bhfuil coinsíneoir aitheanta ina shealbhóir a thuilleadh ar údarú OEÚ dá dtagraítear i bpointe (b) d’Airteagal 38(2) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 agus in Airteagal 33 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 nó i gcás ina bhfuil a údarú OEÚ ar fionraí toisc nár comhlíonadh pointe (e) d’Airteagal 39 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 agus Airteagal 28 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447, déanfaidh an t-údarás iomchuí gníomh iomchuí chun comhlíontacht an choinsíneora aitheanta le ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 a áirithiú.

Cuirfidh an coinsíneoir aitheanta an t-údarás iomchuí ar an eolas maidir le haon athrú a bhaineann lena údarú OEÚ dá dtagraítear i bpointe (b) d’Airteagal 38(2) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 agus in Airteagal 33 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447.”;

- (12) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 6.4.1.7:

“6. 4.1.7 Cuirfidh an t-údarás iomchuí aon fhaisnéis ar fáil don údarás custaim a bhaineann le stádas coinsíneora aitheanta, faisnéis a dhéanfaidh a bheith ábhartha maidir le húdarú OEÚ dá dtagraítear i bpointe (b) d’Airteagal 38(2) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 agus in Airteagal 33 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 a bheith i seilbh aige. Áireofar san fhaisnéis sin an fhaisnéis a bhaineann le formheas nua ar choinsíneoirí aitheanta, aistarraingt stádas gníomhaire aitheanta, athbhailíochtú agus iniúchtaí, sceidil fíorúcháin agus torthaí na measúnuithe sin.

Leagfar síos na rialacha mionsonraithe maidir leis an malartú faisnéise sin idir an t-údarás iomchuí agus na húdaráis chustaim náisiúnta.”;

(13) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 6.5.1:

“6. 5.1 Coinneoidh an gníomhaire rialaithe bunachar sonraí ina mbeidh an fhaisnéis seo a leanas uile de chuid aon choinsíneoir cuntais arna ainmniú aige roimh an 1 Meitheamh 2017:

- (a) mionsonraí na cuideachta, lena n-áirítear an seoladh gnó *bona fide*;
- (b) cineál an ghnó;
- (c) sonraí teagmhála, lena n-áirítear sonraí teagmhála an duine nó na ndaoine atá freagrach as slándáil;
- (d) uimhir thagartha CBL nó uimhir chláraithe cuideachta;
- (e) “Dearbhú gealltanais — coinsíneoir cuntais” sínithe mar atá i gCeangaltán 6-D.

I gcás inar sealbhóir údarú OEÚ dá dtagraítear i bpointe (b) d’Airteagal 38(2) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 agus in Airteagal 33 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 an coinsíneoir cuntais, coinneofar uimhir an údaraithe OEÚ sa bhunachar sonraí dá dtagraítear sa chéad mhír.

Beidh an bunachar sonraí ar fáil lena iniúchadh ag an údarás iomchuí.”;

(14) cuirtear na pointí 6.6.1.3, 6.6.1.4 agus 6.6.1.5 seo a leanas isteach:

“6. 6.1.3 Na baill foirne a dhéanfaidh aerlasta agus aerphoist a raibh rialuithe slándála curtha i bhfeidhm orthu a bhailiú, a iompar, a stóráil agus a sheachadadh, áiríteoidh an tarlóir go gcuirfead baill foirne sin faoi réir an mhéid seo a leanas ar a laghad:

- (a) seiceáil ar shláine an duine, ina ndéanfar an chéannacht agus an *curriculum vitae* a fhíorú agus/nó teistiméireachtaí a chur ar fáil;
- (b) oiliúint maidir le feasacht ar chúrsaí slándála ginearálta, i gcomhréir le pointe 11.2.7.

6.6.1.4 Aon bhall foirne de chuid an tarlóra ar tugadh rochtain gan mhaoirsiú dó ar lasta agus ar phost agus aon fheidhm dá dtagraítear i bpointe 6.6.1.3 á comhlíonadh aige, nó le linn dó aon rialuithe slándála a leagtar síos sa Chaibidil seo á gcur chun feidhme aige, beidh an méid seo a leanas déanta aige:

- (a) beidh seiceáil cúlra curtha i gcrích go sásúil aige;
- (b) beidh oiliúint slándála déanta aige, i gcomhréir le pointe 11.2.3.9.

6.6.1.5 I gcás ina mbaineann tarlóir úsáid as seirbhísí cuideachta eile chun ceann amháin nó níos mó de na feidhmeanna dá dtagraítear i bpointe 6.6.1.3 a dhéanamh, comhlíonfaidh an chuideachta eile sin na coinníollacha seo a leanas:

- (a) comhaontú tarlóra a shíniú leis an tarlóir;
- (b) staonadh ó fhoichonraitheoireacht eile a dhéanamh;
- (c) forálacha phointí 6.6.1.3 agus 6.6.1.4 a chur chun feidhme, de réir mar is infheidhme.

Coinníonn an tarlóir foichonraitheoireachta freagracht iomlán as an iompar ar fad thar ceann an ghníomhaire nó an choinsíneora.”;

(15) i bpointe 6.8.1.7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

“Le linn na tréimhse ón 1 Aibreán 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2021, is féidir leis an údarás iomchuí maolú ón bpróiseas a leagtar síos i bpointe 6.8.2 agus aeriompróir a ainmniú go sealadach mar ACC3, sa chás nach bhféadfaí bailíochtú slándála eitleíochta de chuid an Aontais a dhéanamh ar chúiseanna oibiachtúla a bhaineann leis an ngéarchéim phaindéime a d’eascair as COVID-19 agus nach bhfuil aon fhreagracht ar an aeriompróir ina leith. Beidh an t-ainmniú faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas.”;

(16) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 6.8.3.6 agus 6.8.3.7:

“6. 8.3.6 Tar éis na rialuithe slándála dá dtagraítear i bpointí 6.8.3.1 go 6.8.3.5 a bheith curtha chun feidhme, áiríteoidh an ACC3 nó an gníomhaire rialaithe arna bhailíochtú faoi shlándáil eitleíochta an Aontais (RA3) atá freagrach as cur chun feidhme na rialuithe slándála go mbeidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad san

áireamh sna doiciméid tionlacain, i bhfoirm bille aeriompair, doiciméadacht choibhéiseach poist nó i ndearbhú ar leith, a chuirfear ar fáil i bhformáid leictreonach nó i scríbhinn:

- (a) aitheantóir uathúil alfa-uimhriúil ACC3;
- (b) stádas slándála na coinsíneachta dá dtagraítear i bpointe (d) de phointe 6.3.2.6 agus arna eisiúint ag ACC3 nó ag an ngníomhaire rialaithe arna bhailíochtú faoi shlándáil eitlíochta an Aontais (RA3), de réir mar is iomchuí;
- (c) aitheantóir uathúil na coinsíneachta, amhail uimhir an bhille iompair aeir tí nó uimhir an phríomhbhille iompair aeir, i gcás inarb infheidhme;
- (d) inneachar na coinsíneachta, nó léiriú ar chomhdhlúthú i gcás inarb infheidhme;
- (e) na cúiseanna leis an stádas slándála a eisiúint, lena n-áirítear an modh braitheoireachta a úsáideadh nó na forais ar a ndearnadh an choinsíneacht a dhíolmhú ó bhraitheoireacht, trí na caighdeáin a glacadh i scéim ICAO um Dhearbhú Slándála Coinsíneachta a úsáid.

I gcás comhdhlúthaithe, déanfaidh an gníomhaire rialaithe arna bhailíochtú faoi shlándáil eitlíochta an Aontais (RA3) a bhfuil an comhdhlúthú déanta aige an fhaisnéis a leagtar amach i bpointí (a) go (e) den chéad mhír a choinneáil i gcás gach coinsíneachta aonair go dtí an t-am a mheastar go dtiocfaidh na coinsíneachtaí isteach sa chéad aerfort san Aontas nó ar feadh 24 uair an chloig, cibé tréimhse is faide.

6.8.3.7 Aon aeriompróir a thiocfaidh isteach ó thríú tír a liostaítear i gCeangaltán 6-F, áiritheoidh sé go gcomhlíonfaidh sé na pointí is infheidhme a leagtar síos i bpointe 6.8.3.6 i leith lasta agus poist a iompraítear ar bord. Ar a laghad comhlíonfaidh an doiciméadacht a ghabhann leis na coinsíneachtaí sin Scéim ICAO um Dhearbhú Slándála Coinsíneachta nó scéim mhalartach lena gcuirtear an fhaisnéis riachtanach ar fáil ar bhealach coibhéiseach.”;

(17) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 6.8.3.9:

“6. 8.3.9 Coinsíneachtaí idirthurais nó aistrithe a thagann isteach ó thríú tír nach dtagraítear di i bpointe 6.8.3.8 agus nach gcomhlíonann an doiciméadacht a ghabhann leo pointe 6.8.3.6, caithfear leo i gcomhréir le pointe 6.2 roimh an eiltit ina dhiaidh sin.”;

(18) i bpointe 6.8.4.11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

“Le linn na tréimhse ón 1 Aibreán 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2021, is féidir leis an údarás iomchuí maolú ón bpróiseas a leagtar síos i bpointe 6.8.5 agus tríú tír a ainmniú go sealadach mar RA3 nó KC3, sa chás nach bhféadfaí bailíochtú slándála eitlíochta de chuid an Aontais a dhéanamh ar chúiseanna oibiachtúla a bhaineann leis an ngéarchéim phaindéime a d’eascair as COVID-19 agus nach bhfuil aon fhreagracht ar an eintiteas ina leith. Beidh an t-ainmniú faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:”;

(19) i bpointe 6.8.4.12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

“(d) deonaítear an t-ainmniú ar feadh tréimhse nach faide ná sé mhí agus féadfaidh sé a bheith faoi réir síneadh laistigh den tréimhse mhaolaithe mar a leagtar amach i bpointe 6.8.4.11.”;

(20) scriostar pointí 6.8.5.5, 6.8.5.6 agus 6.8.5.7;

(21) i bpointe 6.8.6.1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (1):

“1. I gcás ina sainaithníonn nó ina bhfaigheann an Coimisiún nó údarás iomchuí faisnéis i scríbhinn faoi easnamh tromchúiseach a bhaineann le hoibríochtaí ACC3, RA3 nó KC3, a meastar tionchar suntasach a bheith aige ar leibhéal foriomlán na slándála eitlíochta san Aontas, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

- (a) an t-aeriompróir nó an t-eintiteas lena mbaineann a chur ar an eolas go pras, tuairimí agus bearta iomchuí a iarraidh maidir leis an easnamh tromchúiseach;
- (b) na Ballstáit eile agus an Coimisiún a chur ar an eolas go pras.

Féadfar an t-easnamh tromchúiseach dá dtagraítear sa chéad mhír a shainithint le linn ceachtar de na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- (1) le linn gníomhaíochtaí faireacháin ar chomhlíonadh;
- (2) le linn an scrúdaithe ar dhoiciméadacht lena n-áirítear tuarascáil an Aontas maidir le bailíochtú slándála eitlíochta oibreoirí eile atá mar chuid de shlabhra soláthair ACC3, RA3 nó KC3;
- (3) ar fhaisnéis fhíorasach i scríbhinn a fháil ó údarás eile agus/nó ó oibreoirí eile i ndáil le gníomhaíochtaí ACC3, RA3 nó KC3 lena mbaineann, i bhfoirm fianaise doiciméadaithe lena léirítear go soiléir sárúithe slándála.”;

(22) cuirtear an pointe 6.8.7 seo a leanas isteach:

“6.8.7 Reamhfhaisnéis Lasta Réamhluchtaithe (PLACI)

6.8.7.1 De bhun Airteagal 186 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447, déanfar PLACI sula n-imítear as tríú tír, ar fháil d’údarás custaim an chéad phointe iontrála íosmhéid tacar sonraí an dearbhaithe iontrála achomair dá dtagraítear in Airteagal 106(2) agus (2a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún*.

6.8.7.2 Le linn PLACI agus i gcás ina bhfuil forais réasúnacha ann d’oifig chustaim na chéad iontrála bheith in amhras go bhféadfadh coinsíneacht a thagann isteach d’ aer i gcríoch an Aontais a bheith ina bagairt thromchúiseach ar eitlíocht shibhialta, caithfear leis an gcoinsíneacht sin mar lasta nó post ardriosca (HRCM) i gcomhréir le pointe 6.7.

6.8.7.3 An t-aeriompróir, an t-oibreoir, an t-eintiteas nó an duine i dtríú tír seachas iad siúd a liostaítear i gCeangaltán 6-F agus an Íoslainn, ar fhógra a fháil ó oifig chustaim na chéad iontrála lena gceanglaítear go gcaithfear le coinsíneacht mar lasta nó post ardriosca (HRCM) i gcomhréir le pointe 6.8.7.2, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

- (a) I gcás ACC3 nó RA3 formheasta chun rialuithe slándála a liostaítear i bpointe 6.7.3 agus 6.7.4 den larscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2015) 8005 a dhéanamh, na rialuithe sin a chur chun feidhme i ndáil leis an gcoinsíneacht shonrach;
- (b) maidir le ACC3 nó RA3 arna fhormheas chun na rialuithe slándála sin a dhéanamh, a áirithiú go gcomhlíonfaidh sin na forálacha a leagtar síos i bpointe (a). Soláthrófar faisnéis d’oifig chustaim na chéad iontrála i gcás ina mbeidh an choinsíneacht le tairiscint nó i gcás ina ndearnadh í a thairiscint d’oibreoir, d’eintiteas nó d’údarás eile chun na rialuithe slándála a chur i bhfeidhm. Áiritheoidh an t-oibreoir, an t-eintiteas nó an t-údarás eile sin cur chun feidhme na rialuithe slándála dá dtagraítear i bpointe (a) agus dearbhóidh sé don aeriompróir, don oibreoir, don eintiteas nó don duine óna bhfuarthas an choinsíneacht go ndearnadh cur chun feidhme na rialuithe slándála sin agus torthaí na rialuithe sin ar aon;
- (c) cur chun feidhme na rialuithe slándála dá dtagraítear i bpointe (a) agus torthaí na rialuithe sin ar aon a dhearbhu d’oifig chustaim na chéad iontrála.

Ní bheidh feidhm ag pointe (a) ná ag pointe (b) den chéad mhír i gcás inar cuireadh na rialuithe slándála a iarradh i bhfeidhm roimhe sin. I gcás ina mbeidh faisnéis maidir le bagairt ann, áfach, nach raibh ar fáil go dtí gur cuireadh na rialuithe slándála roimhe sin chun feidhme, d’fhéadfaí a iarraidh ar an aeriompróir, ar an oibreoir, ar an eintiteas nó ar an duine na rialuithe slándála a dhéanamh arís trí bhealaí nó modhanna sonracha, agus dearbhú mar a leagtar amach i bpointe (c) den chéad mhír a chur ar fáil. Féadfar an t-aeriompróir, an t-oibreoir, an t-eintiteas nó an duine a chur ar an eolas faoi aon eilimint agus aon fhaisnéis is gá chun an cuspóir slándála a chomhlíonadh go héifeachtach.

6.8.7.4 Aeriompróirí, oibreoirí, eintitis nó daoine i dtríú tír a liostaítear i gCeangaltán 6-F nó san Íoslainn, a fhaigheann fógra ó oifig chustaim na chéad iontrála lena gceanglaítear go gcaithfear le coinsíneacht mar lasta nó post ardriosca (HRCM) i gcomhréir le pointe 6.8.7.2, déanfaidh siad an méid seo a leanas:

- (a) na rialuithe slándála a bhunaítear le hIarscríbhinn 17 ICAO maidir le Lasta nó Post Ardriosca ** ar a laghad a chur chun feidhme i ndáil leis an gchoinsíneacht shonrach;
- (b) a áirithiú go gcomhlíonfaidh oibreoir, eintiteas nó údarás arna fhorhmeas ag an údarás iomchuí ábhartha sa tríú tír ceanglais phointe (a) maidir leis na rialuithe slándála sin a dhéanamh. Soláthrófar faisnéis d'oifig chustaim na chéad iontrála i gcás ina mbeidh an choinsíneacht le tairiscint nó i gcás ina ndearnadh í a thairiscint d'oibreoir, d'eintiteas nó d'údarás eile chun na rialuithe slándála a chur i bhfeidhm. Áiritheoidh an t-oibreoir, an t-eintiteas nó an t-údarás eile sin cur chun feidhme na rialuithe slándála dá dtagraítear i bpointe (a) agus dearbhóidh sé don aeriompróir, don oibreoir, don eintiteas nó don duine óna bhfuarthas an choinsíneacht go ndearnadh cur chun feidhme na rialuithe slándála sin agus torthaí na rialuithe sin ar aon;
- (c) cur chun feidhme na rialuithe slándála dá dtagraítear i bpointe (a) agus torthaí na rialuithe sin ar aon a dhearbhu d'oifig chustaim na chéad iontrála.

Ní bheidh feidhm ag pointe (a) ná ag pointe (b) den chéad mhír i gcás inar cuireadh na rialuithe slándála a iarradh i bhfeidhm roimhe sin. I gcás ina mbeidh faisnéis maidir le bagairt ann, áfach, nach raibh ar fáil go dtí gur cuireadh na rialuithe slándála roimhe sin chun feidhme, d'fhéadfaí a iarraidh ar an aeriompróir, ar an oibreoir, ar an eintiteas nó ar an duine na rialuithe slándála a dhéanamh arís trí bhealaí nó modhanna sonracha, agus dearbhú mar a leagtar amach i bpointe (c) den chéad mhír a chur ar fáil. Féadfar an t-aeriompróir, an t-oibreoir, an t-eintiteas nó an duine a chur ar an eolas faoi aon eilimint agus aon fhaisnéis is gá chun an cuspóir slándála a chomhlíonadh go héifeachtach.

- 6.8.7.5 Le linn PLACI agus i gcás ina bhfuil forais réasúnacha ann d'oifig chustaim na chéad iontrála a bheith in amhras go bhféadfadh coinsíneacht a thagann isteach d'aer i gcríoch an Aontais a bheith ina bagairt thromchúiseach ar shlándáil, bagairt a thugann ar an oifig chustaim sin fógra a thabhairt gan luchtú a dhéanamh, ní dhéanfar an choinsíneacht sin a luchtú ar bord aerárthaigh, nó a dhíluchtú, de réir mar is infheidhme.
- 6.8.7.6 An t-aeriompróir, an t-oibreoir, an t-eintiteas nó an duine i dtríú tír a fhaigheann fógra ó oifig chustaim na chéad iontrála lena gceanglaítear nach luchtófar coinsíneacht ar bord aerárthaigh i gcomhréir le pointe 6.8.7.5, déanfaidh sé an méid seo a leanas:
 - (a) a áirithiú nach luchtófar an choinsíneacht a bheidh ina sheilbh ar bord aerárthaigh, nó go ndéanfar í a dhíluchtú láithreach i gcás an choinsíneacht a bheith ar bord an aerárthaigh cheana féin;
 - (b) dearbhú a sholáthar gur chomhlíon sé an iarraidh chuig oifig chustaim na chéad iontrála i gcríoch chustaim an Aontais;
 - (c) oibriú i gcomhar le húdaráis ábhartha Bhallstát oifig chustaim na chéad iontrála;
 - (d) údarás iomchuí um shlándáil eitlíochta sibhialta an Stáit ina bhfuil an t-aeriompróir, an t-oibreoir, an t-eintiteas nó an duine a fhaigheann an fógra lonnaithe a chur ar an eolas, agus údarás iomchuí um shlándáil eitlíochta an tríú tír ina bhfuil an choinsíneacht lonnaithe faoi láthair a chur ar an eolas, murab iad na húdaráis chéanna iad.
- 6.8.7.7 Má tá an choinsíneacht le haeriompróir, le hoibreoir nó le heintiteas eile feadh an tslabhra soláthair, déanfaidh an t-aeriompróir, an t-oibreoir, an t-eintiteas nó an duine a fhaigheann an fógra gan luchtú a dhéanamh a leagtar síos i bpointe 6.8.7.5 an t-aeriompróir, an t-oibreoir, an t-eintiteas nó an duine eile sin a chur ar an eolas go ndéanfaidh sé an méid seo a leanas:
 - (a) a áirithiú go gcomhlíonfar forálacha phointí (a), (c) agus (d) de phointe 6.8.7.6;
 - (b) a dhearbhu don aeriompróir, don oibreoir, don eintiteas nó don duine a fuair an fógra a leagtar síos i bpointe 6.8.7.5 go gcuirfead pointe (b) de phointe 6.8.7.6 i bhfeidhm.
- 6.8.7.8 Má bhíonn an t-aerárthach san aer cheana féin le coinsíneacht ar bord a raibh fógra tugtha ag oifig chustaim na chéad iontrála ina leith, de bhun phointe 6.8.7.5, nár cheart coinsíneacht a luchtú, cuirfidh an t-aeriompróir, an t-oibreoir, an t-eintiteas nó an duine a fuair an fógra na páirtithe seo a leanas ar an eolas láithreach:

- (a) údaráis ábhartha an Bhallstáit dá dtagraítear i bpointe (c) de phointe 6.8.7.6 chun údaráis ábhartha Bhallstát na chéad traseitilte san Aontas a chur ar an eolas agus chun idirchaidreamh a dhéanamh leo;
- (b) an t-údarás iomchuí um shlándáil eitlíochta sibhialta sa tríú tír ina bhfuil an t-aeríompróir, an t-oibreoir, an t-eintiteas nó an duine a fhaigheann an fógra lonnaithe, agus an t-údarás iomchuí um shlándáil eitlíochta san tríú tír ónar fhág an eitilt, murab iad na húdaráis chéanna iad.

6.8.7.9 Tar éis an fhógra a fháil ó oifig chustaim na chéad iontrála a d'eisigh fógra mar a leagtar síos i bpointe 6.8.7.5, déanfaidh údarás iomchuí an Bhallstáit chéanna, de réir mar is infheidhme, na prótacail teagmhais slándála ábhartha a chur chun feidhme nó a áirithiú, nó comhoibroidh sé in aon ghníomhaíocht ina dhiaidh sin, lena n-áirítear comhordú le húdaráis sa tríú tír imeachta agus i gcás inarb infheidhme sna tíortha idirthurais agus/nó aistrithe, agus cuirfidh sé chun feidhme iad nó áiritheoidh sé go gcuirfear chun feidhme iad i gcomhréir le clár náisiúnta um shlándáil eitlíochta sibhialta an Bhallstáit agus leis na caighdeáin idirnáisiúnta agus na cleachtais a mholtar i dtaca le bainistiú géarchéime agus le freagairt ar ghníomhartha cur isteach neamhdhleathaigh.

6.8.7.10 An t-aeríompróir, an t-oibreoir, an t-eintiteas nó an duine i dtríú tír a fhaigheann fógra arna eisiúint ag údarás custaim tríú tír a chuireann scéim Réamhfhaisnéis Lasta Réamhluchtaithe chun feidhme agus í ag cloí leis na prionsabail a leagtar amach i gCreat Caighdeán SAFE na hEagraíochta Domhanda Custaim, áiritheoidh sé cur chun feidhme na gceanglas a leagtar síos i bpointí 6.8.7.3 agus 6.8.7.4 agus i bpointí 6.8.7.6, 6.8.7.7, 6.8.7.8.

Níl feidhm ag an bpointe seo ach amháin maidir le coinsíneachtaí lasta nó poist a chomhlíonann aon cheann de na critéir thíos:

- (a) go n-íompraítear iad le haghaidh idirthurais nó le haghaidh aistrithe ag aerfort de chuid an Aontais sula sroichfidh siad an ceann scríbe deiridh ag aerfort atá lonnaithe sa tríú tír ina bhfuil an t-údarás custaim atá ag tabhairt an fhógra;
- (b) go n-íompraítear iad le haghaidh idirthurais nó le haghaidh a n-aistrithe ag aerfort de chuid an Aontais sula mbeidh idirthuras nó aistriú eile acu ag aerfort atá lonnaithe sa tríú tír ina bhfuil an t-údarás custaim atá ag tabhairt an fhógra.

Chun críocha na gceanglas a leagtar amach i bpointí 6.8.7.6(c) agus 6.8.7.8(a), maidir leis an aeríompróir, an t-oibreoir, an t-eintiteas nó an duine a fhaigheann an fógra i dtríú tír, cuirfidh sé údaráis ábhartha an Bhallstáit ar an eolas láithreach faoin gcéad tuirlingt san Aontas.

Má tá an t-aerárthach san aer cheana féin, cuirfear an fhaisnéis ar fáil d'údaráis ábhartha Bhallstát na chéad traseitilte san Aontas, agus áiritheoidh siad sin cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe 6.8.7.9, i gcomhar le húdaráis ábhartha Bhallstát na chéad tuirlingthe san Aontas.

Cuirfidh údaráis ábhartha Bhallstát na chéad traseitilte san Aontas agus údaráis ábhartha Bhallstát na chéad tuirlingthe san Aontas ar aon na húdaráis chustaim ábhartha ar an eolas.

* Rialachán Tarmilgthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha mionsonraithe a bhaineann le forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 1).

** Cuirfidh aeríompróirí, oibreoirí agus eintitis san Íoslainn pointí 6.7.3 agus 6.7.4 den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2015) 8005 i bhfeidhm.”;

(23) i bpointe 11.6.3.6, cuirtear an abairt seo a leanas leis:

“Na codanna ábhartha den reachtaíocht neamhphoiblí agus de chláir náisiúnta a thagraíonn do na hoibríochtaí agus do na réimsí atá le bailíochtú, cuirfidh an t-údarás iomchuí na codanna sin ar fáil do na bailíochtóirí atá formheasta aige.”;

(24) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 11.6.3.8:

“11.6.3.8 Ní fhéadfaidh an t-údarás iomchuí atá ag gníomhú mar bhailíochtóir bailíochtú a dhéanamh ach amháin i leith aeríompróirí, oibreoirí agus eintitis a chuirtear faoina fhreagracht nó faoi fhreagracht údarás iomchuí Ballstáit eile, i gcás ina n-iarrann an t-údarás sin go sainráite air nó ina n-ainmníonn an t-údarás sin é chun bailíochtú a dhéanamh.”;

(25) cuirtear an pointe 11.6.3.11 seo a leanas isteach:

“11.6.3.11 Beidh formheas bailíochtóra slándála eitlíochta de chuid an Aontais bailí ar feadh uastréimhse 5 bliana.”;

(26) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 11.6.4.1:

“11.6.4.1 Maidir le bailíochtóir slándála eitlíochta de chuid an Aontais:

- (a) ní mheasfar é a bheith formheasta go dtí go liostófar na mionsonraí atá ann i “mbunachar sonraí an Aontais maidir le slándáil an tslabhra soláthair”;
- (b) cuirfidh an t-údarás iomchuí cruthúnas ar a stádas ar fáil dó nó cuirfear ar fáil dó é thar ceann an údaráis iomchuí;
- (c) ní fhéadfaidh sé bailíochtú slándála eitlíochta de chuid an Aontais a dhéanamh má tá stádas bailíochtóra slándála aige faoi scéim choibhéseach atá ar bun i dtríú tír nó in eagraíocht idirnáisiúnta, ach amháin i gcás ina mbíonn feidhm ag pointe 11.6.4.5.

I dtaca le bailíochtóirí slándála eitlíochta de chuid an Aontais a liostaítear i “mbunachar sonraí an Aontais maidir le slándáil an tslabhra soláthair” thar ceann an údaráis iomchuí, ní fhéadfaidh siad bailíochtú a dhéanamh ar aerlínte, oibreoirí nó eintitis ach amháin faoi fhreagracht an údaráis iomchuí sin.”;

(27) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 11.6.5.6:

“11.6.5.6 Mar réamhshocrú, is i mBéarla a bheidh an tuarascáil agus seachadfar í chuig an údarás iomchuí mar aon leis an eintiteas bailíochtaithe, laistigh de mhí amháin ar a mhéad tar éis an fhíoraithe ar an láthair.

Déanfaidh an t-údarás iomchuí measúnú ar an tuarascáil bhailíochtaithe laistigh de 6 seachtaine ar a mhéad tar éis í a fháil.

I gcás ina mbaineann an tuarascáil le haerlíne, le oibreoir nó le heintiteas a bhfuil bailíochtú á dhéanamh air chun críoch ainmniúcháin atá ann cheana agus a rachaidh in éag tar éis na dtréimhsí dá dtagraítear sna míreanna thuas, féadfaidh an t-údarás iomchuí tréimhse níos faide a shocrú chun an measúnú a chur i gcrích.

Sa chás sin, agus mura bhfuil gá le faisnéis bhreise agus fianaise dhoiciméadach bhreise chun an measúnú a chur i gcrích go rathúil, áiríteoidh an t-údarás iomchuí go gcuirfear an próiseas i gcrích sula rachaidh bailíocht an stádais in éag.

Laistigh de 3 mhí ón dáta a bhfaightear an tuarascáil, tabharfar aiseolas i scríbhinn don bhailíochtóir maidir le cáilíocht na tuarascála agus, i gcás inarb infheidhme, aon mholadh nó nóta a mheasfaidh an t-údarás iomchuí a bheith riachtanach. I gcás inarb infheidhme, déanfar cóip den aiseolas sin a tharchur chuig an údarás iomchuí a rinne an bailíochtóir a fhormheas.

D’fhonn aerlínte, oibreoirí nó eintitis eile a ainmniú dá bhforáiltear sa Rialachán seo, féadfaidh údarás iomchuí cóip den tuarascáil iomlán maidir le bailíochtú i mBéarla a iarraidh agus a fháil, laistigh de 15 lá, ón údarás iomchuí a dhréachtaigh tuarascáil maidir le bailíochtú ina theanga náisiúnta nó a chuir ceanglas ar an mbailíochtóir a dhéanamh an bailíochtú déanamh amhlaidh.”;

(28) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 12.0.2.1:

“12.0.2.1 Faoi réir fhorálacha 12.0.5, ní fhéadfar an trealamh slándála seo a leanas a shuiteáil tar éis an 1 Deireadh Fómhair 2020 ach amháin má deonaíodh marcáil “Stampa AE” nó stádas marcála “Stampa AE ar feitheamh” air dá dtagraítear i bpointe 12.0.2.5:

- (a) trealamh braite miotail a bhféadtar siúl tríd (WTMD);
- (b) trealamh le haghaidh córais braite pléascán (EDS);

- (c) trealamh braite rianta pléascacha (ETD);
- (d) trealamh le haghaidh córais braite pléascán leachtach (LEDS);
- (e) trealamh braite miotail (MDE);
- (f) scanóirí slándála;
- (g) trealamh scanóra bróg;
- (h) trealamh braite gaile pléascaí (EVD).”;

(29) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 12.0.2.3:

“12.0.2.3 Deonófar an marcáil “Stampa AE” do threalamh slándála arna thástáil ag lárionaid tástála a chuireann bearta rialaithe cáilíochta chun feidhme i gcomhréir le Próiseas Meastóireachta Comhchoiteann na Comhdhála Eorpaí um Eitlíocht Shibhialta faoi fhreagracht an údaráis iomchuí.”;

(30) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 12.0.5.3:

“12.0.5.3 Trealamh slándála arna fhorghas ar leibhéal náisiúnta ar bhonn phointe 12.0.5.1 nó 12.0.5.2, ní bhfaighidh sé an marcáil “Stampa AE” go huathoibríoch.”;

(31) cuirtear an pointe 12.3.1 seo a leanas isteach:

“12.3.1 Trealamh ilamharc a bheidh i ngach trealamh a shuiteáiltear ón 1 Eanáir 2023 ar a dhéanaí, atá le húsáid chun braitheoireacht a dhéanamh ar lasta agus ar phost, agus ar phost aeriompróra agus ar ábhair aeriompróra atá faoi réir rialuithe slándála i gcomhréir le Caibidil 6.

Féadfaidh an t-údarás iomchuí, ar chúiseanna oibiachtúla, úsáid trealamh x-ghathaigh aon-amhairc a suiteáladh roimh an 1 Eanáir 2023 a cheadú go dtí na dátaí seo a leanas:

- (a) trealamh x-ghathach aon-amhairc a suiteáladh roimh an 1 Eanáir 2016, go dtí an 31 Nollaig 2025 ar a dhéanaí;
- (b) trealamh x-ghathach aon-amhairc a suiteáladh ón 1 Eanáir 2016, ar feadh uastréimhse deich mbliana ó dháta a shuiteála nó ar a dhéanaí go dtí an 31 Nollaig 2027, cibé acu is túsce.

Cuirfidh an t-údarás iomchuí an Coimisiún ar an eolas i gcás ina gcuirfidh sé forálacha an dara mír i bhfeidhm.”;

(32) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 12.4.2:

“12.4.2 **Caighdeáin le haghaidh EDS**

12.4.2.1 Comhlíonfaidh gach trealamh EDS na ceanglais seo a leanas:

- (a) ní mór trealamh a suiteáladh roimh 1 Meán Fómhair 2014 a bheith i gcomhréir le caighdeán 2 ar a laghad;
- (b) ní mór trealamh a shuiteáiltear ón 1 Meán Fómhair 2014 go dtí an 31 Lúnasa 2022 a bheith i gcomhréir le caighdeán 3 ar a laghad;
- (c) ní mór trealamh a shuiteáiltear ón 1 Meán Fómhair 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2026 a bheith i gcomhréir le caighdeán 3.1 ar a laghad;
- (d) ní mór trealamh a shuiteálfar ón 1 Meán Fómhair 2026 a bheith i gcomhréir le caighdeán 3.2 ar a laghad.

12.4.2.2 Rachaidh Caighdeán 2 in éag an 1 Meán Fómhair 2021.

12.4.2.3 Chun síneadh ama a chur le húsáid EDS a chomhlíonann caighdeán 2, beidh ceithre chatagóir aerfort ann:

- (a) catagóir I – aerfort a raibh níos mó ná 25 mhilliún paisinéir aige in 2019;
- (b) catagóir II – aerfort a bhfuil seirbhísí sceidealaithe acu chuig ceann amháin ar a laghad de na tríú tíortha a liostaítear i gCeangaltán 5-A den Rialachán seo, cé is moite de Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann;
- (c) catagóir III – aerfort a raibh an méid is airde tráchta aige in 2019 i ngach Ballstát i gcás nach bhfuil siad liostaithe cheana féin faoi chatagóir I nó faoi chatagóir II;
- (d) catagóir IV – aerfort eile.

12.4.2.4 Féadfaidh an t-údarás iomchuí úsáid Chaighdeán 2 EDS a cheadú amhail ón 1 Meán Fómhair 2021, i gcomhréir leis an tábla seo a leanas, go dtí:

	Trealamh a chomhlíonann Caighdeán 2 EDS, a suiteáladh roimh an 1 Eanáir 2011	Trealamh a chomhlíonann Caighdeán 2 EDS, a suiteáladh idir an 1 Eanáir 2011 agus an 1 Meán Fómhair 2014
Aerfoirt i gCatagóir I	An 1 Márta 2022	An 1 Márta 2023
Aerfoirt i gCatagóir II nó i gCatagóir III	An 1 Meán Fómhair 2022	An 1 Meán Fómhair 2023
Aerfoirt i gCatagóir IV	An 1 Márta 2023	An 1 Márta 2024

12.4.2.5 Cuirfidh an t-údarás iomchuí an Coimisiún ar an eolas nuair a cheadóidh sé leanúint ar aghaidh le húsáid EDS a chomhlíonann caighdeán 2 amhail ón 1 Meán Fómhair 2021.

12.4.2.6 Gach trealamh EDS atá deartha chun braitheoireacht a dhéanamh ar bhagáiste cábáin, comhlíonfaidh sé caighdeán C1 ar a laghad.

12.4.2.7 Gach trealamh EDS atá deartha chun braitheoireacht a dhéanamh ar bhagáiste cábáin ina bhfuil ríomhairí iniompartha agus earraí leictreonacha eile, comhlíonfaidh sé caighdeán C2 ar a laghad.

12.4.2.8 Gach trealamh EDS atá ceaptha chun braitheoireacht a dhéanamh ar bhagáiste cábáin ina bhfuil ríomhairí iniompartha agus earraí leictreonacha eile agus leachtanna, aerasóil agus glóthacha, comhlíonfaidh an trealamh sin caighdeán C3 ar a laghad.

12.4.2.9 An trealamh uile EDS a chomhlíonann caighdeán C3, measfar é bheith coibhéiseach le trealamh LEDS a chomhlíonann caighdeán 2 maidir le braitheoireacht a dhéanamh ar leachtanna, aerasóil agus glóthacha.”.

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/256 ÓN gCOIMISIÚN
an 18 Feabhra 2021

lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 798/2008 maidir le hiontráil na Ríochta Aontaithe ar an liosta de thríú tíortha, críocha, criosanna nó deighleoga óna bhféadfár tráchtearraí áirithe éanlaithe clóis a allmhairiú isteach san Aontas agus a bheith faoi bhealach tríd i ndáil le fliú éanúil ardphataigineach

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2002/99/CE ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 lena leagtar síos na rialacha maidir le sláinte ainmhithe lena rialaítear táirgeadh, próiseáil, dáileadh agus tabhairt isteach táirgí de bhunadh ainmhíoch lena gcaitheamh ag an duine ⁽¹⁾, agus go háirithe an frása réamhráiteach d'Airteagal 8, an chéad fhomhír de mhír 1 d'Airteagal 8, mír 4 d'Airteagal 8 agus Airteagal 9(4) de,

Ag féachaint do Threoir 2009/158/CE ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le coinníollacha i dtaca le sláinte ainmhithe lena rialaítear trádáil in éanlaithe chlóis agus uibheacha goir laistigh den Chomhphobal agus allmhairí díobh as tríú tíortha ⁽²⁾, agus go háirithe Airteagail 23(1), 24(2) agus 25(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 798/2008 ón gCoimisiún ⁽³⁾ leagtar síos ceanglais deimhniúcháin tréidliachta maidir le héanlaithe chlóis agus táirgí éineola ("na tráchtearraí") a allmhairiú isteach san Aontas agus a bheith faoi bhealach tríd, lena n-áirítear iad a stóráil le linn an idirthurais. Foráiltear leis nach ndéanfar na tráchtearraí a allmhairiú isteach san Aontas agus a bheith faoi bhealach tríd ach ó na tríú tíortha, críocha, criosanna nó deighleoga a liostaítear i gcolúin 1 agus 3 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis.
- (2) Le Rialachán (CE) Uimh. 798/2008, leagtar síos freisin na coinníollacha maidir le tríú tír, críoch, crios nó deighleog a mheastar a bheith saor ó fhlíú éanúil ardphataigineach (HPAI).
- (3) I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (an Comhaontú um Tharraingt Siar), agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i gcomhréir le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, tá feidhm ag Treoracha 2002/99/CE agus 2009/158/CE, agus gníomhartha de chuid an Choimisiúin atá bunaithe orthu, maidir leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann tar éis dheireadh na hidirthréimhse dá bhforáiltear sa Chomhaontú um Tharraingt Siar.
- (4) Dá bhrí sin, liostaítear an Ríocht Aontaithe, gan Tuaisceart Éireann san áireamh, sa tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 798/2008 mar thríú tír óna n-údaráítear tráchtearraí áirithe éanlaithe clóis a allmhairiú isteach san Aontas agus a bheith faoi bhealach tríd ó chodanna áirithe dá críoch, ag brath ar HPAI a bheith ann. Leagtar réigiúnú sin na Ríochta Aontaithe amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 798/2008, arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/169 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾.
- (5) An 12 Feabhra 2021, dheimhnigh an Ríocht Aontaithe go raibh HPAI d'fhochineál H5N1 i ngabháltas éanlaithe clóis in Glenrothes, Albain.

⁽¹⁾ IO L 18, 23.1.2003, lch. 11.

⁽²⁾ IO L 343, 22.12.2009, lch. 74.

⁽³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 798/2008 ón gCoimisiún an 8 Lúnasa 2008 lena leagtar síos liosta de thríú tíortha, críocha, criosanna nó deighleoga óna bhféadfár éanlaithe chlóis agus táirgí éineola a allmhairiú isteach sa Chomhphobal agus a bheith faoi bhealach tríd agus na ceanglais deimhniúcháin tréidliachta (IO L 226, 23.8.2008, lch. 1).

⁽⁴⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/169 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2021 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 798/2008 maidir le hiontráil na Ríochta Aontaithe ar an liosta de thríú tíortha, críocha, criosanna nó deighleoga óna bhféadfár tráchtearraí áirithe éanlaithe clóis a allmhairiú isteach san Aontas agus a bheith faoi bhealach tríd i ndáil le fliú éanúil ardphataigineach (IO L 49, 12.2.2021, lch. 18).

- (6) Chuir údaráis tréidliachta na Ríochta Aontaithe crios rialaithe 10 km timpeall ar an ngabháltas atá buailte agus chuir siad beartas díbeartha chun feidhme chun láithreach HPAI a rialú agus leathadh an ghalair sin a theorannú. Thairis sin, dhearbhaigh údaráis tréidliachta na Ríochta Aontaithe gur chuir siad deimhnithe tréidliachta ar fionraí láithreach bonn le haghaidh coinsíneachtaí tráchtearraí a bhí beartaithe a onnmhairiú chuig an Aontas ó chríoch iomlán na Ríochta Aontaithe, cé is moite de Thuaisceart Éireann.
- (7) Tá faisnéis curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag an Ríocht Aontaithe maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ina críoch agus na bearta atá glactha aici chun leathadh HPAI, a bhfuil meastóireacht déanta ag an gCoimisiún air anois, a chosc. Ar bhonn na meastóireachta sin, is iomchuí srianta a chur ar thráchtearraí a thabhairt isteach san Aontas ón limistéar in Albain atá buailte ag HPAI, ar tráchtearraí iad atá curtha faoi shrianta ag údaráis tréidliachta na Ríochta Aontaithe mar gheall ar an ráig reatha.
- (8) Ba cheart, dá bhrí sin, iontráil na Ríochta Aontaithe sa tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 798/2008 a leasú chun an staid eipidéimeolaíoch atá sa tríú tír sin faoi láthair a chur san áireamh.
- (9) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 798/2008 a leasú dá réir.
- (10) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cuid 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 798/2008 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Feabhra 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

I gCuid 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 798/2008, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil na Ríochta Aontaithe:

"GB — An Ríocht Aontaithe (*)	GB-0	An tír iomlán	SPF							
			EP, E							
	GB-1	Tír iomlán na Ríochta Aontaithe, cé is moite de limistéar GB-2	BPP, BPR, DOC, DOR, HEP, HER, SRP, SRA, LT20		N			A		
			WGM							
			POU, RAT		N					
	GB-2	Críoch na Ríochta Aontaithe a chomhfhreagraíonn don mhéid seo a leanas:								
	GB-2.1	Contae Yorkshire Thuaidh: An limistéar atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 km, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí deachúlacha WGS84 seo a leanas: N54,30 agus W1,47	BPP, BPR, DOC, DOR, HEP, HER, SRP, SRA, LT20		N P2	1.1.2021	6.1.2021	A		
			WGM		P2	1.1.2021	6.1.2021			
			POU, RAT		N P2	1.1.2021	6.1.2021			
	GB-2.2	Contae Yorkshire Thuaidh: An limistéar atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 km, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí deachúlacha WGS84 seo a leanas: N54,29 agus W1,45	BPP, BPR, DOC, DOR, HEP, HER, SRP, SRA, LT20		N P2	1.1.2021	8.1.2021	A		
			WGM		P2	1.1.2021	8.1.2021			
			POU, RAT		N P2	1.1.2021	8.1.2021			
	GB-2.3	Contae Norfolk: An limistéar atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 km, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí deachúlacha WGS84 seo a leanas: N52.49 agus E0.95	BPP, BPR, DOC, DOR, HEP, HER, SRP, SRA, LT20		N P2	1.1.2021	10.1.2021	A		
			WGM		P2	1.1.2021	10.1.2021			
			POU, RAT		N P2	1.1.2021	10.1.2021			
GB-2.4	Contae Norfolk: An limistéar atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 km, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí deachúlacha WGS84 seo a leanas: N52,72 agus E0,15	BPP, BPR, DOC, DOR, HEP, HER, SRP, SRA, LT20		N P2	1.1.2021	11.1.2021	A			
		WGM		P2	1.1.2021	11.1.2021				
		POU, RAT		N P2	1.1.2021	11.1.2021				

GB-2.5	Contae Derbyshire: An limistéar atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 km, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí deachúlacha WGS84 seo a leanas: N52,93 agus W1,57	BPP, BPR, DOC, DOR, HEP, HER, SRP, SRA, LT20		N P2	1.1.2021	17.1.2021	A		
		WGM		P2	1.1.2021	17.1.2021			
		POU, RAT		N P2	1.1.2021	17.1.2021			
GB-2.6	Contae Yorkshire Thuaidh: An limistéar atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 km, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí deachúlacha WGS84 seo a leanas: N54,37 agus W2,16	BPP, BPR, DOC, DOR, HEP, HER, SRP, SRA, LT20		N P2	1.1.2021	19.1.2021	A		
		WGM		P2	1.1.2021	19.1.2021			
		POU, RAT		N P2	1.1.2021	19.1.2021			
GB-2.7	Inse Orc: An limistéar atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 km, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí deachúlacha WGS84 seo a leanas: N59,28 agus W2,44	BPP, BPR, DOC, DOR, HEP, HER, SRP, SRA, LT20		N P2	1.1.2021	20.1.2021	A		
		WGM		P2	1.1.2021	20.1.2021			
		POU, RAT		N P2	1.1.2021	20.1.2021			
GB-2.8	Contae Dorset: An limistéar atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 km, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí deachúlacha WGS84 seo a leanas: N51,06 agus W2,27	BPP, BPR, DOC, DOR, HEP, HER, SRP, SRA, LT20		N P2	1.1.2021	20.1.2021	A		
		WGM		P2	1.1.2021	20.1.2021			
		POU, RAT		N P2	1.1.2021	20.1.2021			
GB-2.9	Contae Norfolk: An limistéar atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 km, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí deachúlacha WGS84 seo a leanas: N52,52 agus E0,96	BPP, BPR, DOC, DOR, HEP, HER, SRP, SRA, LT20		N P2	1.1.2021	23.1.2021	A		
		WGM		P2	1.1.2021	23.1.2021			
		POU, RAT		N P2	1.1.2021	23.1.2021			
GB-2.10	Contae Norfolk: An limistéar atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 km, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí deachúlacha WGS84 seo a leanas: N52,52 agus E0,95	BPP, BPR, DOC, DOR, HEP, HER, SRP, SRA, LT20		N P2	1.1.2021	28.1.2021	A		
		WGM		P2	1.1.2021	28.1.2021			
		POU, RAT		N P2	1.1.2021	28.1.2021			

GB-2.11	Contae Norfolk: An limistéar atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10,4 km, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí deachúlacha WGS84 seo a leanas: N52,53 agus E0,66	BPP, BPR, DOC, DOR, HEP, HER, SRP, SRA, LT20	N P2	1.1.2021	7.2.2021	A		
		WGM	P2	1.1.2021	7.2.2021			
		POU, RAT	N P2	1.1.2021	7.2.2021			
GB-2.12	Contae Devon: An limistéar atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 km, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí deachúlacha WGS84 seo a leanas: N50,70 agus W3,36	BPP, BPR, DOC, DOR, HEP, HER, SRP, SRA, LT20	N P2	1.1.2021	31.1.2021	A		
		WGM	P2	1.1.2021	31.1.2021			
		POU, RAT	N P2	1.1.2021	31.1.2021			
GB-2.13	Gar do Amlwch, Inis Món, an Bhreatain Bheag: An limistéar atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 km, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí deachúlacha WGS84 seo a leanas: N53,38 agus W4,30	BPP, BPR, DOC, DOR, HEP, HER, SRP, SRA, LT20	N P2	27.1.2021		A		
		WGM	P2	27.1.2021				
		POU, RAT	N P2	27.1.2021				
GB-2.14	Gar do Redcar, Redcar agus Cleveland, Sasana: An limistéar atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 km, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí deachúlacha WGS84 seo a leanas: N54,57 agus W1,07	BPP, BPR, DOC, DOR, HEP, HER, SRP, SRA, LT20	N P2	8.2.2021		A		
		WGM	P2	8.2.2021				
		POU, RAT	N P2	8.2.2021				
GB-2.15	Glenrothes, Fife, Albain: An limistéar atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 km, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí deachúlacha WGS84 seo a leanas: N56,23 agus W3,02	BPP, BPR, DOC, DOR, HEP, HER, SRP, SRA, LT20	N P2	12.2.2021		A		
		WGM	P2	12.2.2021				
		POU, RAT	N P2	12.2.2021				

(*) I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i gcomhréir le hlarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, chun críocha na hlarscríbhíne seo, ní bhaineann tagairtí don Ríocht Aontaithe le Tuaisceart Éireann.”

CINNÍ

CINNEADH (CBES) 2021/257 ÓN gCOMHAIRLE

an 18 Feabhra 2021

chun tacú le Plean Gníomhaíochta Osló le haghaidh chur chun feidhme Choinbhinsiún 1997 maidir le Toirmeasc ar Úsáid, Stoc-charnadh, Táirgeadh agus Aistriú Mianach Frithphearsanra agus maidir lena nDíothú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Ba cheart don Aontas oibriú ionsar ardleibhéal comhair i ngach réimse den chaidreamh idirnáisiúnta, chun, *inter alia*, an tsíocháin a chaomhnú, coinbhleachtaí a chosc agus an tslándáil idirnáisiúnta a neartú, i gcomhréir le cuspóirí agus prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe.
- (2) An 12 Nollaig 2003, ghlac an Chomhairle Eorpach Straitéis Slándála na hEorpa inar sainithníodh dúshlán agus bagairtí domhanda, agus inar iarradh ord idirnáisiúnta riailbhunaithe bunaithe ar iltaobhachas éifeachtach agus ar institiúidí idirnáisiúnta dea-fheidhmiúla.
- (3) Tháinig an Coinbhinsiún maidir le toirmeasc ar Úsáid, Stoc-charnadh, Táirgeadh agus Aistriú Mianach Frithphearsanra agus maidir lena nDíothú (“an Coinbhinsiún”) i bhfeidhm an 1 Márta 1999. Is é an t-aon ionstraim chuimsitheach idirnáisiúnta a thugann freagra cuimsitheach chun deireadh a chur leis an bhfulaingt agus leis an gcúisíocht mar gheall ar mhianaigh fhrithphearsanra, lena n-áirítear trí chosc ar a n-úsáid, a stoc-charnadh, a dtáirgeadh, a dtrádáil agus a n-aistriú agus a ndíothú a áirithiú, chomh maith le cúnaimh a thabhairt d’íospartaigh. Ón 1 Meitheamh 2013, tá na Ballstáit go léir ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún.
- (4) An 23 Meitheamh 2008, ghlac an Chomhairle Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/487/CBES ⁽¹⁾ chun tacú le huiliú agus cur chun feidhme an Choinbhinsiúin.
- (5) An 3 Nollaig 2009, ag an dara Comhdháil Athbhreithnithe ar an gCoinbhinsiún, ghlac na Stáit is Páirtithe sa Choinbhinsiún (“na Stáit is Páirtithe”) Plean Gníomhaíochta Cartagena 2010-2014 maidir le huiliú agus cur chun feidhme gach gné den Choinbhinsiún. Ag an 10ú Cruinniú de na Stáit is Páirtithe in 2010, ghlac na Stáit is Páirtithe Treoir na Stáit is Páirtithe san Aonad Tacaíochta Cur Chun Feidhme, inar chomhaontaigh siad gur cheart d’Aonad Tacaíochta Cur Chun Feidhme an Choinbhinsiúin (ISU) comhairle agus tacaíocht theicniúil a chur ar fáil do Stáit is Páirtithe maidir le huiliú agus cur chun feidhme an Choinbhinsiúin, cumarsáid a éascú idir na Stáit is Páirtithe, agus cumarsáid agus comhroinnt faisnéise i ndáil leis an gCoinbhinsiún a chur chun cinn i measc Stáit nach páirtithe don Choinbhinsiúin iad agus an phobail araon. Ag an 14ú Cruinniú de na Stáit is Páirtithe a bhí acu in 2015, ghlac na Stáit is Páirtithe Cinneadh maidir le rialachas airgeadais agus trédhearcacht a neartú laistigh de ISU, ina leagtar amach na coinníollacha faoina rachaidh ISU i mbun gníomhaíochtaí nó tionscadail nach bhforáiltear dóibh ina bhuiséad bliantúil, lena n-áirítear ar a iarraidh sin ag Stáit is Páirtithe agus ag Stáit nach páirtithe don Choinbhinsiúin iad.
- (6) An 13 Samhain 2012, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2012/700/CBES ⁽²⁾ chun tacú le cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta Cartagena 2010-2014.

⁽¹⁾ Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/487/CBES ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 chun tacú le huiliú agus cur chun feidhme Choinbhinsiún 1997 maidir le toirmeasc ar úsáid, stoc-charnadh, táirgeadh agus aistriú mianach frithphearsanra agus maidir lena ndíothú, faoi chuimsiú Straitéis Slándála na hEorpa (IO L 165, 26.6.2008, lch. 41).

⁽²⁾ Cinneadh 2012/700/CBES ón gComhairle an 13 Samhain 2012 faoi chuimsiú Straitéis Slándála na hEorpa chun tacú le cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta Cartagena 2010-2014, arna ghlacadh ag na Stáit is Páirtithe i gCoinbhinsiún 1997 maidir le toirmeasc ar úsáid, stoc-charnadh, táirgeadh agus aistriú mianach frithphearsanra agus maidir lena ndíothú (IO L 314, 14.11.2012, lch. 40).

- (7) An 27 Meitheamh 2014, ag an trío Comhdháil Athbheithnithe ar an gCoinbhinsiún, ghlac na Stáit is Páirtithe Plean Gníomhaíochta Mhapúto 2014-2019 arb é ab aidhm dó dul chun cinn suntasach agus inbhuanaithe a dhéanamh ionsar chur chun feidhme an Choinbhinsiúin le linn na tréimhse 2014-2019, agus rinne siad dearbhú comhpháirteach inar leag siad síos an uailmhian atá acu maidir le spriocanna an Choinbhinsiúin a bhaint amach a mhéid is féidir faoi 2025.
- (8) Sna conclúidí uaithi an 16 agus an 17 Meitheamh 2014 ag an trío Comhdháil Athbheithnithe ar an gCoinbhinsiún, meabhraíodh do Chomhairle aontacht an Aontais maidir le cuspóirí an Choinbhinsiúin a shaothrú agus gur fada an tAontas agus a Bhallstáit ag tacú le mianaigh a imréiteach agus mianaigh fhrithphearsanra stoc-charntha a scríosadh chomh maith le cúnaimh a thabhairt d'íospartaigh mianach frithphearsanra. Athdhearbhaíodh sna conclúidí sin go dtacaíonn an tAontas go dtiongháilte leis na Stáit is Páirtithe agus an Coinbhinsiún á chur chun feidhme ina iomláine ar bhealach éifeachtach acu, agus go bhfuil sé tiomanta uiliú an Choinbhinsiúin a chur chun cinn, acmhainní a chur ar fáil chun gníomhaíocht a chistiú maidir le mianaigh agus cuidiú nithiúil inbhuanaithe a thabhairt d'íospartaigh na mianach frithphearsanra, dá dteaghlach agus dá bpobail.
- (9) An 4 Lúnasa 2017, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2017/1428 ^(?) mar thaca le cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta Mhapúto 2014-2019.
- (10) An 25 Meitheamh 2019, ghlac Comhairle conclúidí maidir le seasamh an Aontais Eorpaigh i dtaca leis an gcosc ar mhianaigh fhrithphearsanra a threisiú i bhfianaise an cheathrú Comhdháil Athbheithnithe ar an gCoinbhinsiún maidir le mianaigh fhrithphearsanra ón 25 go dtí an 29 Samhain 2019 in Osló. Mheas an Chomhairle, 20 bliain tar éis a theacht i bhfeidhm, go bhfuil rath ar an gCoinbhinsiún ó thaobh na taidhleoireachta dí-armála de agus gur sampla é dá seasamh an tAontais, is é sin, ord idirnáisiúnta riailbhunaithe, atá fréamhaithe san urraim do chearta an duine agus don dlí daonnúil idirnáisiúnta. D'admhaigh an Chomhairle áfach nár baineadh amach cuspóirí an Choinbhinsiúin ina n-iomláine fós.
- (11) Ag an gceathrú Comhdháil Athbheithnithe ar an gCoinbhinsiún, a tionóladh in Osló in 2019, ghlac na Stáit is Páirtithe Plean Gníomhaíochta Osló 2020-2024. Sonraítear i bPlean Gníomhaíochta Osló 2020-2024 na gníomhaíochtaí ba chearta do na Stáit is Páirtithe a dhéanamh le linn na tréimhse 2020 go 2024 chun tacú le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin, ag cur leis an méid a baineadh amach sna pleananna gníomhaíochta a bhí ann roimhe seo. Mar chuid dá shainordú, tacaíonn ISU leis na Stáit is Páirtithe agus a gcuid oibleagáidí faoin gCoinbhinsiún agus a ngealltanais faoi Phlean Gníomhaíochta Osló 2020-2024 á gcur chun feidhme acu,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Chun rannchuidiú le slándáil an duine trí thacú le cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta Osló 2020-2024 ("Plean Gníomhaíochta Osló 2020-2024") a ghlac na Stáit is Páirtithe ag an gceathrú Comhdháil Athbheithnithe ar Choinbhinsiún 1997 maidir le toirmeasc ar úsáid, stoc-charnadh, táirgeadh agus aistriú mianach frithphearsanra agus maidir lena ndíothú ("an Coinbhinsiún"), faoi chuimsiú Straitéis Slándála na hEorpa agus i gcomhréir le cinní ábhartha an chomhphobail idirnáisiúnta, saothróidh an tAontas na cuspóirí seo a leanas:

- (a) tacú le hiarrachtaí na Stát is Páirtithe na gnéithe sin de Phlean Gníomhaíochta Osló a bhaineann leis an suirbhé agus le himréiteach agus le hoideachas agus laghdú riosca mianach a chur chun feidhme;
- (b) tacú le hiarrachtaí na Stát is Páirtithe na gnéithe sin de Phlean Gníomhaíochta Osló a bhaineann le cúnaimh d'íospartaigh a chur chun feidhme;
- (c) uiliú an Choinbhinsiúin agus noirm in aghaidh aon úsáid a chur chun cinn, stoc-charnadh, táirgeadh, agus aistriú mianach frithphearsanra agus a ndíothú;

^(?) Cinneadh (CBES) 2017/1428 ón gComhairle an 4 Lúnasa 2017 chun tacú le cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta Mhapúto le haghaidh chur chun feidhme Choinbhinsiún 1997 maidir le toirmeasc ar úsáid, stoc-charnadh, táirgeadh agus aistriú mianach frithphearsanra agus maidir lena ndíothú (IO L 204, 5.8.2017, lch. 101).

- (d) tacú le hiarrachtaí na Stát is Páirtithe a choinníonn mianaigh fhrithphearsanra chun críoch a cheadaítear trí chumais tuairiscithe a mhéadú, a áirithiú nach sáraíonn méid na mianaigh a choinnítear an t-íosmhéid atá fíor-riachtanach, agus féachaint ar roghanna eile seachas mianaigh fhrithphearsanra bheo chun críoch oiliúna agus taighde i gcás inarb indéanta;
- (e) léiriú a dhéanamh ar thiomantas leanúnach an Aontais agus a Bhallstát don Choinbhinsiún agus ar a mheáite atá siad comhoibriú agus cabhrú leis na Stáit is Páirtithe sin a bhfuil tacaíocht de dhíth orthu chun a ngealltanais faoin gCoinbhinsiún, a chomhlíonadh agus príomhról an Aontais Eorpaigh a fheabhsú maidir le fis an Choinbhinsiún a shaothrú, is é sin deireadh cinnitheach a chur leis na bhfulaingt agus leis na tairmigh a bhíonn ann de thoradh ar mhianaigh fhrithphearsanra.
2. Saothrófar na cuspóirí dá dtagraítear i mír 1 ar bhealach ina dtreiseoidh siad traidisiún an Choinbhinsiúin, is é sin comhpháirtíocht agus comhoibriú idir na Stáit, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus eile, lena n-áirítear ionadaithe ó na pobail a mbíonn tionchair ag mianaigh orthu. Déanfar cur chuige cuimsitheach a áirithiú ar gach leibhéal a ionchorprú sna gníomhaíochtaí go léir.
3. Chun na cuspóirí dá dtagraítear i mír 1 a bhaint amach, tacóidh an tAontas leis na tionscadail seo a leanas:
- (a) tacaíocht d'Airteagal 5 den Choinbhinsiún, do chomhar agus cúnaimh idirnáisiúnta, agus do thrédhearcacht agus malartú faisnéise a chur chun feidhme;
- (b) tacaíocht do chúnamh d'íospartaigh, do chomhar agus cúnaimh idirnáisiúnta, agus do thrédhearcacht agus malartú faisnéise a chur chun feidhme;
- (c) tacaíocht d'iarrachtaí maidir le huiliú agus do noirm an Choinbhinsiúin a chur chun cinn;
- (d) tacaíocht do mhalartaí a thabhairt de rogha ar mhianaigh fhrithphearsanra bheo a úsáid le haghaidh oiliúna, agus do chomhar agus cúnaimh a mhéadú;
- (e) tiomantas an Aontais agus a Bhallstát a léiriú agus chun a n-infheictheacht a áirithiú, go háirithe trí mhionteagaisc bliainiúil chun gníomhaíochtaí dá bhforáiltear leis an gCinneadh seo agus na torthaí ar na gníomhaíochtaí sin a phoibliú trí ócáid chlabhsúir a eagrú agus ar an gcaoi sin rannchuidiú an Aontais do chur chun feidhme an Choinbhinsiúin a chur i dtreis.
4. Leagtar amach tuairisc mhionsonraithe ar na bearta atá le déanamh chun na cuspóirí i mír 1 a bhaint amach san Iarscríbhinn.

Airteagal 2

1. Beidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ("an tArdionadaí") freagrach as an gCinneadh seo a chur chun feidhme.
2. Cuirfear cur chun feidhme teicniúil na dtionscadal dá dtagraítear in Airteagal 1(3) de chúram ar ISU, arb é Lárionad Idirnáisiúnta na Ginéive um Dhímhianú Daonnúil (GICHHD) a dhéanfaidh ionadaíocht air.
3. Cuirfidh ISU chun feidhme na tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1(3) faoi fhreagracht an Ardionadaí. Chun na críche sin, déanfaidh an tArdionadaí na socrúithe is gá le GICHHD.

Airteagal 3

1. Is é EUR 2 658 139 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais chun na tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1(3) a chur chun feidhme.
2. Bainisteofar an caiteachas a mhaoinítear leis an méid a leagtar síos i mír 1 i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na rialacha is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais.
3. Déanfaidh an Coimisiún maoirseacht ar dhea-bhainistiú an chaiteachais a mhaoinítear leis an méid a leagtar amach i mír 1. Chun na críche sin, tabharfaidh sé comhaontú maoiniúcháin i gcrích le GICHHD, ina leagfar síos go n-áiritheoidh ISU aithint agus infheictheacht ranníocaíocht an Aontais, a bheidh oiriúnach dá méid.

4. Déanfaidh an Coimisiún iarracht an comhaontú airgeadais dá dtagraítear i mír 3 a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas maidir le haon deacrachtaí sa phróiseas sin agus maidir leis an dáta a thabharfar an comhaontú airgeadais chun críche.

5. Cuirfidh ISU chun feidhme na tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1(3) i gcomhréir leis an gCinneadh maidir le rialachas airgeadais agus trédhearcacht a neartú sa ISU, a rinneadh ag an 14ú Cruinniú de na Stáit is Páirtithe in 2015. Cuirfidh ISU ar fáil, i dteannta tuairisciú eile, tuarascálacha tuairisciúla agus ráithiúla eile, mar aon le creat loighciúil agus mairtís ghníomhaíochta a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Airteagal 4

Tuairisceoidh an tArdionadaí don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Chinnidh seo ar bhonn tuarascálacha tráthrialta arna n-ullmhú ag ISU. Beidh na tuarascálacha sin mar bhonn leis an measúnú a dhéanfaidh an Chomhairle. Cuirfidh an Coimisiún faisnéis ar fáil maidir leis na gnéithe airgeadais de chur chun feidhme an Chinnidh seo.

Airteagal 5

1. Tíocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.
2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag 48 mí tar éis an dáta a thabharfar an comhaontú maoiniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 3(3) i gcrích nó 6 mhí tar éis dháta a ghlactha mura mbeidh aon chomhaontú maoiniúcháin tugtha i gcrích laistigh den tréimhse sin.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Feabhra 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. P. ZACARIAS

IARSCRÍBHINN

TIONSCADAIL MAR THACA LEIS AN BPLEAN GNÍOMHAÍOCHTA OSLÓ LE HAGHAIDH CHUR CHUN FEIDHME CHOINBHINSIÚN 1997 MAIDIR LE TOIRMEASC AR ÚSÁID, STOC-CHARNADH, TÁIRGEADH AGUS AISTRIÚ MIANACH FRITHPHEARSANRA AGUS MAIDIR LENA NDÍOTHÚ

Cúlra

Chun rannchuidiú le slándáil níos fearr don duine mar a beartaíodh trí Straitéis Slándála na hEorpa, trí ghlacadh le noirm agus cur chun feidhme an Choinbhinsiúin maidir le Toirmeasc ar Úsáid, Stoc-Charnadh, Táirgeadh agus Aistriú Mianach Frithphearsanra agus maidir lena nDíothú a chur chun cinn (“an Coinbhinsiún”). Leis an tionscadal seo, lena dtacaíonn an tAontas, thacófaí le hiarrachtaí na Stát is Páirtithe chun gnéithe éagsúla de Phlean Gníomhaíochta Osló 2020-2024 (an “OAP”), mar a ghlacadh ag an gceathrú Comhdháil Athbheithnithe i mí na Samhna 2019 é, a chur chun feidhme.

Leis an tionscadal atá beartaithe, chuirfí le Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/487/CBES agus le Cinntí 2012/700/CBES agus (CBES) 2017/1428 ón gComhairle, rud a chuideodh leis na hullmhúcháin don chúigiú Comhdháil Athbheithnithe ar an gCoinbhinsiún in 2024.

Tionscadal 1: Tacaíocht d’imréiteach mianach (Airteagal 5 den Choinbhinsiún), comhar agus cúnamh idirnáisiúnta (Airteagal 6 den Choinbhinsiún), agus trédhearcacht agus malartú faisnéise (Airteagal 7 den Choinbhinsiún) a chur chun feidhme

1.1. Cuspóirí

- An acmhainneacht a mhéadú maidir le héilliú ó mhianaigh fhrithphearsanra a thuairisciú lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, éilliú de chineál seiftithe.
- Oideachas atá sonrath don chomhthéacs a chur ar fáil maidir leis na rioscaí a ghabhann le mianaigh agus iarrachtaí a dhéanamh chun na rioscaí sin a laghdú.
- Acmhainneachtaí náisiúnta inbhuanaithe a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar limistéir nárbh eol cheana mianaigh a bheith leagtha iontu.
- Idirphlé rialta le geallsealbhóirí a mhéadú.
- Féachaint ar dheiseanna comhair (idirnáisiúnta, réigiúnacha, triantánacha agus theas-theas) chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá fós ann.
- An tuairisciú a dhéantar a fheabhsú i gcomhréir le OAP agus a tháscairí.

1.2. Tuairisc

Le hionchur ón gCoiste um Chur Chun Feidhme Airteagal 5 maidir le tíortha/réigiúin thairbhíocha a roghnú, reáchtálfai suas le cúig imeacht náisiúnta/réigiúnacha i gCríocha Mheiriceá, san Eoraip, san Áise Láir nó sna Áise Thoir Theas, i réigiún an Mheánoirthir agus na hAfraice Thuaidh (MENA), i gCorn na hAfraice agus i réigiúin fho-Shaháracha.

In idirphléití na ngeallsealbhóirí náisiúnta nó réigiúnacha dhéanfaí iarracht an comhar agus an cúnamh a fheabhsú tuilleadh maidir le cur chun feidhme Ghníomhaíochtaí OAP a bhaineann le hAirteagail 5, 6 agus 7 den Choinbhinsiún. I gcásanna áirithe, chuirfí béim ar leith sna hidirphléití sin ar mhianaigh fhrithphearsanra de chineál seiftithe a thuairisciú. Thabharfaí tús áite maidir le hidirphléití náisiúnta do Stáit a bhfuil spriocdhátaí ar na bacáin acu le haghaidh imréiteach mianach agus a bhfuil tacaíocht de dhíth orthu. Ina theannta sin, d’fhéadfaí idirphléití a reáchtáil i stáit atá gar don imréiteach mianach (Airteagal 5 den Choinbhinsiún) a thabhairt chun críche nó a thug chun críche le déanaí é i gcomhréir le Gníomhaíocht 26 OAP.

Ag cur lena baineadh amach san am a chuaigh thart, ar leibhéal dheartha bhainistithe agus chur chun feidhme na n-imeachtaí, d’fhéadfaí agus thabharfaí aird ar na riachtanais agus na dearcchá éagsúla atá ag mná, cailíní, buachaillí agus fir i bpobail a bhfuil tionchar ag mianaigh orthu, agus ag comhpháirtithe i ngníomhaíochtaí maidir le mianaigh.

Dhéanfadh an tAonad Tacaíochta Cur Chun Feidhme (ISU) agus an Stát tairbhíoch is Páirtí mar aon leis an eagraíocht idir-rialtasach ábhartha ar comhpháirtí san imeacht í nó a mbeadh an t-imeacht á chomh-óstáil aici na hidirphléití a eagrú agus a chomhéascú.

De mheon an chomhair ba dhlúth agus inneach don Choinbhinsiún, bheadh eintitis ábhartha de chuid an Aontais, Ballstáit ábhartha, an Coiste um Chur Chun Feidhme Airteagal 5 agus an Coiste um Fheabhsú Comhair agus Cúnaimh, ionadaithe deontóirí, gníomhaireachtaí de chuid na Náisiún Aontaithe, eagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta um imréiteach mianach, an Feachtas Idirnáisiúnta chun Mianaigh Thalún a Chosc (“ICBL”) agus geallsealbhóirí eile rannpháirteach. Dá n-éireodh urraíocht as an rannpháirtíocht sin, bheadh an rannpháirtíocht sin faoi réir na gcoinníollacha a bheadh le forbairt sa ráiteas tionchair bhuiséadaigh.

Féadfar dul i mbun gníomhaíochtaí leantacha arna dtacú ag ISU mar fhreagairt ar mholtaí ar toradh iad ar na hidirphléití nó a eascraíonn as barúlacha an Choiste ábhartha agus/nó as cinneadh ábhartha na Stát is Páirtithe (e.g. cinntí maidir le hiarrataí ar shíneadh). Ag cloí leis an gcleachtas seanbhunaithe, i gcás ina mbeadh na Ballstáit is tairbhíthe rannpháirteach i gcomhghuaillíochtaí idir tíortha nó i gcomhpháirtíochtaí leis an Aontas nó leis na Ballstáit, d'oibreodh ISU ar dhóigh chomhbheartaithe leis an Eintiteas nó leis an mBallstát sin.

1.3. Torthaí

- Faigheann ionadaithe stáit tuilleadh eolais ar an gcaoi le cur chun feidhme OAP a áirithiú trí bhithin comhairliúcháin chuimsitheacha le baill de na pobail a ndéantar difear dóibh.
- Bíonn ionadaithe stáit feasach ar an ngá atá le hacmhainneachtaí náisiúnta a bhunú, a luaithe is féidir agus i bhfad sula gcríochnaítear iad, chun aghaidh a thabhairt ar limistéir nua ina bhfuil mianaigh leagtha nó limistéir inar leagadh mianaigh cheana ach nach rabhtas ar an eolas fúthu.
- Déanann ionadaithe stáit acmhainneachtaí a fhorbairt chun feabhas a chur ar thuiriscíú OAP faoin treoir tuairiscíúcháin.
- Foghlaimíonn ionadaithe stáit faoin gcomhar agus faoin gcúnamh atá ar fáil chun tacú lena n-iarraichtaí cur chun feidhme, mar aon leis na céimeanna is féidir leo a thabhairt chun comhar agus cúnamh den sórt sin a spreagadh, lena n-áirítear trí ardáin náisiúnta gníomhaíochtaí um mianaigh a bhunú.
- Foghlaimíonn ionadaithe stáit faoi dhúshlán agus faoi bhearnaí i ndáil le cur chun feidhme a dtiomantas faoi OAP agus déanann siad meastóireacht, go háirithe, ar a seasamh i ndáil le táscairí OAP.
- Bunaithe ar na hidirphléití, breithníonn ionadaithe stáit an t-athbheithniú, an nuashonrú nó an fhorbairt ar straitéisí nó pleananna náisiúnta um imréiteach mianach.
- Cuirtear peirspictíochtaí éagsúla na mban, na gcáilíní, na mbuachaillí agus na bhfear mar aon le riachtanais mharthanóirí na mianaigh agus na bpobal atá buailte san áireamh agus áirithítear a rannpháirtíocht fhóinteach.

1.4. Tairbhíthe

- Mná, cailíní, buachaillí agus fir a mbíonn tionchar ar a saol toisc mianaigh fhrithphearsanra a bheith i láthair, nó amhras a bheith ann go bhfuil siad i láthair, i Stáit is Páirtithe atá i mbun oibleagáidí Airteagal 5 faoin gCoinbhinsiún a chur chun feidhme, nó a bhfuil na hoibleagáidí sin comhlíonta acu le déanaí.
- Ionadaithe Stáit a bhíonn ag obair ar shaincheisteanna a bhaineann le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin, agus go háirithe ar ghnéithe a bhaineann le himréiteach mianach, agus le hoideachas maidir leis an riosca ó mhianaigh agus le laghdú an riosca sin.

Tionscadal 2: Tacú le cúnamh d'íospartaigh, comhar agus cúnamh idirnáisiúnta (Airteagal 6 den Choinbhinsiún) agus trédhearcacht agus malartú faisnéise (Airteagal 7 den Choinbhinsiún) a chur chun feidhme

2.1. Cuspóirí

Cuirfidh Stáit is Páirtithe cúnamh d'íospartaigh ("CI") chun feidhme mar chuid de chur chuige níos leithne i leith cearta daoine faoi mhíchumas agus i leith na forbartha agus inscne agus riachtanais éagsúla marthanóirí mianach á gcur san áireamh, lena n-áirítear riachtanais na marthanóirí mianach i gceantair thuaithe agus iargúlta.

2.2. Tuairisc

Trí Phlean Gníomhaíochta Osló a ghlacadh, d'athdhearbhaigh na Stáit is Páirtithe a dtiomantas "rannpháirtíocht iomlán, chomhionann agus éifeachtach íospartach mianach sa tsochaí a áirithiú, bunaithe ar urraim do chearta an duine, do chomhionannas inscne, don chuimsiú agus don neamh-idirdhealú".

A bhúí le tacaíocht airgeadais a cuireadh ar fáil trí Chinneadh (CBES) 2017/1428, agus mar obair leantach ar an gcomhdháil dhomhanda dá dtagraítear i gCinneadh 2012/700/CBES, tháinig cleachtóirí ar son CI agus ar son cearta daoine faoi mhíchumas, ó Stáit is Páirtithe agus stáit nach páirtithe iad, le chéile le líon suntasach marthanóirí ag comhdháil dhomhanda chun comhpháirtíochtaí a bhuanú leosan atá ag obair ar son cearta daoine faoi mhíchumas ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Baineadh é sin amach a bhfuil le rannpháirtíocht aireachtaí náisiúnta ábhartha, agus le saineolas ollmhór a chuir Toscaire Speisialta Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe um Míchumas agus Inrochtaineacht, an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS), an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS), Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge (ICRC) agus saineagraíochtaí ar comhaltaí iad den Fheachtas Idirnáisiúnta chun Mianaigh Thalún a Chosc (ICBL) ar nós Humanity and Inclusion (HI), i measc eagraíochtaí eile, ar fáil.

Ag cur leis an méid sin, thacódh an tionscadal seo le tríú comhdháil dhomhanda, ina mbeadh cleachtóirí i réimse an chúnamh d'íospartaigh, a bhfuil taithí acu, Toscaire Speisialta na Náisiún Aontaithe um Míchumas agus Inrochtaineacht, agus Comhalta de Choiste an Choinbhinsiúin ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CRPD), chun athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme OAP agus chun rannchuidiú le plean gníomhaíochta nua a bheidh le glacadh ag an gcomhphobal idirnáisiúnta in 2024. Thionólfá an chomhdháil sin bliain ar a laghad roimh an gCúigiú Comhdháil Athbhreithnithe le rannpháirtíocht agus le hionchur Uachtarán Ainmní na Comhdhála Athbhreithnithe.

Le hionchur ón gCoiste um Chúnamh d'íospartaigh maidir le tíortha/réigiúin thairbhíocha a roghnú, chuirfí tacaíocht ón tionscadal ar fáil do Stáit is Páirtithe trí idirphléití náisiúnta agus/nó réigiúnacha idir geallsealbhoirí, le suas le cúig imeacht a réachtálfá i gCríocha Mheiriceá, san Eoraip, san Áise Láir nó sna Áise Thoir Theas, sa réigiún MENA, i gCorn na hAfraice agus i réigiúin fho-Shaháracha. Dhéanfaí iarracht leis na hidirphléití tacú le Stáit is Páirtithe a n-íarrachtaí il-earnála a neartú chun a áirithiú go mbeidh cur chun feidhme an chúnamh d'íospartaigh i gcomhréir le forálacha ábhartha CRPD. Dhéanfaí iarracht leis na hidirphléití cuimsiú agus rannpháirtíocht éifeachtach na n-íospartach mianach agus a n-eagraíochtaí ionadaíocha a neartú agus a áirithiú i bpléití maidir le hacmhainní a shlógadh agus a chinntiú agus seirbhísí a ráthú ó thaobh cearta de. Chun na naisc sin a neartú tuilleadh agus plean comhtháite a choinneáil chun acmhainneachtaí náisiúnta a thógáil agus a fhorbairt, dhéanfaí iarracht leis an tionscadal freisin Cruinnithe Saineolaithe i réimse CI a óstáil roimh chruinnithe na Stát is Páirtithe de réir mar ba ghá ach, ach i gcás ar bith, le trí huair.

Ag tógáil ar rath na n-imeachtaí san am atá caite, d'fhéachfaí, le linn na n-imeachtaí sin ar leibhéal an deartha, an bhainistithe agus an chur chun feidhme, ar phróiseas cuimsitheach ina gcuirfí san áireamh na riachtanais agus na dearchtaí éagsúla ag mná, cailíní, buachaillí agus fir a tháinig slán ó phléascadh mianach frithphearsanra, riachtanais agus dearchtaí na bpobal atá buailte ag mianaigh agus an phobail a bhíonn ag plé le cearta daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear marthanóirí mianaigh i gceantair thuaithe agus iargúlta. D'áiritheodh sé sin breisluach sna hiarrachtaí atá á ndéanamh ar an leibhéal náisiúnta.

Dhéanfadh ISU agus an Stát tairbhíoch is Páirtí na hidirphléití a eagrú agus a éascú; agus, i gcás inarb ábhartha, dhéanfaí sin leis an eagraíocht idir-rialtasach réigiúnach a chomhúraigh an t-idirphlé. De mheon an chomhair ba dhlúth agus inneach don Choinbhinsiún, bheadh eintitis ábhartha de chuid an Aontais, na Ballstáit ábhartha, an Coiste um Chúnamh d'íospartaigh agus an Coiste um Chomhar agus Chúnamh a Fheabhsú, Ionadaithe Deontóirí, Gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe lena n-áirítear an EDS agus Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus náisiúnta imréitigh mianach, ICRC agus geallsealbhoirí eile amhail an Feachtas Idirnáisiúnta chun Mianaigh Thalún a Chosc (ICBL) agus eagraíochtaí is comhaltaí amhail HI rannpháirteach. Dá n-éireodh urraíocht as an rannpháirtíocht sin, bheadh an rannpháirtíocht sin faoi réir na gcoinníollacha a bheidh le forbairt sa ráiteas tionchair bhuiséadaigh.

Féadfar dul i mbun gníomhaíochtaí leantacha arna dtacú ag ISU mar fhreagairt ar mholtaí ar toradh iad ar na hidirphléití nó a eascraíonn as barúlacha ábhartha an Choiste agus/nó as cinneadh ábhartha na Stát is Páirtithe (e.g. cinníú maidir le hiarrataí ar shíneadh). D'áireofaí air sin urraíocht ar chleachtóirí ábhartha cúnaimh d'íospartaigh agus/nó ionadaithe d'eagraíochtaí marthanóirí mianach chun páirt a ghlacadh i gcuairteanna malartaithe teicniúla nó chun freastal ar chruinnithe foirmiúla nó neamhfhoirmiúla den Choinbhinsiún. Ag cloí leis an gcleachtas seanbhunaithe, i gcás ina mbeadh na Ballstáit is tairbhíthe rannpháirteach i gcomhghuaillíochtaí nó i gcomhpháirtíochtaí leis an Aontas nó leis na Ballstáit, d'oibreodh ISU ar dhóigh chomhbheartaithe leis an eintiteas nó le gach páirtithe.

2.3. Torthaí

- Méadaítear ar eolas ionadaithe stáit ar an gcaoi is fearr chun freagairt ilearnála a áirithiú chun a n-oibleagáidí maidir le cúnaimh d'íospartaigh a chur chun feidhme, an cúnaimh d'íospartaigh a chomhtháthú i mbeartais, pleananna agus creata dlí náisiúnta níos leithne.
- Gnóthaíonn roinnt stáit tuiscint ar an ngá atá lena áirithiú go sanntar eintiteas rialtais ábhartha chun maoirseacht a dhéanamh ar chomhtháthú an chúnamh d'íospartaigh i gcreata níos leithne, agus ar an ngá atá le plean gníomhaíochta a fhorbairt atá bunaithe ar chuspóirí sonracha, intomhaiste, réadúla agus atá faoi cheangal ama chun tacú le híospartaigh mianach.
- I ndiaidh ghníomhaíochtaí an tionscadail méadaíonn stáit ar an gcuimsiú ina gcur chuige i leith cúnaimh d'íospartaigh, go háirithe trí rannpháirtíocht eagraíochtaí um chearta marthanóirí mianach nó eagraíochtaí um chearta daoine faoi mhíchumas a chur san áireamh nó an rannpháirtíocht sin a mhéadú sa phleanáil náisiúnta agus mar chuid de thoscaireachtaí.

- Foghlaimíonn ionadaithe stáit faoi dhúshláin agus faoi bhearnaí i ndáil lena dtiomantais faoi OAP a chur chun feidhme agus déanann siad meastóireacht, go háirithe, ar a seasamh i ndáil le táscairí OAP.
- Bunaithe ar na hIdirphléití, breithníonn ionadaithe stáit an t-athbhreithniú, an nuashonrú nó an fhorbairt ar a straitéisí náisiúnta maidir le daoine faoi mhíchumas.
- I ndiaidh ghníomhaíochtaí an tionscadail déanann eagraíochtaí marthanóirí mianach agus eagraíochtaí um chearta daoine faoi mhíchumas tuilleadh forbartha ar a n-acmhainneachtaí agus/nó cumhachtaítear iad.
- Déanann ionadaithe stáit acmhainneachtaí a fhorbairt chun feabhas a chur ar thuirisciú OAP faoin treoir tuairisciúcháin.
- Déanann Stáit agus eagraíochtaí ionadaíocha íospartach comhpháirtíochtaí a mhéadú le pobail ábhartha dhaonnúla, cothaithe síochána, forbartha agus pobail um chearta an duine agus Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaíthe á chur san áireamh.

2.4. Tairbhíthe

- Mná, cailíní, buachaillí, agus fir arna ngortú le mianaigh frithphearsanra agus iarsmaí pléascacha cogaidh eile i Stáit is Páirtithe ina bhfuil íospartaigh mianach, lena n-áirítear marthanóirí mianaigh i gceantair thuaithe agus iargúlta.
- Saineolaithe ar chúnamh d'íospartaigh ag obair ar shaincheisteanna a bhaineann le cúnamh d'íospartaigh.
- Cleachtóirí ar son cearta daoine faoi mhíchumas a bhíonn ag obair i stáit ina bhfuil líon suntasach marthanóirí mianach.

Tionscadal 3: Tacú le hiarrachtaí maidir le huiliú agus noirm an Choinbhinsiúin a chur chun cinn

3.1. Cuspóir

Go mbogfaidh stáit nach páirtithe iad níos gaire d'aontachas agus go n-éireoidh dáimh i measc oifigigh ábhartha leis an gCoinbhinsiún agus/nó leis an norm idirnáisiúnta in aghaidh mianaigh fhrithphearsanra.

3.2. Tuairisc

I nDearbhú Osló maidir le Domhan Saor ó Mhianaigh, tugann na stáit gealltanais na noirm a bunaíodh leis an gCoinbhinsiún “a chur chun cinn agus a chosaint”, agus chun “gach dícheall a dhéanamh an Coinbhinsiún a uiliú, bunaithe ar a gcuid oibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus an dlí um chearta an duine”.

Saináithnítear i bPlean Gníomhaíochta Osló (OAP) dhá ghníomhaíocht chun a áirithiú go dtiocfaidh méadú ar bhallraíocht sa Choinbhinsiún agus go n-eartófar noirm an Choinbhinsiúin. Le Gníomhaíochtaí OAP 11 agus 12, iarrtar ar na Stáit is Páirtithe na bealaí uile atá ar fáil a úsáid chun “daingniú an Coinbhinsiúin agus/nó aontachas leis a chur chun cinn ag stáit nach páirtithe iad lena n-áirítear trína rannpháirtíocht in obair an Choinbhinsiúin a spreagadh” agus “chun leanúint de chomhlíonadh uilechoiteann noirm agus chuspóirí an Choinbhinsiúin a chur chun cinn”.

Chuipe sin, agus le hionchur ó Uachtarán an Choinbhinsiúin agus ón ngrúpa neamhfhoirmiúil um uiliú, i gcás inarb ábhartha, dhéanfaidh an tionscadal iarrachtaí éagsúla ar mhaithe leis an uiliú. D'áireofaí leo sin cuairteanna ardleibhéil, cruinnithe teicniúla agus/nó ceardlanna, urraíocht ar oifigigh ábhartha ó na spriocstáit chun freastal ar chruinnithe an Choinbhinsiúin, agus cruinnithe ar leibhéal ambasadóirí i gceanncheathrú na Náisiún Aontaithe nó in aon cheann dá bhfo-cheanncheathrúna réigiúnacha.

Dhéanfaí cúig ghníomhaíocht ar a laghad le tacaíocht ó chomhphobal an Choinbhinsiúin, lena n-áirítear ó Bhallstáit an Aontais agus ó thoscaireachtaí an Aontais sna spriocstáit. Ag cloí leis an gcleachtas seanbhunaithe, i gcás ina bhfuil an tAontas nó na Ballstáit páirteach i gcomhghuaillíocht tíortha nó i gcomhpháirtíochtaí i spriocstáit, d'oibreodh ISU ar bhealach comhbheartaithe leis an eintiteas nó leis an mBallstát.

Nuair ba indéanta, tar éis an chur chuige pholaitiúil ardleibhéil réachtálfá ceardlanna teicniúla a bheadh bunaithe ar ionchur ó shaineolaithe ó na stáit atá ar thús cadhnaíochta i dtaca le hiarrachtaí um uiliú, an Feachtas Idirnáisiúnta chun Mianaigh Thalún a Chosc (ICBL), Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge (CICD), Foirne Tíre na Náisiún Aontaithe agus/nó eagraíochtaí ábhartha. Chuirfí na ceardlanna sin ar siúl ar leibhéal náisiúnta, fo-réigiúnach nó réigiúnach in éineacht le haireacht nó aireachtaí, le hinstiúidí nó institiúidí na spriocstáit. Dhéanfaí iarracht leis an tionscadal toscairí ábhartha a urrú ó spriocstáit chun freastal ar chruinnithe an Choinbhinsiúin. D'áiríteofaí ar an gcaoi sin go bhféadfadh na Stáit is Páirtithe obair leantach a dhéanamh le spriocstáit, agus go mbeadh na spriocstáit fós ag faire amach do chruinnithe an Choinbhinsiúin. Dhéanfaidh an ISU urraíocht den chineál sin a chomhordú mar a chheadaítear faoin ráiteas tionchair bhuiséadaigh.

Ina theannta sin, dhéanfaidh ISU cruinniú teicniúil um “obair leantach” ar leibhéal náisiúnta, fo-réigiúnach nó réigiúnach a óstáil le stát nár díriodh air cheana le Cinneadh ón Aontas nó le Gníomhaíocht Chomhpháirteach ón Aontas.

3.3. Torthaí

- Faigheann cinnteoirí i stáit nach páirtithe iad eolas níos mó ar an gCoinbhinsiún agus ar noirm an Choinbhinsiúin agus/nó eolas ar an tacaíocht atá ar fáil le haghaidh aontachais.
- Faigheann oifigigh stáit ábhartha tuiscint níos fearr ar obair an Choinbhinsiúin.
- Stáit nach bhfuil ina bpáirtithe go poiblí cuireann siad in iúl rapprochement nó dáimh leis an gCoinbhinsiún agus na noirm a ghabhann leis (e.g. freastal ar chruinniú foirmiúil nó neamhfoirmiúil den Choinbhinsiún).
- Mar thoradh ar na misin, cuirtear dlús le gníomhaíocht náisiúnta maidir le mianaigh agus/nó spreagtar arís geallsealbhóirí san uiliú chun an t-uiliú sin a éileamh.
- Cuirtear ról an Aontais maidir leis an gCoinbhinsiún a chur chun cinn i dtreis i measc phobal an Choinbhinsiúin, oifigigh an Aontais féin agus stáit nach páirtithe iad.
- Soláthraíonn ar a laghad spriocstát amháin nach páirtí é tuarascáil dheonach Airteagal 7.

3.4. Tairbhíthe

- Stáit nár dhaingnigh, nár fhormheas, nár ghlac an Coinbhinsiún go fóill nó nár aontaigh dó.
- Stáit is Páirtithe agus eagraíochtaí idirnáisiúnta agus neamhrialtasacha atá páirteach in iarrachtaí uiliú an Choinbhinsiúin a chur chun cinn.
- Mná, cailíní, buachaillí agus fir sna stáit sin ina gcuirtear cosc ar mhianaigh thalún i bhfeidhm.

Tionscadal 4: Tacaíocht do mhalartaí a thabhairt de rogha ar mhianaigh fhrithphearsanra bheo a úsáid le haghaidh oiliúna (Airteagal 3 den Choinbhinsiún) agus comhar agus cúnamh méadaithe (Airteagal 6)

4.1. Cuspóir

Stáit a choinníonn mianaigh frithphearsanra chun críoch a cheadáítear, gníomhóidh siad maidir le Gníomhaíochta OAP 16, lena n-áirítear trí thuairisciú a mhéadú, agus le Gníomhaíocht OAP 17 trí iniúchadh a dhéanamh ar roghanna eile seachas mianaigh fhrithphearsanra bheo.

4.2. Tuairisc

Tá 66 Stát is Páirtí ann faoi láthair agus tá níos mó ná 150 000 mianach frithphearsanra á gcoinneáil acu chun críoch a cheadáítear faoi Airteagal 3 den Choinbhinsiún. Cé go léiríonn faisnéis a fuarthas ó Stáit is Páirtithe go bhfuil an líon sin ag laghdú, le blianta fada anuas níor chuir ach dornán beag Stáit is Páirtithe faisnéis trédhearcachta bhliantúil isteach maidir lena mianaigh frithphearsanra ar coinneáil.

Chun tacú leis na Stáit is Páirtithe ar mian leo gníomhú ar Gníomhaíochtaí 16 agus 17 OAP, le hionchur ó Uachtarán an Choinbhinsiúin, thacódh an tionscadal atá beartaithe le seimineár náisiúnta nó réigiúnach dá n-iarrfadh dhá Stát ar a laghad cúnamh den sórt sin. Is féidir le Stáit is Páirtithe, lena n-áirítear na Ballstáit, agus eagraíochtaí ábhartha ceachtanna a foghlaimíodh agus treochláir a chur ar fáil in ionad mianaigh frithphearsanra bheo a úsáid le haghaidh oiliúna. Ag cloí leis an gcleachtas seanbhunaithe, i gcás ina bhfuil an tAontas nó na Ballstáit páirteach i gcomhghuaillíocht tíortha nó i gcomhpháirtíochtaí le stáit is tairbhíthe, d'oibreodh ISU ar bhealach comhbheartaithe leis an eintiteas sin nó leis an mBallstát sin.

Thacódh an tionscadal freisin le ceardlann theicniúil maidir le roghanna eile seachas mianaigh bheo fhrithphearsanra a úsáid. Aon uair is ábhartha agus/nó aon uair is indéanta, d'iarrfaí ar Bhallstáit an Aontais agus ar Stáit eile is Páirtithe na ceachtanna a foghlaimíodh a roinnt maidir le roghanna eile le haghaidh oiliúna agus taighde, agus/nó maidir le díothú na mianach frithphearsanra atá á gcoinneáil, rud a chuirfeadh tuilleadh feabhais ar an gcomhar agus ar an gcúnamh i measc phobal an Choinbhinsiúin. Chuige sin, ghlacfaidh an Coiste um Chomhar Comhlíontachta, agus an Coiste um Chomhar agus Cúnamh a Fheabhsú páirt.

4.3. Torthaí

- Méadaíonn na Stáit is Páirtithe a dtuairisciú ar Airteagal 3 den Choinbhinsiún i dtuascálacha bliantúla trédhearcachta.
- Na Stáit is Páirtithe ar féidir leo, comhoibríonn siad leis na Stáit is Páirtithe ar mian leo gníomhú maidir le gealltanais Airteagal 3, agus maidir le Gníomhaíochtaí OAP 16 agus 17 agus tugann siad cúnaimh dóibh.
- Gnóthaíonn Stáit is Páirtithe a bhfuil líon mór mianaigh fhithphearsanra ar coinneáil acu eolas cothrom le dáta, le tús déanta ag Stát is Páirtí amháin ar a laghad maidir le roghanna eile a úsáid le haghaidh oiliúna.

4.4. Tairbhíthe

- Stáit is Páirtithe a bhfuil gealltanais tugtha acu faoi Airteagal 3.
- Oifigigh Stáit atá freagrach as cláir oiliúna um imréiteach mianach.
- Mná, cailíní, buachaillí agus fir i Stáit is Páirtithe ina ndéantar mianaigh frithphearsanra ar coinneáil a dhíothú.

Tionscadal 5: Tiomantas an Aontais agus a mBallstát a léiriú agus a n-infheictheacht a áirithiú

5.1. Cuspóir

Go mbeidh tuiscint ag pobal an Choinbhinsiúin agus ag stáit is tairbhíthe ar rannchuidiú an Aontais agus a mBallstát le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin; agus go mbeidh oifigigh de chuid an Aontais agus oifigigh a mBallstát feasach ar an gCinneadh agus ar an mbaint a d'fhéadfadh a bheith aige lena gcuid oibre.

5.2. Cur síos

De réir mar ab amhlaidh i gcás na gCinntí ón gComhairle agus na Gníomhaíochta Comhpháirtí a bhí ann roimhe seo, ghabhfadh an ISU de chúram air féin aird a tharraingt ar ról an Aontais agus na mBallstát i measc chomhphobal an Choinbhinsiúin agus sna Stáit is tairbhíthe agus sna spriocstáit. Chuige sin agus faoin bPlean Cumarsáide agus Infheictheachta, thionólfadh ISU, agus seisiúin faisnéise thráthrialta, go háirithe le linn chruinnithe an Choinbhinsiúin i rith chéim chur chun feidhme an Tionscadail agus thionólfadh sé imeacht clabhsúir.

Chuirfeadh ISU feachtais san meán ar siúl agus scaipfeadh sé foilseacháin ina gcuirfí a raibh bainte amach ag an gCoinbhinsiún chun cinn. D'áiritheodh ISU gur cuireadh i dtreis ról an Aontais san fheachtas sin.

De réir mar a bunaíodh sa chleachtas roimhe seo, chuirfeadh ISU tuascálacha insinte míosúla faoi bhráid an Aontais agus tuascálacha ráithiúla faoin bhráid Aontais agus faoi bhráid na mBallstát maidir le cur chun feidhme an tionscadail.

5.3. Torthaí

- Bheadh oifigigh de chuid an Aontais agus oifigigh a mBallstáit feasach ar an gCinneadh seo agus ar an mbaint a d'fhéadfadh a bheith aige lena gcuid oibre.
- Chuirfí tiomantas an Aontais agus na mBallstát don Choinbhinsiún agus do ghníomhú ginearálta i leith mianach os comhair na Stát is Páirtithe agus daoine ar fud an domhain ar spéis leo slándáil an duine.
- Neartófaí feasacht ar chuspóirí an Choinbhinsiúin i measc an chomhphobail idirnáisiúnta.

CINNEADH (CBES) 2021/258 ÓN gCOMHAIRLE**an 18 Feabhra 2021****lena leasaítear Cinneadh 2011/101/CBES maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiombáib**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 15 Feabhra 2011, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2011/101/CBES ⁽¹⁾ maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiombáib.
- (2) Rinne an Chomhairle athbhreithniú ar Chinneadh 2011/101/CBES, agus an staid pholaitiúil sa tSiombáib á cur san áireamh.
- (3) Ba cheart síneadh a chur leis na bearta sriantacha go dtí an 20 Feabhra 2022. Ba cheart don Chomhairle athbhreithniú leanúnach a dhéanamh orthu i bhfianaise forbairtí polaitiúla agus slándála sa tSiombáib
- (4) Ba cheart an iontráil do dhuine éagtha amháin a scriosadh ó liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá ainmnithe in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2011/101/CBES. Ba cheart na bearta sriantacha a athnuachan do thriúr agus d'eintiteas amháin a leagtar amach san Iarscríbhinn sin, agus ba cheart an fhaisnéis aitheantais agus na forais atá leis an ainmniú a thabhairt cothrom le dáta do bheirt a leagtar amach san Iarscríbhinn sin. Ba cheart fionraí na mbearta sriantach a athnuachan do thriúr a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh sin agus ba cheart duine éagtha amháin a scriosadh ó Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh sin.
- (5) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2011/101/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2011/101/CBES mar seo a leanas:

- (1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

“Airteagal 10

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.
 2. Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 20 Feabhra 2022.
 3. Déanfar na bearta dá dtagraítear in Airteagal 4(1) agus Airteagal 5(1) agus (2), a mhéid a bhaineann siad le daoine a liostaítear in Iarscríbhinn II, a chur ar fionraí go dtí an 20 Feabhra 2022.
 4. Déanfar an Cinneadh seo a choimeád faoi athbhreithniú leanúnach agus déanfar é a athnuachan, nó a leasú de réir mar is iomchuí, má mheasann an Chomhairle nár comhlíonadh a chuspóirí.”;
- (2) cuirtear Iarscríbhinn I in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo;
 - (3) leasaítear Iarscríbhinn II mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(¹) Cinneadh 2011/101/CBES ón gComhairle an 15 Feabhra 2011 maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Siombáibe (IO L 42, 16.2.2011, lch. 6).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Feabhra 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. P. ZACARIAS

IARSCRÍBHINN I

NA DAOINE AGUS NA HEINTITIS DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAIL 4 AGUS 5

I. Daoine

	Ainm (agus aon ailiasanna)	Faisnéis aitheantais	Na forais atá leis an ainmniú
2.	MUGABE, Grace	Rugadh an 23.7.1965 Pas AD001159 ID 63-646650Q70	Iar-Rúnaí Léig na mBan de chuid ZANU-PF ((Aontas Náisiúnta Afracach na Siombáibe – Fronta Tírghrách) (Zimbabwe African National Union – Patriotic Front)), páirteach i ngníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn go mór ón daonlathas, ón urraim do chearta an duine agus ón smacht reachta. Ghlac an Iron Mask Estate chuici féin in 2002; líomhnaítear go mbaineann sí brabúis mhóra go hainleathach as mianadóireacht diamant.
5.	CHIWENGA, Constantine	Leas-Uachtarán Iar-Cheannasaí ar Fhórsaí Cosanta na Siombáibe, Ginearál ar scor a rugadh an 25.8.1956 Pas AD000263 ID 63-327568M80	Leas-Uachtarán agus iar-Cheannasaí ar Fhórsaí Cosanta na Siombáibe. Comhalta den Cheannas Oibríochtúil Comhpháirteach (Joint Operational Command) agus comhpháirteach i mbeartas stáit diansmachtúil a cheapadh nó a stiúradh. Bhain sé úsáid as an arm chun feirmeacha a tháthcheangal. Le linn na dtoghchán in 2008, bhí lámh ar leith aige i gcruthú an fhoréigin a bhain leis an bpróiseas don dara babhta den toghchán uachtaráin.
7.	SIBANDA, Phillip Valerio (dá ngairtear Valentine freisin)	Ceannasaí ar Fhórsaí Cosanta na Siombáibe Iar-Cheannasaí ar Arm Náisiúnta na Siombáibe, Ginearál, a rugadh an 25.8.1956 nó an 24.12.1954 ID 63-357671H26	Ceannasaí ar Fhórsaí Cosanta na Siombáibe agus iar-Cheannasaí ar Arm Náisiúnta na Siombáibe. Ball sinsearach den arm a bhfuil naisc aige leis an Rialtas agus atá comhpháirteach i mbeartas stáit diansmachtúil a cheapadh nó a stiúradh.

II. Eintitis

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Na forais atá leis an ainmniú
1.	Zimbabwe Defence Industries	10th floor, Trustee House, 55 Samora Machel Avenue, PO Box 6597, Harare, Zimbabwe.	Tá baint ag Zimbabwe Defence Industries leis an Aireacht Cosanta agus le mionghrúpa ZANU-PF an Rialtais.

IARSCRÍBHINN II

In Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2011/101/CBES, scriostar an iontráil maidir leis an duine seo a leanas:

“4. Shiri, Perence (dá ngairtear Bigboy freisin) Samson Chikerema”

CINNEADH (AE, Euratom) 2021/259 ÓN gCOIMISIÚN
an 10 Feabhra 2021

lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme maidir le slándáil thionsclaíoch i ndáil le deontais rúnaicmithe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 249 de,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ⁽¹⁾,

Ag féachaint do Chinneadh (AE, Euratom) 2015/443 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir le Slándáil sa Choimisiún ⁽²⁾,

Ag féachaint do Chinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe de chuid an Aontais Eorpaigh a chosaint ⁽³⁾,

Ag féachaint do Chinneadh (AE, Euratom) 2017/46 ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2017 maidir le slándáil na gcóras cumarsáide agus faisnéise a úsáideann an Coimisiún Eorpach ⁽⁴⁾,

Tar éis dul i gcomhairle le Grúpa Saineolaithe Slándála an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 41(5) de Chinneadh (AE, Euratom) 2015/444,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Foráiltear le hAirteagail 41, 42, 47 agus 48 de Chinneadh (AE, Euratom) 2015/444 go leagfar síos forálacha níos mionsonraithe chun forlíonadh agus tacaíocht a thabhairt do Chaibidil 6 den Chinneadh sin i rialacha cur chun feidhme maidir le slándáil thionsclaíoch, lena rialófar saincheisteanna amhail dámhachtain comhaontuithe deontais rúnaicmithe, imréitigh slándála saoráide, imréitigh slándála pearsanra, cuairteanna, agus tarchur agus iompar faisnéise rúnaicmithe de chuid an Aontais Eorpaigh ("FRAE").
- (2) Luaitear i gCinneadh (AE, Euratom) 2015/444 go bhfuil comhaontuithe deontais rúnaicmithe le cur chun feidhme i ndlúthchomhar leis an údarás um shlándáil náisiúnta, leis an údarás slándála ainmmithe nó le haon údarás inniúil eile de chuid na mBallstát lena mbaineann. D'aontaigh na Ballstáit a áirithiú go mbeidh imréiteach slándála iomchuí ag aon eintiteas faoina ndlínse a fhéadfaidh faisnéis rúnaicmithe de thionscnamh an Choimisiúin a fháil nó a ghiniúint agus go mbeidh sé in ann cosaint oiriúnach a sholáthar atá coibhéiseach leis an gcosaint a thugtar le rialacha slándála Chomhairle an Aontais Eorpaigh i ndáil le faisnéis rúnaicmithe de chuid an Aontais Eorpaigh ar a bhfuil marc aicmiúcháin comhfhreagrach a chosaint, amhail dá bhforáiltear sa Chomhaontú idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le cosaint faisnéise rúnaicmithe a mhalartaítear ar mhaithe le leas an Aontais Eorpaigh (2011/C 202/05) ⁽⁵⁾.

⁽¹⁾ IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

⁽²⁾ IO L 72, 17.3.2015, lch. 41.

⁽³⁾ IO L 72, 17.3.2015, lch. 53.

⁽⁴⁾ IO L 6, 11.1.2017, lch. 40.

⁽⁵⁾ IO C 202, 8.7.2011, lch. 13.

- (3) Chomhaontaigh an Chomhairle, an Coimisiún agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an chomhsheasmhacht is mó is féidir a áirithiú i gcur i bhfeidhm na rialacha slándála maidir leis an gcosaint a dhéanann siad ar FRAE, agus a riachtanais shonracha institiúideacha agus eagraíochtúla á gcur san áireamh, i gcomhréir leis na dearbhuithe a ghabhann le miontuairiscí sheisiún na Comhairle inar glacadh Cinneadh 2013/488/AE ón gComhairle ⁽⁶⁾ maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe de chuid an Aontais Eorpaigh a chosaint.
- (4) Dá bhrí sin, le rialacha cur chun feidhme an Choimisiúin maidir le slándáil thionsclaíoch i ndáil le deontais rúnaicmithe, ba cheart, freisin, an chomhsheasmhacht is mó is féidir a áirithiú agus na Treoirlínte maidir le Slándáil Thionsclaíoch a d'fhormheas Coiste Slándála na Comhairle an 13 Nollaig 2016 a chur san áireamh.
- (5) An 4 Bealtaine 2016, ghlac an Coimisiún cinneadh ⁽⁷⁾ lena dtugtar cumhacht don Chomhalta den Choimisiún atá freagrach as cúrsaí slándála na rialacha cur chun feidhme dá bhforáiltear in Airteagal 60 de Chinneadh (AE, Euratom) 2015/444 a ghlacadh, thar ceann an Choimisiúin agus faoina fhreagracht,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL 1

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Leagtar amach leis an gCinneadh seo rialacha cur chun feidhme maidir le slándáil thionsclaíoch i ndáil le deontais rúnaicmithe de réir bhrí Chinneadh (AE, Euratom) 2015/444, agus go háirithe Caibidil 6 den Chinneadh sin.
2. Leagtar síos leis an gCinneadh seo ceanglais shonracha lena áirithiú go ndéanfar faisnéis rúnaicmithe de chuid an Aontais Eorpaigh (FRAE) a chosaint nuair a bheidh glaonna á bhfoilsíú, nuair a bheidh deontais á ndámhachtain agus nuair a bheidh na comhaontuithe deontais rúnaicmithe arna dtabhairt i gcrích ag an gCoimisiún Eorpach á gcur chun feidhme.
3. Tá feidhm ag an gCinneadh seo maidir le deontais lena mbaineann faisnéis a aicmítear ar na leibhéil seo a leanas:
 - (a) RESTREINT UE/EU RESTRICTED;
 - (b) CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL;
 - (c) SECRET UE/EU SECRET.
4. Tá feidhm ag an gCinneadh seo gan dochar do rialacha sonracha a leagtar síos i ngníomhartha dlíthiúla eile, amhail na cinn sin a bhaineann leis an gClár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta.

Airteagal 2

Freagrachtaí laistigh den Choimisiún

1. Mar chuid de na freagrachtaí atá ar oifigeach údarúcháin an údaráis deonúcháin dá dtagraítear i Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, áiritheoidh sé go gcomhlíonfaidh an deontas rúnaicmithe Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 agus a rialacha cur chun feidhme.

⁽⁶⁾ Cinneadh 2013/488/AE ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2013 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe de chuid an Aontais Eorpaigh a chosaint (IO L 274, 15.10.2013, lch. 1).

⁽⁷⁾ Cinneadh ón gCoimisiún an 4 Bealtaine 2016 maidir le cumhachtú a bhaineann le slándáil [C(2016) 2797 final].

2. Chuige sin, lorgóidh an t-oifigeach údarúcháin lena mbaineann, ag gach céim, comhairle ó údarás slándála an Choimisiúin maidir le saincheisteanna a bhaineann le gnéithe slándála de chomhaontú deontais, de chlár nó de thionscadal rúnaicmithe, agus cuirfidh sé an t-oifigeach slándála áitiúil ar an eolas faoi na comhaontuithe deontais rúnaicmithe sínithe. Is é an t-údarás deonúcháin a dhéanfaidh an cinneadh maidir leis an leibhéal aicmiúcháin atá ag ábhair shonracha agus déanfar é sin agus aird chuí á tabhairt ar an treoir rúnaicmithe maidir le slándáil.

3. I gcás ina gcuirfear i bhfeidhm na treoracha slándála cláir nó tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 5(3), comhlíonfaidh an t-údarás deonúcháin agus údarás slándála an Choimisiúin na freagrachtaí a shanntar dóibh sna treoracha sin.

4. Agus ceanglais na rialacha cur chun feidhme sin á n-urramú, rachaidh údarás slándála an Choimisiúin i ndlúthchomhar leis na húdaráis um shlándáil náisiúnta (“ÚSNanna”) agus na húdaráis slándála ainmnithe (“ÚSAnna”) de chuid na mBallstát lena mbaineann, go háirithe maidir le himréitigh slándála saoráide (“ISSanna”) agus imréitigh slándála pearsanra (“ISPanna”), nósanna imeachta um chuirteanna agus pleananna iompair.

5. I gcás inarb iad gníomhaireachtaí feidhmiúcháin de chuid an Aontais nó comhlachtaí cistiúcháin eile de chuid an Aontais a bhainisteoidh deontais agus nach mbeidh feidhm ag na rialacha sonracha a leagtar síos i ngníomhartha dlíthiúla eile dá dtagraítear in Airteagal 1(4):

- (a) is í an roinn de chuid an Choimisiúin a dhéanann an tarmligean a fheidhmeoidh na cearta a bhaineann le tionscnóir FRAE a ghinfeadh i gcomhthéacs na ndeontas má fhoráiltear amhlaidh le socrúithe an tarmligin;
- (b) is í an roinn de chuid an Choimisiúin a dhéanann an tarmligean a bheidh freagrach as an aicmiúchán slándála a chinneadh;
- (c) is trí údarás slándála an Choimisiúin a sheolfar iarrataí ar fhaisnéis a bhaineann le himréiteach slándála agus a sheolfar na fógraí chuig ÚSNanna agus/nó ÚSAnna.

CAIBIDIL 2

GLAONNA AR DHEONTAIS RÚNAICMITHE A LÁIMHSEÁIL

Airteagal 3

Bunphrionsabail

1. Ní dhéanfaidh ach tairbhíthe atá cláraithe i mBallstát codanna rúnaicmithe de na deontais a chur chun feidhme, nó tairbhíthe atá cláraithe i dtríú tír nó tairbhíthe a bhunaigh eagraíocht idirnáisiúnta iad i gcás ina mbeidh comhaontú um shlándáil faisnéise tugtha i gcrích ag an tríú tír sin nó ag an eagraíocht idirnáisiúnta sin leis an Aontas nó ina mbeidh socrú riaracháin déanta aici leis an gCoimisiún ⁽⁸⁾, .

2. Sula seolfaidh sé glao ar dheontas rúnaicmithe, cinnfidh an t-údarás deonúcháin an t-aicmiúchán slándála a bheidh ag aon fhaisnéis a d'fhéadfaí a chur ar fáil d'iarratasóirí. Cinnfidh an t-údarás deonúcháin freisin an t-aicmiúchán uasta slándála a bheidh ag aon fhaisnéis a úsáidtear nó a ghintear i bhfeidhmiú an chomhaontaithe deontais, an chlár nó an tionscadail, nó ar a laghad méid réamh-mheasta agus cineál na faisnéise a bheidh le táirgeadh nó le láimhseáil, agus an gá atá le córas cumarsáide agus faisnéise (CCF) rúnaicmithe.

3. Áiríteoidh an t-údarás deonúcháin go gcuirfear faisnéis ar fáil i nglaoanna ar dheontais rúnaicmithe faoi na hoibleagáidí slándála speisialta a bhaineann le faisnéis rúnaicmithe. Sa doiciméadacht a bhaineann leis an nglao, áireofar soiléirithe faoin amlíne le haghaidh tairbhíthe chun na ISSanna a fháil, i gcás ina gceanglófar iad a bheith ann. Tá teimpléid shamplacha in Iarscríbhinn I agus II i gcomhair faisnéis maidir le coinníollacha an ghlaio.

⁽⁸⁾ Tá liosta de na comhaontuithe atá tugtha i gcrích ag an Aontas agus de na socrúithe riaracháin atá déanta ag an Coimisiún Eorpach, faoinar féidir faisnéis rúnaicmithe de chuid an Aontais Eorpaigh a mhalartú le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

4. Áiritheoidh an t-údarás deonúcháin nach nochtfar faisnéis a aicmítear mar RESTREINT UE/EU RESTRICTED, CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET d'iarratasóirí go dtí go mbeidh comhaontú rúndachta sínithe acu, lena gcuirfear d'oibleagáid ar iarratasóirí FRAE a láimhseáil agus a chosaint i gcomhréir le Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444, lena rialacha cur chun feidhme agus leis na rialacha náisiúnta is infheidhme.

5. I gcás ina soláthrófar faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED d'iarratasóirí, áireofar sa ghlaio nó sna socruithe rúndachta a thabharfar i gcrích ag céim an togra na híoscheanglais a luaitear in Airteagal 5(7) den Chinneadh seo.

6. Na hiarratasóirí agus na tairbhíthe uile a gceanglaítear orthu faisnéis a aicmítear mar CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET a láimhseáil nó a stóráil laistigh dá saoráidí, bíodh sin ag céim an togra nó le linn fheidhmiú an chomhaontaithe deontais rúnaicmithe féin, beidh ISS ar an leibhéal is gá acu, ach amháin i gcásanna a luaitear i mír 9. Sainaitnítear leis an méid seo a leanas na trí chás a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn chéim an togra le haghaidh deontas rúnaicmithe lena mbaineann FRAE ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET:

(a) gan rochtain a bheith ar FRAE ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL ná SECRET UE/EU SECRET le linn chéim an togra:

I gcás ina mbainfidh an glao le deontas a mbeidh FRAE ann ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET, ach nach gceanglófar ar an iarratasóir faisnéis den sórt sin a láimhseáil ag céim an togra, ní dhéanfar iarratasóir nach bhfuil ISS aige ar an leibhéal is gá a eisiáimh ón bpróiseas iarratais ar na forais nach bhfuil ISS aige.

(b) rochtain a bheith ar FRAE ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET ar áitreabh an údaráis deonúcháin le linn chéim an togra:

Tabharfar rochtain do phearsanra an iarratasóra a bhfuil ISP acu ar an leibhéal is gá agus a bhfuil riachtanas eolais acu.

(c) láimhseáil nó stóráil FRAE ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET ar áitreabh an údaráis deonúcháin le linn chéim an togra:

I gcás ina gceanglófar sa ghlaio go ndéanfaidh iarratasóirí FRAE a láimhseáil nó a stóráil ar a n-áitribh, beidh ISS ag an iarratasóir ar an leibhéal is gá. Sna himthosca sin, gheobhaidh an t-údarás deonúcháin, trí údarás slándála an Choimisiúin, dearbhú ón ÚSN nó ón ÚSA ábhartha gur deonaíodh ISS iomchuí don iarratasóir sula gcuirfear aon ábhar FRAE ar fáil don iarratasóir. Tabharfar rochtain do phearsanra an iarratasóra a bhfuil ISP acu ar an leibhéal is gá agus a bhfuil riachtanas eolais acu.

7. I bprionsabal, ní bheidh gá le ISS ná ISP chun rochtain a fháil ar fhaisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED, ag céim an togra nó chun an comhaontú deontais a fheidhmiú. I gcás ina gceanglóidh Ballstáit ISS nó ISP a bheith ann le haghaidh comhaontuithe deontais nó fochonarthaí ar leibhéal RESTREINT UE/EU RESTRICTED faoina ndlíthe agus a rialacháin náisiúnta, mar a liostaítear in Iarscríbhinn IV, ní chuirfidh na ceanglais náisiúnta sin aon oibleagáid bhreise ar Bhallstáit eile ná ní eisiafar iarratasóirí, tairbhíthe ná fochonraitheoirí ó Bhallstáit nach bhfuil na ceanglais ISS ná ISP sin acu le haghaidh rochtain a fháil ar fhaisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED ó chomhaontuithe deontais nó fochonarthaí gaolmhara, ná ón iomaíocht dá leithéid. Déanfar na comhaontuithe deontais sin a fheidhmiú sna Ballstáit i gcomhréir lena ndlíthe agus a rialacháin náisiúnta.

8. I gcás ina gceanglófar ISS a bheith ann chun glao a láimhseáil agus chun comhaontú deontais rúnaicmithe a chur chun feidhme, cuirfidh an t-údarás deonúcháin iarraidh, trí údarás slándála an Choimisiúin, faoi bhráid ÚSN nó ÚSA an tairbhí agus úsáid á baint as bileog faisnéise um imréiteach slándála saoráide nó as aon fhoirm leictreonach a bhfuil sé suite gur ceann coibhéiseach í. Tá sampla de bhileog faisnéise um imréiteach slándála saoráide in Iarscríbhinn III, Foscríbhinn D ⁽⁹⁾. Cuirtear freagra ar bhileog faisnéise um imréiteach slándála saoráide ar fáil, a mhéid is féidir, laistigh de 10 lá oibre ó dháta na hiarrata.

9. I gcás ina nglacfaidh bunáochtaí rialtais de chuid na mBallstát nó bunáochtaí faoi rialú a rialtas páirt i ndeontais rúnaicmithe a gceanglaítear ISSanna a bheith ann ina leith, agus i gcás nach n-eisofar ISSanna i leith na mbunáochtaí sin faoi dhlíthe náisiúnta, fíoróidh an t-údarás deonúcháin leis an ÚSN nó an ÚSA lena mbaineann, trí údarás slándála an Choimisiúin, an bhfuil ar chumas na mbunáochtaí rialtais sin FRAE a láimhseáil ar an leibhéal is gá.

⁽⁹⁾ Féadfaidh an leagan amach atá ar fhoirmeacha eile a bheith éagsúil ón sampla a chuirtear ar fáil sna rialacha cur chun feidhme sin.

10. I gcás ina mbeidh gá le ISP chun comhaontú deontais rúnaicmithe a fheidhmiú agus, de réir rialacha náisiúnta, ina mbeidh gá le ISS sula ndeonófar ISP, seiceálfaidh an t-údarás deonúcháin le ÚSN nó ÚSA an tairbhí, trí údarás slándála an Choimisiúin, agus úsáid á baint aige as bileog faisnéise um imréiteach slándála saoráide, go bhfuil ISS ag an tairbhí nó go bhfuil an próiseas ISS ar bun acu. Sa chás sin, ní eiseoidh an Coimisiún iarrataí ar ISPanna trí úsáid a bhaint as bileog faisnéise um imréiteach slándála pearsanra.

Airteagal 4

Fochonraitheoireacht i gcás deontais rúnaicmithe

1. Saineofar sa ghlaio agus sa chomhaontú deontais na coinníollacha faoina bhféadfaidh tairbhíthe cúraimí gníomhaíochta a bhfuil FRAE ag baint leo a chur ar fochonradh. Aireofar leis na coinníollacha sin an ceanglas gur trí údarás slándála an Choimisiúin a chuirfear isteach gach bileog faisnéise um imréiteach slándála saoráide. Beidh fochonraitheoireacht faoi réir toiliú i scríbhinn a fháil roimh ré ón údarás deonúcháin. I gcás inarb infheidhme, comhlíonfaidh fochonraitheoireacht an bunghníomh lena mbunaítear an clár.

2. Ní chuirfear codanna rúnaicmithe de na deontais ar fochonradh ach amháin chuig eintitis atá cláraithe i mBallstát, nó chuig eintitis atá cláraithe i dtrú tír nó a bhunaigh ag eagraíocht idirnáisiúnta iad i gcás ina bhfuil comhaontú um shlándáil faisnéise tugtha i gcrích ag an trú tír sin nó ag an eagraíocht idirnáisiúnta sin leis an Aontas nó ina bhfuil socrú riaracháin déanta aici leis an gCoimisiún ⁽¹⁰⁾.

CAIBIDIL 3

DEONTAIS RÚNAICMITHE A LÁIMHSEÁIL

Airteagal 5

Bunphrionsabail

